



GNÍOMHAÍOCHTAÍ LE hAGHAIDH BITHÉAGSÚLACHTA 2011-2016

PLEAN NÁISIÚNTA BITHÉAGSÚLACHTA
NA hÉIREANN



An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

Clúdach: "Bog Cotton on Enismore Bog" le Jimmy Deenihan, T.D. Péinteáilte ag Cill Rialaig,



GNÍOMHAÍOCHTAÍ LE hAGHAIDH BITHÉAGSÚLACHTA 2011-2016

Fís na hÉireann maidir le Bithéagsúlacht

“Go ndéanfar bithéagsúlacht agus éiceachórais na hÉireann a chaomhnú agus a athchóiriú, sa chaoi go gcuirfear tairbhí ar fáil atá riachtanach do gach earnáil sa tsochaí agus go dtacóidh Éire le hiarrachtaí chun stop a chur le cailteanas bithéagsúlachta agus le díghrádú na n-éiceachóras san AE agus ar fud an domhain.”



Réamhrá an Aire



Táimid inár gcónaí i dtír ina bhfuil oidhreacht nádúrtha shaibhir. Mar Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, tá an phribhléid agam go bhfeicim roinnt mhaith de na limistéir fiadhúlra is fearr agus mé i mbun mo chuid oibre, ach bhí spéis riamh agam sa nádúr agus chaith mé go leor ama ag siúl sna sléibhte agus sna portaigh timpeall ar m'áit chónaithe i gCiarraí.

Cuireann bithéagsúlacht bia, uisce glan, ábhair thógála agus na rudaí riachtanacha eile ar fáil dúinn nach féidir linn maireachtáil gan iad. Tacaítear léi le hearnálacha geilleagracha ríthábhachtacha amhail an talmhaíocht agus an turasóireacht. Ar na cúiseanna sin amháin ba cheart dúinn ár ndícheall a dhéanamh a bhfuil againn a chosaint.

Ullmhaíodh an plean seo os comhair cúlra ina bhfuil práinn ag méadú ar an leibhéal idirnáisiúnta agus Eorpach maidir leis an mbithéagsúlacht a chosaint in aghaidh brúnna méadaithe agus cailleanais. Tá na Náisiún Aontaithe tar éis na práinne sin a aithint agus tá an tréimhse 2011-2020 ainmnithe mar an “Deich mBlíana um Bithéagsúlacht”. Tá oibleagáid idirnáisiúnta ar gach tír dul leis an gcúis sin. D’fhéadfadh sé nach mbeidh tionchar na ngníomhaíochtaí a dhéantar anois le feiceáil go ceann blianta fada mar sin má táimid chun rudaí a chur ina gceart ní mór dúinn tosú láithreach.

Is céim thábhachtach é feasacht a spreagadh maidir leis na saincheistanna chun ár gcuspóirí a chomhlíonadh i dtaca le stop a chur le cailleanas bithéagsúlachta agus ár n-éiceachórais a chosaint. Más féidir linn na príomhpháirtithe leasmhara, na feirmeoirí, an earnáil ghnó nó an pobal i gcoitinne, a chur ar an eolas maidir leis an gceangal idir an bhithéagsúlacht agus na seirbhísí a bhfuil siad ag brath orthu, agus tionchar a bheith againn orthu, cuirfear feabhas ar rath na ngníomhaíochtaí nach mór dúinn a ghlacadh. Baineann tábhacht ar leith leis an bhfeasacht sin a spreagadh i measc páistí, ós rud é go bhfanadh sé leo tríd a saol agus ar an gcaoi sin chabhródh sé chun na príomhtheachtaireachtaí a chur ar aghaidh. Nuair a bhí mé i mo mhúinteoir, bhain mé an-sásamh as imeachtaí ar nós siúlóidí dúlra a eagrú, chun súile na bpáistí a oscailt dár dtimpeallacht nádúrtha agus dá tábhacht. Mar sin tá áthas ar leith orm faoi na ngníomhaíochtaí a bheidh le déanamh chun feasacht a fheabhsú san earnáil oideachais.

Agus cúrsaí geilleagracha mar atá, tá sé riachtanach freisin taighde a dhéanamh ar an luach eacnamaíoch a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus le seirbhísí éiceachórais. Ní mór dúinn cinntí a dhéanamh i go leor earnálacha ar bhealach ina dtugtar san áireamh an tionchar a d’fhéadfadh a bheith againn ar na seirbhísí sin, agus tá a fhios maith againn anois go mbaineann costas níos ísle leis na ngníomhaíochtaí iomchuí a dhéanamh anois ná mar a bheadh i gceist dá mbeadh orainn iad a athsholáthar nó a athbhunú amach anseo.

Tá an-áthas orm, mar sin, Gníomhaíochtaí le haghaidh na Bithéagsúlachta 2011-2016 a fhoilsiú, is é sin Dara Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta na hÉireann, ina bhfuil 102 gníomhaíocht i dtreo an bhithéagsúlachta a thuiscint agus a chosaint in Éirinn agus fiú amháin thar lear.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann i mo Roinn as a gcuid oibre ar an bPlean seo, chomh maith leo siúd a rinne aighneachtaí i bpróiseas an chomhchomhairliúcháin leis an bpobal. Táim ag tnúth leis an dúshlán an Plean a chur chun feidhme thar na blianta amach romhainn de mheon comhoibrithe le feirmeoirí, foraoiseoirí, iascairí, eagraíochtaí comhshaoil agus stáit agus daoine eile nach mór dóibh a bheith rannpháirteach.

**Jimmy Deenihan, T.D.,
An tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta**

Liosta na Nasc	IV
1. RÉAMHRÁ	1
2. STRAITÉIS	7
2.1 Gníomhaíocht Dhomhanda maidir leis an mBithéagsúlacht	8
2.2 Gníomhaíocht an AE maidir leis an mBithéagsúlacht	9
2.3 An Bhaint le Straitéisí agus le Téamaí eile	10
2.4 Forbairt an Phlean sin	11
2.5 Fís na hÉireann maidir leis an mBithéagsúlacht	11
2.6 Na Príomhpháirtithe	12
3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ LE HAGHAIDH BITHÉAGSÚLACHTA	15
3.1 Ag Glacadh Freagrachta	17
3.2 Eolas a neartú agus Feasacht a Spreagadh	22
3.3 Bithéagsúlacht a Chosaint agus a Athbhunú in Éirinn	28
3.4 Bithéagsúlacht a Chosaint agus a Athbhunú go hIdirnáisiúnta	44
Aguisín	
Liosta de chuspóirí, spriocanna, gníomhaíochtaí agus táscairí	48

CONTENTS

Naisc le haghaidh Faisnéis Bhreise

Bithéagsúlacht Idirnáisiúnta

Meicníocht um Theach Imréiteach Bithéagsúlachta na hEorpa: <http://biodiversity-chm.eea.europa.eu/>

Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch: <http://www.cbd.int/>

Tairseach Airteagail 17: <http://bd.eionet.europa.eu/article17>

Tionscnamh ar Eacnamaíocht na nÉiceachóras agus na Bithéagsúlachta (TEEB) : <http://www.teebweb.org/>

Saoráid faisnéise faoi bithéagsúlacht dhomhanda: www.gbif.org

Spriocanna Forbartha na Milaoise: <http://www.un.org/millenniumgoals/>

Coinbhinsiún Ramsar um Bogaigh: <http://www.ramsar.org/>

Coinbhinsiún Bonn maidir le Speicis Imirceacha: <http://www.cms.int/>

Conradh Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí le haghaidh Bia agus Talmhaíochta: <http://www.planttreaty.org/>

An Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES): <http://www.cites.org/>

Cur i bhfeidhm CITES (An Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol) in Éirinn: <http://www.npws.ie/legislationandconventions/cites/citesintheeireland/>

Coinbhinsiún Bern maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa: <http://www.coe.int/t/dg4/cultureheritage/nature/Bern/>

Forálacha maidir le Rochtain agus Roinnt Tairbhí an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch: <http://www.cbd.int/abs/>

Bithéagsúlacht an AE

An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil: <http://www.eea.europa.eu/themes/biodiversity>

An Coimisiún Eorpach: http://ec.europa.eu/environment/nature/index_en.htm

Bithéagsúlacht Náisiúnta

An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil: <http://www.eea.europa.eu/themes/biodiversity>

An Coimisiún Eorpach: http://ec.europa.eu/environment/nature/index_en.htm

Bithéagsúlacht Náisiúnta

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra: www.npws.ie

Notice Nature: <http://www.noticenature.ie/>

Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta: <http://www.biodiversityireland.ie/>

Ardán Náisiúnta um Thaighde Bithéagsúlachta: <http://www.biodiversityresearch.ie/>

An Chomhairle Oidhreachta : www.heritagecouncil.ie

Tuilleadh faisnéise faoi Phleananna Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil: <http://www.heritagecouncil.ie/wildlife/heritage-council-initiatives/local-biodiversity-action-plan/>

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara : <http://www.agriculture.gov.ie/>

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil: [http://www.viron.ie/en/](http://www.environ.ie/en/)

Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha: <http://www.dcenr.gov.ie/>

Speicis Ionracha Éireann: www.invasivespeciesireland.com

Reachtaíocht na hÉireann: www.irishstatutebook.ie

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil: www.epa.ie

Bord na Móna : www.bordnamona.ie

Foras na Mara: <http://www.marine.ie/Home/>

Teagasc: <http://www.teagasc.ie/>

COFORD Taighde Foraoiseachta: <http://www.coford.ie/>

Coillte: <http://www.coillte.ie/>

lascaigh: <http://www.fisheriesireland.ie>

Oifig na nOibreacha Poiblí: <http://www.opw.ie>

Cúnamh Éireann: <http://www.irishaid.gov.ie/>

NGOanna Comhshaoil na hÉireann

<http://www.ien.ie/membership/>

Eagraíochtaí Úinéirí Talún

Feirmeoirí Aointaithe na hÉireann: <http://www.ifa.ie/>

Cumann Soláthróirí Baine Uachtarlainne na hÉireann <http://www.icmsa.ie/>

Cumann Fheirmeoirí Eallach agus Caorach na hÉireann: <http://www.icsaireland.com/>

Macra na Feirme: <http://www.macra.ie/>

Cumann Saothróirí Adhmaid na hÉireann: <http://www.itga.ie/>

1. RÉAMHRÁ



Bithéagsúlacht - Cén fáth An bhFuil Sí Tábhachtach?

Ciallaíonn éagsúlacht bitheolaíochta nó "bithéagsúlacht" éagsúlacht na mbeathachruthanna go léir ar Domhan. Cuid dhílis den bithéagsúlacht is ea an chine dhaonna agus is féidir linn dea-thionchar nó drochthionchar a imirt air. Cuireann bithéagsúlacht bia, breosla, cógais leighis agus na rudaí riachtanacha eile sin ar fáil dúinn nach féidir linn maireachtáil gan iad agus is comhpháirt ríthábhachtach í an bithéagsúlacht de na seirbhísí a sholáthraíonn an dúlra saor in aisce do gach ball den chine dhaonna. Ba é a dúirt Ban Ki-moon, Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe,

"...tacaíonn bithéagsúlacht le feidhmiú na n-éiceachóras ar a mbraithimid le haghaidh bia agus uisce úir, sláinte agus áineasa, agus cosaint ó thubaistí nádúrtha. Má chailltear í, rachaidh sé sin i gcion orainn go cultúrtha agus go spioradálta araon. D'fhéadfadh sé a bheith níos deacra é sin a mheas, ach fós tá sé fíorthábhachtach dár bhfolláine."

Glactar leis go forleathan go bhfuil sé de dhualgas morálta orainn ar fad iarracht a dhéanamh breathnú i ndiaidh an domhain agus a gnáthoga agus a speicis ar mhaithe lenár leas féin agus le leas na nglún atá le teacht.

Cén bithéagsúlacht atá againn in Éirinn?

D'fhoilsigh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta fardal le déanaí de bithéagsúlacht na tíre i dtuarascáil dar teideal "State of Knowledge, Ireland's Biodiversity 2010". Tá níos mó ná 31,000 speiceas in Éirinn, agus is inveirteabraigh 60% díobh. Níl ach 10% díobh i measc na speiceas mar phlandaí, éin agus mhamaigh a d'aithneodh formhór na tíre iad. Meastar go bhfuil ar a laghad, 7,000 speiceas algaí agus fungas go fóill in Éirinn gan nochtadh.

Is i gcomhshaol na mara atá cuid mhaith de shaibhreas bithéagsúlachta na hÉireann. Chomh maith leis an réimse mór cineálacha inveirteabrach atá againn, tá líon mór speiceas míolta móra agus deilfeanna againn, chomh maith le coilíneachtaí móra póraithe éan mara, cineálacha coiréal fuaruisce sna farraigí doimhne agus go leor speiceas atá ag maireachtáil ar na teorainneacha thuaidh nó theas dá raon dáileacháin.

Tá Éire ina háit thábhachtach sosa agus ceann scríbe ag éin imirceacha agus tá líonta suntasach éan anseo atá gann in áiteanna eile san Eoraip, chomh maith le líonta éan bogaigh a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leo.



Grianghraf: Robert Thompson

Tá tábhachtach idirnáisiúnta ag go leor dár ngnáthóga toisc go bhfuil áiteanna mar iad gann san Eoraip agus toisc go bhfuil líonta speicis ar leith le fáil iontu. Tá an scéal amhlaidh cé nach bhfuil an éagsúlacht chéanna flóra agus fána againn i gcomparáid le mór-roinn na hEorpa, toisc go bhfuilimid scoite amach ón chuid eile agus de bharr tionchar na hoighearaoise.

Is beag speiceas uathúil nó dúchasach atá againn i gcomparáid lena bhféadfaí a bheith ag súil leis ar oileán. Mar sin féin tá saintréithe uathúla ag roinnt speiceas ar dócha go raibh siad in Éirinn roimh an oighearaois dheireanach agus ar éirigh leo teacht slán. Áirítear orthu siúd an Giorria (*Lepus timidus*) agus Sead Chill Airne.

Chomh maith le cúrsaí bithéagsúlachta is iomaí éiceachóras tábhachtach atá againn a chuireann seirbhísí éagsúla ar fáil dúinn saor in aisce agus a chuireann a lán buntáistí ar fáil don tsochaí agus don gheilleagar; baineann siad le ceithre phríomhchatagóir:

- Seirbhísí soláthair (soláthraítear bia agus uisce, srl. dúinn)
- Seirbhísí rialála (m.sh. rialú aeráide agus galar)
- Seirbhísí tacaíochta (m.sh. rialáitear timthriallacha cothaitheach agus pailnítear barraí)
- Seirbhísí cultúrtha (mar shampla buntáistí spioradálta agus áineasa)

An bhfuil rath ar bithéagsúlacht na tíre?

Tá Éire ar cheann den 193 tír a shínigh an Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (dá ngairfear an Coinbhinsiún nó an CBD as seo amach) chomh maith le Ballstáit eile an AE agus an AE féin. In 2002, thiomnaigh Páirtithe an Choinbhinsiúin, Éire san áireamh, do laghdú suntasach a bhaint amach i ráta reatha an chailteanas bithéagsúlachta ar leibhéil dhomhanda, réigiúnacha agus náisiúnta faoi 2010, mar chuidiú chun bochtaineacht a mhaolú agus ar son leas gach duine ar fud an domhain. Sa bhliain 2006, leag an Coimisiún Eorpach amach mar sprioc stop a chur le cailteanas bithéagsúlachta faoi 2010; sprioc nach bhfuil bainte amach.

Sa mheasúnú a rinne an Coimisiún le déanaí dúirt sé gur léir go bhfuil gnáthóga nádúrtha a gcaillteanas, a ndíghrádú agus á mblaghadh san Eoraip agus go bhfuil an oiread sin brú á chur ar éiceachórais iomlána go bhfuil an baol ann go scriosfar iad. Tá an scéal i bhfad níos measa ar fud an domhain: Tá bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais á gcailleadh ar ráta a chuirfeadh scanradh ar

dhuine. Tá sé níos práinní ná mar a bhí riamh cheana feidhmiúlacht na n-éiceachóras a

choinneáil. De bharr treochtaí reatha, táimid ag éirí níos cóngaraí do roinnt pointí cinniúna a d'fhéadfadh cumas na n-éiceachóras chun na seirbhísí sin a sholáthar a laghdú go tubaisteach. Sáraíonn lorg éiceolaíoch an chine dhaonna acmhainn bhitheolaíoch an Domhain i bhfad níos mó ná mar a sháraigh sé é ag tús na Mílaoise.

Mar sin féin, léirigh measúnú an AE go ndearnadh dul chun cinn suntasach i roinnt réimsí, ar nós na hoibre a rinneadh maidir le críochnú líonra Natura 2000 na Limistéar faoi Chosaint. Is líonra Eorpach é seo de láithreáin thábhachtacha éiceolaíochta atá comhdhéanta de Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAnna), a bunaíodh faoin Treoir maidir le hÉin ón AE (79/409/CEE), agus de Limistéir Chaomhantais Speisialta (SACanna), a bunaíodh faoin Treoir maidir le Gnáthóga ón AE.

Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ar bhonn náisiúnta le deich mbliana anuas, níor cuireadh stop le cailteanas bithéagsúlachta in Éirinn. Meastar go bhfuil stádas lag nó dona ag a lán dár ngnáthóga agus ag roinnt dár speicis.

De réir an Tríú Ionchas Domhanda Bithéagsúlachta, arna eisiúint ag an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch in 2010, tá na cúig phríomhbhrú atá ina gcúiseanna díreacha maidir le cailteanas bithéagsúlachta ag dul i méid nó ag fanacht mar a bhí siad. Is iad na brúnna sin athrú gnáthóige, róshaothrú, truailliú, speicis choimhthíocha ionracha agus athrú aeráide. Is iomaí comhartha atá ann go bhfuil an bithéagsúlacht ag dul i léig i gcónaí ar fud an domhain. Cuimsítear iontu seo:

- Cailteanas bithéagsúlachta agus seirbhísí éiceachórais de bharr bloghadh agus dhíghrádú forleathan foraoisí, aibhneacha agus éiceachóras.



Giorria
Grianghraf: Eddie Dunne



Bumbóg Earr-Dhonnbhúí
Grianghraf: NPWS

- Tá éagsúlacht ghéiniteach barraí agus beostoic ag dul i léig i gcónaí i gcórais talmhaíochta;
- Tá speicis a ndearnadh measúnú orthu maidir le riosca díobhaidh i mbaol níos mó díobhadh ar an meán. Is iad amfaibiaigh is mó atá i mbaol agus is iad speicis de choiréal is mó atá ag dul i léig. Meastar go bhfuil beagnach an ceathrú cuid de speicis planda an domhain faoi bhagairt díobhaidh;
- Tharla laghdú beagnach aon trian ar an raidhse speicis veirteabracha ar an meán idir 1970 agus 2006, agus tá sé fós ag titim ar fud an domhain;
- Tá laghdú ag teacht i gcónaí maidir le méid agus sláine ar gnáthóga nádúrtha sa chuid is mó den domhan. Maidir le bogaigh fhionnuisce, gnáthóga muirighir, riasca goirt, sceireacha coiréil, grinnill féir mhara agus sceireacha sliogéisc, tá meath tromchúiseach ag teacht orthu, cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta chun an ráta cailleanais a mhoilliú maidir le foraoisí agus mangróibh thrópaiceacha i roinnt réigiún.



Páirc Náisiúnta Chonamara
Grianghraf: NPWS

Bithéagsúlacht agus Folláine an Duine


Leagann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte béim ar an chaoi a bhfuil sláinte agus slite beatha táirgiúla daoine ag brath ar tháirgí agus ar sheirbhísí éiceachórais, mar shampla uisce úr, aer úr, bia agus foinsí breosla. Féadann cailleanas na bithéagsúlachta dul i bhfeidhm go díreach ar shláinte an duine murar leor na seirbhísí éiceachórais chun freastal ar riachtanais shóisialta a thuilleadh. Ina theannta sin, déantar fionnachtana suntasacha leighis agus cógaseolaíochta mar thoradh ar thuiscint níos fearr ar an mbithéagsúlacht in Éirinn agus ar fud an domhain. Mar thoradh ar chailleanas bithéagsúlachta, d'fhéadfadh sé nach dtiocfaí ar an líon céanna cóireálacha féideartha le haghaidh go leor galar agus fadhbanna sláinte. Bíonn tionchar dearfach ag earraí agus seirbhísí éiceachórais ar chur chun cinn na sláinte, ar mhonatóireacht na sláinte, ar shláinte an phobail agus ar chostais bhainistíochta na sláinte poiblí, agus cuirtear i mbaol iad nuair a théann an bithéagsúlacht i léig agus nuair a thagann athrú ar an éiceachóras.

Luach Eacnamaíoch na Bithéagsúlachta

Is iad bithéagsúlacht, éiceachórais agus acmhainní nádúrtha ár gcaipiteal nádúrtha. Aithnítear i bPlean Téarnaimh Náisiúnta na hÉireann 2011 - 2014 agus in 'Ag Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann' (2008), go mbraitheann rathúnas eacnamaíoch ar chothabháil agus ar fheabhsú ár sócmhainní, lena n-áirítear ár gcaipiteal nádúrtha. Tá cúrsaí achrannacha eacnamaíoch in Éirinn faoi láthair agus tá tús áite á thabhairt d'athchóiriú ar an geilleagair náisiúnta. Tá sé níos tábhachtaí ná riamh ina leithéid de chás béim a leagan ar an gcaoi a bhfuil tairbhe gheilleagrach le fáil ó bhithéagsúlacht agus ó sheirbhísí éiceachórais. Tá réimse cúrsaí comhshaoil ann a baineann le caomhnú bithéagsúlachta atá mar bhonn agus mar thaca ag roinnt earnálacha tábhachtacha eacnamaíoch, agus iad ag tacú le fostaíocht agus le pobail áitiúla.

Dar le hEagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, tá 40% de gheilleagar an domhain bunaithe go díreach nó go hindíreach ar úsáid acmhainní bitheolaíochta. Tá sé sin ar cheann de na fáthanna is treise go ndéanfaí éiceachórais, gnáthóga agus speicis a chosaint.

Ó thaobh na hÉireann de, is léir go dtugtar tacaíocht dár n-earnáil talmhaíochta trí sheirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais (mar shampla uisce glan, ithir agus pailniú srl.). Measadh in 2008 sa staidéar Éireannach 'The Economic and Social Benefits of Biodiversity' gurbh fhiú breis is €2.6 billiún in aghaidh na bliana seirbhísí éiceachórais na tíre maidir lena n-aschur táirgiúil agus lena n-áirgiúlacht dhaonna. Maidir leis an talmhaíocht meastar gurb é €1 bhilliún in aghaidh na bliana luach an bhiothra ithreach do chomhshamhlú agus d'athchúrsáil cothaitheach, ach dá mbeifí ag brath níos mó ar phailniú, d'fhéadfaí luach breise €220m in aghaidh na bliana a bhaint amach. Is é is luach do shrianadh bonnlíne lotnaidí ná €20m in aghaidh na bliana roimh choigiltis mheasta de €2m in aghaidh na bliana maidir le lotnaidicídí. Measadh gur fiú tairbhí na feirmeoireachta inbhuanaithe ó thaobh áirgiúlachta poiblí de agus €50m in aghaidh na bliana ar a laghad. Luacháiltear leibhéal na seirbhísí éiceachórais ón bhforaoiseacht ag €55m in aghaidh na bliana, ach d'fhéadfaí go mbeadh luach €80m in aghaidh na bliana i gceist leis dá ndéanfaí foraoiseacht níos íogaire don chomhshaoil a chleachtadh, agus d'fhéadfadh luach níos airde fós a bheith ann dá ndéanfaí an fhoraoiseacht leathanduilleach a leathnú.



Báid lascaigh i gCuan Cill Ala
Grianghraf: NPWS

Measadh gur fiú $\approx 180\text{m}$ in aghaidh na bliana an ghabháil reatha d'iasc taobh na cé ach go bhféadfadh sé a bheith dhá oiread níos mó dá ndéanfaí na stoic éisc a bhainistiú go hinbhuanaithe. Luacháiltear talmhaíocht agus tionscal na feamainne ag breis is $\approx 50\text{m}$ in aghaidh na bliana, gan luach comhshamlaithe dramhaíola ag aibhneacha a áireamh. Leagtar luach sealadach na seirbhísí éiceachórais a sholáthraíonn an bhithéagsúlacht d'acmhainní fionnuisce ag suas le $\text{€}385\text{m}$ in aghaidh na bliana.

Is meastacháin choimeádacha iad sin, agus tá siad bunaithe ar na sonraí atá ar fáil. Is dóigh go bhfuil an fíorluach i bhfad níos airde. Léiríonn na figiúir go soiléir gur fiú éiceachórais fholláine a chaomhnú fiú amháin ar mhaithe lena luach eacnamaíoch amháin. Bheadh costais i bhfad níos airde le híoc dá ndéanfaí faillí ar éiceachórais agus dá mbeadh sé riachtanach iad a athchóiriú.

Cuid an-tábhachtach de gheilleagar na hÉireann í earnáil na Turasóireachta agus táthar ag díriú uirthi mar réimse fáis. Tá eagraíochtaí mar Fáilte Éireann ag obair chun ár n-oidhreacht nádúrtha a chur os comhair na dturasóirí agus ag iarraidh inbhuanaitheacht chomhshaoil a chur chun cinn. Léirítear go seasta le suirbhéanna ar thurasóirí gurb iad áilleacht nádúrtha na tíre agus cultúr na hÉireann na príomhchúiseanna a bhíonn acu le teacht anseo. Tá ról tábhachtach ag an mbithéagsúlacht agus ag éiceachórais maidir leis an íomhá sin a choimeád beo; tá sócmhainní tábhachtacha mar struchtúir chosanta, thírdhreacha áille, láithreán a bhfuil tábhacht eolaíochta ag baint leo agus Páirceanna Náisiúnta againn in Éirinn ar féidir iad a úsáid sna hiarrachtaí chun tuilleadh turasóirí a mhealladh chugainn.

Is éard atá sa Tionscnamh maidir le hEacnamaíocht na nÉiceachóras agus na Bithéagsúlachta (TEEB) ná tionscadal leanúnach faoin CBD chun scrúdú a dhéanamh ar na gnéithe geilleagracha a bhaineann le cosaint na bithéagsúlachta agus iad a chur chun cinn. I measc na bhfoilseachán tá treoir do lucht déanta beartas d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chothú agus caomhnú níos fearr a dhéanamh ar na héiceachórais agus ar bhithéagsúlacht agus ar ról na ndreasachtaí geilleagracha maidir le hiompair i leith an chomhshaoil a athrú.

Cur Chuige an Éiceachórais

Ciallaíonn "Éiceachóras" córas casta dinimiciúil na líonta plandaí, ainmhithe agus miocrorgánach mar aon leis an timpeallacht neamhbheo timpeall orthu agus iad ag idirghníomhú le chéile mar aonad feidhme. (Airteagal 2 den Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch)



Is é Chur Chuige an Éiceachórais an phríomhchreat i gcomhair gníomhaíochtaí faoin gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus is é an sainmhíniú a thugtar air ná straitéis maidir le bainistiú comhtháite talún, uisce agus acmhainní beo ina gcuirtear caomhnú agus úsáid inbhuanaithe chun cinn ar bhealach cothrom. Tá sé bunaithe ar chur i bhfeidhm na modheolaíochtaí cuí eolaíochta atá dírithe ar leibhéil eagraíochta bitheolaíche a chuimsíonn na próisis, feidhmeanna agus idirghníomhaíochtaí riachtanacha idir orgánaigh agus a dtimpeallacht. Aithníonn sé gur cuid lárnach de na héiceachórais iad daoine, agus a n-éagsúlacht chultúrtha. Cuirfear an cur chuige seo i bhfeidhm thar thréimhse ama sna cleachtais bhainistíochta i leith na bpríomh-éiceachóras.

Réitíonn cuspóirí agus gníomhaíochtaí an Phlean seo leis an gcur chuige sin chomh fada agus is féidir. Tá dhá phrionsabal déag i gCur Chuige an Éiceachórais.



Páirc Náisiúnta Chonamara
Grianghraf: NPWS

'CUR CHUIGE AN ÉICEACHÓRAIS'

1. Is ábhar rogha don tsochaí iad na cuspóirí maidir le bainistiú talún, uisce agus acmhainní beo.
2. Ba cheart bainistíocht a dhílárú chuig an leibhéal is ísle is iomchuí.
3. Ba cheart do bhainisteoirí éiceachórais féachaint ar thionchair (iarbhír nó fhéideartha) a ngníomhaíochtaí ar éiceachórais in aice leo nó ar éiceachórais eile.
4. Agus gnóthachain fhéideartha ó bhainistiú á n-aithint, is gá tuiscint a fháil ar an éiceachóras i gcomhthéacs eacnamaíoch agus é a bhainistiú dá réir de ghnáth. Ba cheart an méid seo a leanas a bheith i gceist le clár bainistíochta éiceachórais ar bith:
 - (i) saobhadh margaidh a dhéanann dochar d'éagsúlacht bhitheolaíoch a laghdú;
 - (ii) ailíniú na spreagthaí chun caomhnú na bithéagsúlachta agus úsáid inbhuanaithe a chur chun cinn; agus
 - (iii) costais agus tairbhí a inmheánú san éiceachóras áirithe sin chomh fada agus is féidir.
5. Ba cheart go mbeadh caomhnú struchtúir agus fheidhmiú éiceachóras, chun seirbhísí éiceachórais a

choinneáil, ina sprioc tosaíochta de chur chuige an éiceachórais.

6. Ní mór éiceachórais a bhainistiú laistigh de theorainneacha a bhfeidhmithe.
7. Ba cheart cur chuige an éiceachórais a ghlacadh ar na scálaí ama agus spásúlachta iomchuí.
8. Ag féachaint do na scálaí ama éagsúla agus na moilleanna atá ina dtréithe de phróisis éiceachórais, ba cheart cuspóirí bainistithe éiceachórais a leagan síos ar bhonn fadtéarmach.
9. Ní mór don lucht bainistíochta a aithint go bhfuil athrú dosheachanta.
10. Ba cheart an chothromaíocht chuí idir caomhnú agus úsáid na héagsúlachta bitheolaíche a lorg, agus iad a chomhtháthú le cur chuige an éiceachórais.
11. Ba cheart breathnú ar gach cineál faisnéis ábhartha, lena n-áirítear faisnéis eolaíochta, eolas áitiúil agus dúchasach, nuálaíochtaí agus cleachtais, le cur chuige an éiceachórais.
12. Ba cheart na hearnálacha ábhartha uile den tsochaí agus de dhisciplíní eolaíochta a bheith san áireamh i gcur chuige an éiceachórais.



Caipín Dubh
Grianghraf: Robert Thompson

2. STRAITÉIS



IMEACHTAÍ LE DÉANAÍ

Mar a léiríodh i gCaibidil 1, ní dhearnadh mar a gealladh maidir le laghdú suntasach a dhéanamh ar an ráta caillteanais bithéagsúlachta reatha ar an leibhéal domhanda, réigiúnach ná náisiúnta roimh 2010. Dá bhrí sin tháinig na Páirtithe a shínigh an Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch ar chomhaontú faoi cuspóirí nua i Nagoya na Seapáine i nDeireadh Fómhair 2010 maidir le phlean straitéiseach don tréimhse 2011-2020 "Ag maireachtáil i gComhréir leis an Dúlra" (féach thíos).

I Nollaig 2010 thacaigh Airí Comhshaoil an AE le thorthaí comhdhála Nagoya agus iarradh ar Choimisiún an AE deimhin a dhéanamh go mbeidh spriocanna ábhartha Phlean Straitéisigh an CBD á gcur i bhfeidhm trí straitéis bithéagsúlachta na hEorpa amach anseo agus go ndéanfar comhtháthú ar spriocanna ábhartha Phlean Straitéisigh an CBD trí gach próiseas athchóirithe beartas atá ar siúl faoi láthair ar leibhéal an AE, m.sh. an Comhbheartas lascaireachta agus an Comhbheartas Talmhaíochta.

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a Straitéis Bithéagsúlachta nua le déanaí i gcumarsáid dar teideal "Ár n-árachas saoil, ár gcaipiteal nádúrtha: straitéis bithéagsúlachta an AE go dtí 2020". Thacaigh Airí Comhshaoil an AE leis an straitéis i mí an Mheithimh 2011.



Convention on Biological Diversity

2.1 Gníomhaíocht Dhomhanda Maidir leis an mBithéagsúlacht

Comhaontú domhanda is ea an Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch. Leagtar síos ann na tiomantais maidir le héagsúlacht agus feidhmiúlacht éiceachóras an domhain a choinneáil agus tíortha ag leanúint ar aghaidh le forbairt geilleagrach. Bunaíodh trí phríomhspríoc leis an gCoinbhinsiún: caomhnú na héagsúlachta bitheolaíche; úsáid inbhuanaithe a chomhpháirteanna; agus comhroinnt chóir agus chothrom na dtairbhí a bhaintear ó acmhainní géiniteacha a úsáid.

Clúdaítear gach éiceachóras, speiceas agus acmhainn ghéiniteach sa Choinbhinsiún agus aithnítear ann nach mór iad a úsáid chun tairbhe an chine daonna, Mar sin féin, cuirfear faoi deara ann gur ceart é sin a dhéanamh ar bhealach nach mbeadh meath fadtéarmach na héagsúlachta bitheolaíche mar thoradh air. Leagtar béim sa Choinbhinsiún ar thábhacht phrionsabal an réamhchúraim i gcásanna ina bhfuil baol suntasach ann go

gcaillfear an éagsúlacht bhitheolaíoch, agus nár ceart easpa deimhneachta eolaíche a úsáid mar chúis le bearta a chur ar atráth chun an baol a sheachaint nó a íoslaghdú. Tá infheistíocht shuntasach de dhíth chun an éagsúlacht bhitheolaíoch a chaomhnú ach is é tuairim an Choinbhinsiúin go mbainfimid tairbhí suntasacha comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta as an gcaomhnú sin.

Cuireann an Coinbhinsiún iallach ar Éirinn agus ar pháirtithe conarthachta eile bearta a ghlacadh maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na héagsúlachta bitheolaíche. Is creatlach é an Coinbhinsiún agus níl liostaí de láithreáin agus speicis le caomhnú ann; cinneann gach tír conas a chomhlíonfaidh sí spriocanna agus cuspóirí foriomlána an Choinbhinsiúin. Tá príomhoibleagáidí na hÉireann mar chomhpháirtí an chonartha liostaithe thíos. Tá dualgas ar thíortha pleananna nó straitéisí náisiúnta a ullmhú ar bhonn tréimhsiúil d'fhonn spriocanna agus cuspóirí an Choinbhinsiúin a bhaint amach. Iarrtar ar thíortha freisin tuarascálacha náisiúnta a sholáthar maidir le stádas na bithéagsúlachta, treochtaí bithéagsúlachta agus bagairtí ar an mbithéagsúlacht ina ndlínsí féin agus maidir le héifeachtacht a bpleananna bithéagsúlachta náisiúnta chun spriocanna agus cuspóirí an Choinbhinsiúin a chomhlíonadh; Sholáthair Éire a 4ú Tuarascáil Náisiúnta in 2010.

PRÍOMHOIBLEAGÁIDÍ NA HÉIREANN FAOI CHOINBHINSIÚN NA NÁISIÚN AONTAITHE MAIDIR LEIS AN ÉAGSÚLACHT BHITHEOLAÍOCH

Tá Éire, mar pháirtí conarthachta sa Choinbhinsiún, tiomanta do bhearta chun bithéagsúlacht a chaomhnú faoi na téamaí seo a leanas:

- Caomhnú éiceachóras, gnáthóga agus speiceas ina dtimpeallacht nádúrtha, laistigh de limistéir faoi chosaint agus lasmuigh díobh araon (caomhnú in situ)
- Caomhnú comhpháirteanna na héagsúlachta bitheolaíche lasmuigh dá ngnáthóga nádúrtha (caomhnú ex situ)
- Measúnacht tionchair
- Aithint agus monatóireacht
- Úsáid inbhuanaithe éiceachóras, speiceas agus acmhainní bitheolaíocha eile
- Bearta spreagtha a ghlacadh
- Taighde agus oiliúint
- Feasacht an phobail agus oideachas
- Beartais agus meicníochtaí le haghaidh chomhroinnt chothrom thairbhí na n-acmhainní géiniteacha



- Aistriú teicneolaíochta agus rochtain uirthi a éascú
- Malartú faisnéise
- Comhoibriú eolaíoch agus teicniúil
- Úsáid shábháilte na biteicneolaíochta agus rochtain uirthi
- Acmhainní airgeadais a sholáthar chun cuspóirí an Choinbhinsiúin a bhaint amach, ar bhonn náisiúnta agus do tíortha i mbéal forbartha araon

- Feabhas a chur ar na buntáistí a bhaineann gach duine ón mbithéagsúlacht agus ó sheirbhísí an éiceachórais
- An cur i bhfeidhm a fheabhsú trí phleanáil rannpháirtíochta, bainistiú eolais agus forbairt acmhainní

Soláthraítear leis na cuspóirí agus na spriocanna creat chun spriocanna náisiúnta a cheapadh. Tá cinneadh déanta ag na Náisiúin Aontaithe freisin, d'fhonn dul chun cinn breise a thiomáint chun cinn, an tréimhse 2011-2020 a ainmniú mar Deich mBlia na Náisiúin Aontaithe um Bithéagsúlacht.



Plean Straitéiseach nua don Choinbhinsiún - Fís 2050 agus Misean 2020

Ag 10ú Comhdháil na bPáirtithe don Choinbhinsiún i Nagoya, na Seapáine i nDeireadh Fómhair 2010 glacadh le plean straitéiseach nua don tréimhse 2011-2020 "Ag maireachtáil i gComhréir leis an Dúlra". Tá fís fhadtéarmach do 2050 sa phlean, chomh maith le misean le haghaidh 2020.

AG MAIREACTÁIL I GCOMHRÉIR LEIS AN DÚLRA

An Fhís: "Faoi 2050 beidh meas ar an mbithéagsúlacht, beidh sí á caomhnú agus á hathchóiriú agus á húsáid go críonna, beidh seirbhísí éiceachórais á gcothabháil, beidh domhan sláintiúil á bhuanú agus beidh tairbhí fíor-riachtanacha á gcur ar fáil do gach duine"

Is é Misean Phlean Straitéiseach an CBD a chinntiú go gcuirfean an Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch i bhfeidhm go comhleanúnach agus go mbainfean amach a thrí chuspóir trí "gníomhú go héifeachtúil agus go práinneach le stop a chur le cailteanas bithéagsúlachta, le cinntiú faoi 2020, go mbeidh teacht aniar sna héiceachórais agus go gcuirfidh siad seirbhísí riachtanacha ar fáil, sa chaoi go slánófar éagsúlacht bheatha an domhain agus go gcuirfean le folláine an duine agus le díothú na bochtaineachta".

Tá 20 príomhspríoc sa Mhisean do 2020, agus iad eagraithe faoi chúig Spríoc Straitéiseacha trína n-aithneofar na gnéithe éagsúla atá ann maidir le déileáil le cailteanas bithéagsúlachta. Is iad sin:

- Aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an cailteanas bithéagsúlachta trí bithéagsúlacht a phríomhshruithú sa rialtas agus ar fud na sochaí
- An brú díreach ar an mbithéagsúlacht a laghdú agus úsáid inbhuanaithe a chur chun cinn
- Feabhas a chur ar stádas na bithéagsúlachta trí éiceachórais, speicis agus éagsúlacht ghéiniteach a chosaint.



2.2 Gníomhaíocht an AE maidir le Bithéagsúlacht

Ó tá Éire ina ball den Aontas Eorpach, cuireann sí le hobair caomhnaithe na bithéagsúlachta i gcríocha uile na 27 Ballstát go léir. Ós rud é go bhfuil tionchar mór ag an AE ar bheartais na hÉireann caithfean aghaidh a thabhairt sa Phlean seo, ní hamháin ar shaincheisteanna náisiúnta, ach ar shaincheisteanna níos leithne na hEorpa. I 2010, ghlac an AE le fís nua agus leis an bpríomhspríoc seo a leanas i leith na bithéagsúlachta:

FÍS AGUS PRÍOMHSPRÍOC AN AE

Tá an AE tar éis a **fhís fhadtéarmach** a fhógairt mar seo a leanas

"Faoi mbliain 2050 beidh caipiteal nádúrtha an AE, is é sin le rá an Bithéagsúlacht agus na seirbhísí éiceachórais a sholáthraíonn léi, á gcosaint, agus á n-athchóiriú go cuí agus beidh meas ag daoine orthu de bharr an luach atá ag an mbithéagsúlacht féin agus toisc go gcuireann siad a sciar ríthábhachtach féin ar fáil maidir le dea-bhail an duine agus le rathúnas geilleagrach, agus go seachnófar sa chaoi sin na hathruithe tubaisteacha a bheadh ann de thoradh chailleadh na bithéagsúlachta".

D'fhoilsigh an AE freisin, a **Phríomhspríoc** maidir le dul chun cinn faoin mbliain 2020 mar seo a leanas, 'stop a chur le cailteanas bithéagsúlachta agus le díghrádú na n-éiceachórais san AE faoi 2020, athchóiriú a dhéanamh orthu sa mhéid agus is féidir, agus rannchuid an AE a mhéadú maidir le stop a chur le cailleadh na bithéagsúlachta ar fud an domhain'.

Straitéis Bithéagsúlachta an AE go dtí 2020

D'fhoilsigh an Coimisiún an AE cumarsáid faoi Straitéis Bithéagsúlachta nua an AE in 2011, dar teideal "Ár n-árachais saoil, ár gcaipiteal nádúrtha: straitéis bithéagsúlachta an AE go dtí 2020". Aithníonn an Chumarsáid 6 Spriocréimse a gcaithfear déileáil leo:

- Na treoracha maidir leis an nádúr a chur i bhfeidhm go hiomlán
- Na héiceachórais agus a gcuid seirbhísí a chothabháil agus a chur ar ais
- Rannchuid na talmhaíochta agus na foraoiseachta a mhéadú ó thaobh an bithéagsúlachta a chothabháil agus a fheabhsú
- A chinntiú go n-úsáidfear acmhainní iascaigh ar bhealach inbhuanaithe
- Dul i ngleic leis na speicis choimhthíocha ionracha Combat invasive alien species
- Cabhrú chun cailteanas bithéagsúlachta domhanda a sheachaint

Is iad na treoracha faoin nádúr an chuid is tábhachtaí de ghníomhaíochtaí an AE. Cuireann an Treoir maidir le hÉin agus an Treoir maidir le Gnáthóga de cheangal ar na Ballstáit gnáthóga agus speicis luachmhara nó atá faoi bhagairt a chaomhnú, go háirithe trí bhunú an líonra láithreán Natura 2000.

Nuair a chuirfear na Treoracha sin i bhfeidhm go iomlán, chomh maith leis An Chreat-treoir Uisce agus an Treoir um Chreat Straitéise Muirí cuirfidh siad go mór le caomhnú na bithéagsúlachta. Is féidir tuilleadh sonraí na dTreoracha sin a fháil sna codanna ábhartha de Chaibidil 3.

2.3 An Bhaint le Straitéisí agus le Téamaí eile

Tá baint thábhachtach ag gníomhaíocht faoi bithéagsúlacht le straitéisí idirnáisiúnta agus náisiúnta eile, agus le pleananna agus le saincheisteanna téamacha, mar seo a leanas.

Athrú Aeráide

Tá Athrú Aeráide agus bithéagsúlacht fite fuaite lena chéile. Cé gur dócha go mbeidh athrú aeráide ar cheann de na fórsaí is suntasaí maidir le cailteanas bithéagsúlachta, is féidir leis an mbithéagsúlacht féin tacú le hiarrachtaí chun an drochthionchar a bhaineann le hathrú aeráide a laghdú. Is féidir le gnáthóga a chaomhnáitear nó a athchóirítear dé-ocsaíd charbóin a bhaint ón atmaisféar agus é a stóráil agus cabhrú sa chaoi sin le dul i ngleic le hathrú aeráide. Lena chois sin, má chaomhnáitear

éiceachórais slána is féidir cabhrú le maolú a dhéanamh ar an tionchar tubaisteach a bhíonn ag athrú aeráide ar nós tuilte, sciorthaí talún agus borradh stoirme.

Tá athrú aeráide ag cur brú cheana féin ar chréatúir an domhain iad féin a chur in oiriúint dó trí ghnáthóga a aistriú, a dtimthriallta saol a athrú, nó tréithe fisiceacha nua a fhorbairt. Tá dlús faoi athrú aeráide agus má tá speicis agus gnáthóga le bheith ina ann iad féin a chur in oiriúint dó ní mór laghdú a dhéanamh ar an mbrú atá orthu ó rudaí eile seachas athrú aeráide, rudaí mar thruailliú, róshaothrú, cailteanas agus bloghadh gnáthóg, agus speicis choimhthíocha ionracha.


D'aontaigh Éire faoi Phrótacal Kyoto gan a hastuithe gáis cheaptha teasa a mhéadú níos mó na 13% os cionn leibhéal na bliana 1990. Bhain sé sin leis an gcéad tréimhse ghealltanais 2008-2012 agus ba é sin ár rannchuid ó thaobh sprioc foriomlán an AE a bhaint amach. Dhaingnigh Éire Prótacal Kyoto ar an 31 Bealtaine 2002, mar aon leis an AE agus na Ballstáit eile go léir, agus tá sí faoi cheangal dlí an sprioc dhúshlánach maidir le laghdú astuithe gáis cheaptha teasa a bhaint amach.

Leagtar amach raon bearta sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007 - 2012 atá tógtha ar na bearta atá i bhfeidhm cheana féin faoin gcéad Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide (2000) lena chinntiú go mbainfidh Éire amach a sprioc faoi Phrótacal Kyoto. Cuireann an Straitéis creat ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí chun astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú.

Tá obair á déanamh freisin ar Chreat Náisiúnta um Dhul in Oiriúint don Athrú Aeráide ina scrúdaítear an chaoi a gcuirfidh speicis iad féin in oiriúint d'athrú aeráide agus an chaoi ina n-éireoidh le gnáthóga na dúshláin sin a sháru.

Forbairt Inbhuanaithe

Is féidir tionchar suntasach a imirt ar bithéagsúlacht le polasaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe. Is é an sainmhíniú a thugtar air de ghnáth ná "forbairt lena gcomhlíontar riachtanais an lae inniu gan cur isteach ar chumas na nglún ata le teacht freastal ar a riachtanais féin". Leagadh síos le Conradh



Amstardam an AE síos go mbeadh Forbairt Inbhuanaithe ina thasc lárnach ag an gComhphobal Eorpach.

Foilsíodh "Forbairt na hÉireann a Dhéanamh Inbhuanaithe" in 2002. Athbhreithniú cúig bliana na Straitéise bunaidh 1997 ab ea é. Tá Éire tiomanta do Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Inbhuanaithe nua a fhoilsiú agus tá an obair sin ar siúl faoi láthair.

Coinbhinsiún Eile

Shínigh Éire roinnt Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta faoin Dúlra lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES), Coinbhinsiún Bonn (maidir le caomhnú speiceas imirceacha ainmhithe fiáine), agus Coinbhinsiún RAMSAR (maidir le bogaigh).

Beartais Earnála

Tá tábhacht ar leith ag baint le Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) an AE agus le Comhbheartas Iascaigh an AE ó thaobh gníomhaíocht na hÉireann i leith caillteanas bithéagsúlachta (féach Caibidil 3.3). Tá baint leis an scéal freisin ag beartais agus ag pleananna náisiúnta maidir le pleanáil spásúlachta, talmhaíocht, foraoiseacht, iascaigh, tionscail eastóscacha, iompar, turasóireacht agus forbairt thar lear.

2.4 Forbairt an Phlean seo

Sa bhliain 2002, d'fhoilsigh Éire a céad Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta ina raibh 91 gníomhaíocht leagtha síos. Rinneadh athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Phlean sin nuair a bhí an doiciméad seo á fhorbairt agus tá achoimre an athbhreithnithe sin le fáil san 'Athbhreithniú Eatramhach ar an gCéad Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta', atá ar fáil ar www.npws.ie.

Tá *Gníomhaíochtaí le haghaidh na Bithéagsúlachta 2011-2016* tógtha ar bhonn ar na rudaí a baineadh amach ó 2002 i leith. Dirítear ann ar ghníomhaíochtaí nár críochnaíodh go hiomlán agus tugtar aghaidh ar cheisteanna atá ag teacht chun cinn. Forbraíodh é faoi mar a forbraíodh na pleananna eile a ndearnadh tagairt dóibh, go háirithe Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta an AE agus Plean Straitéiseach an CBD agus cuirtear san áireamh a n-aidhmeanna, a gcuspoirí agus a spriocanna atá leagtha amach thuas.

Chuathas i gcomhairle le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit a dhéanann ionadaíocht thar ceann na n-earnálacha ábhartha go léir maidir le sraith dréachtphointí gníomhaíochta roimh ullmhú an Phlean seo i dtreocheangal le próiseas comhchomhairliúcháin cuimsitheach poiblí.

2.5 Fís na hÉireann maidir le Bithéagsúlacht

AN FHÍS:

Go ndéanfar bithéagsúlacht agus éiceachórais na hÉireann a chaomhnú agus a athchóiriú, sa chaoi go gcuirfear tairbhí ar fáil atá riachtanach do gach earnáil sa tsochaí agus go dtacóidh Éire le hiarrachtaí chun stop a chur le caillteanas bithéagsúlachta agus le díghrádú na n-éiceachóras san AE agus ar fud an domhain.

Is é Sprioc Uileghabhálach an Phlean seo, bunaithe ar na gníomhaíochtaí seo a leanas, ná:

Go ndéanfar laghdú ar chaillteanas bithéagsúlachta agus ar dhíghrádú na n-éiceachóras roimh 2016 agus go ndéanfar dul chun cinn substaintiúil maidir lena n-athshlánú roimh 2020.

Tá an Fhís agus an Sprioc Uileghabhálach seo araon ina ndúshlán shuntasacha ag Éirinn maidir le cur i bhfeidhm na mbearta cuí chun stop a chur leis an meath atá ar ár mbithéagsúlacht, chomh maith lenár gcion féin a dhéanamh maidir le gníomhaíocht dhomhanda. Tá an tasc sin chomh mór go dtabharfar anonn é go dtí an chéad Phlean Bithéagsúlachta eile i gceann cúig bliana, lena leanfar ar aghaidh leis an obair sin.

Tá na bearta a ghlacfaidh Éire i straitéis fhoriomlán *Ghníomhaíochtaí le haghaidh na Bithéagsúlachta 2011-2016* curtha i láthair i sraith **Cuspóirí Straitéiseacha**. Tá iniúchadh déanta ar na cuspóirí sin i gCaibidil 3 ina dtugtar sraith spriocanna, gníomhaíochtaí, táscairí agus torthaí a bhaineann le gach Cuspóir Straitéiseach.

Bainfear amach na **Spriocanna** trí thacar **Gníomhaíochtaí** atá liostaithe faoin Sprioc cuí. Úsáidfear **Táscairí** agus **Torthaí** chun an dul chun cinn maidir leis na Spriocanna faoi leith a aithint agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Tá téacs mínitheach agus cúlra le fáil ag tús gach Coda agus faoi gach Sprioc, nuair is cuí.

Feirm Ghaoithe ag Béal Átha Chomhraic
Grianghraf: Jim Moore



CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

CUSPÓIR 1:

Bithéagsúlacht a phríomhshruthú sa phróiseas cinnteoireachta thar gach earnáil

CUSPÓIR 2:

An bunachar eolais faoi chaomhnú, bainistiú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a mhéadú go suntasach

CUSPÓIR 3:

Cur leis an bhfeasacht agus an meas ar sheirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais

CUSPÓIR 4:

Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú sa tuath níos leithne

CUSPÓIR 5:

Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú sa timpeallacht mhuirí

CUSPÓIR 6:

Bainistiú limistéar faoi chosaint agus speiceas atá cosanta faoin dlí a leathnú agus a fheabhsú

CUSPÓIR 7:

Near-tú suntasach a dhéanamh ar éifeachtacht an rialachais idirnáisiúnta maidir leis an mbithéagsúlacht agus le seirbhísí éiceachórais

Monatóireacht agus Athbhreithniú an Phlean

Plean gníomhaíochtaí a bhfuil spriocanna ag dul leis is ea é seo; agus is éard atá sna spriocanna ná bealaí ina mbogaimid ó fhocail go gníomhaíocht agus ó ghníomhaíocht go torthaí intomhaiste. Tugann na spriocanna sa Phlean seo cuntasacht dúinn, agus léiríonn siad go bhfuil an Rialtas ag tabhairt ceangaltas fadtéarmach do chaomhnú na bithéagsúlachta a aithníonn sé a bheith lárnach don náisiún agus don domhan ina iomláine. Tugtar sainmhíniú sa Choinbhinsiún ar spriocanna maithe nuair a deir sé go bhfuil siad intomhaiste, faoi cheangal ama agus dírithe ar thorthaí; is é sin le rá go bhfuil siad dírithe ar thorthaí sa saol nithiúil. Glacfar le sraith táscairí ceannlíne bithéagsúlachta a thabharfaidh eolas don phobal agus do lucht déanta cinntí maidir le staid agus treochtaí na bithéagsúlachta, brú ar an mbithéagsúlacht agus éifeachtúlacht na bpríomhbheart beartais, agus cuirfear i bhfeidhm na táscairí sin. Tugtar

liosta san Aguisín de sraith iomlán na dtáscairí a úsáidfear chun an dul chun cinn maidir le baint amach cuspóirí agus spriocanna an Phlean sin a thomhas. Tá sé i gceist go mbeidh na príomhtháscairí curtha i bhfeidhm agus go bhféadfaidh tionchar a bheith acu ar chinntí beartais faoin mbliain 2012.

Beidh an Grúpa Oibre maidir leis an mBithéagsúlacht, ar a mbeidh ionadaithe na Ranna Rialtais agus na ngníomhaireachtaí cuí eile, páirteach i gcur i bhfeidhm agus i monatóireacht leanúnach an Phlean. Tiocfaidh an Grúpa Oibre le chéile go rialta chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir leis na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa Phlean, agus chun tuilleadh plé a dhéanamh agus sonraí a fhorbairt faoi fhorfheidhmiú na ngníomhaíochtaí. Tá sé i gceist freisin Ghrúpa Stiúrtha nua a bhunú faoi cheannas Aire chun maoirseacht a dhéanamh ar an dul chun cinn foriomlán. (féach Gníomh 1.3)

Déanfar athbhreithniú meántearma faoi mhaoriseacht na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta i gcomhar leis na heagraíochtaí ábhartha, ar chur i bhfeidhm an phlean seo roimh 2014. Tacófar sa phróiseas le forbairt an chéad Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta eile, a thabharfar chun críche agus a ghlacfar leis roimh 2016.

2.6 Na Príomhpháirtithe

Tá réimse leathan eagraíochtaí ann a bhfuil baint acu le dul i ngleic le caillteanas bithéagsúlachta. Áirítear leo sin Ranna an Rialtais láir, gníomhaireachtaí Stáit agus údaráis áitiúla, an pobal taighde, eagraíochtaí neamhrialtasacha náisiúnta agus áitiúla agus, go deimhin, pobail agus daoine aonair.

Is é an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ata freagrach anois as ceisteanna bithéagsúlachta. Áirítear leis seo forfheidhmiú na reachtaíochta fiadhúlra, ainmniú agus cosaint na láithreán Natura 2000 (Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta), Páirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra Reachtach faoi úinéireacht an Stáit a bhainistiú, agus taighde eolaíoch agus cláir mmonatóireachta a bhainistiú freisin agus pleananna gníomhaíochta i leith speiceas a ullmhú, srl.

Is í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil atá freagrach as saincheisteanna comhshaoil mar phleanáil agus forbairt, caighdeán uisce agus athrú aeráide.

Is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara atá freagrach as

beartais agus cláir mhaoinithe a bhaineann le talmhaíocht, bia, iascaigh, foraoiseacht agus an timpeallacht tuaithe.

Is í an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha atá freagrach trína cuid gníomhaireachtaí as caomhnú agus bainistiú iasc fionnuisce agus roinnt iascaigh mhara, chomh maith le fuinneamh in-athnuaithe agus oibríochtaí Bhord na Móna.

Tá roinnt Ranna eile atá freagrach as saincheisteanna bithéagsúlachta nó a bhfuil baint acu léi. M.sh. bíonn an Garda Síochána agus lucht Custaim ag forfheidhmiú na reachtaíochta sin a bhaineann le trádáil agus allmhairiú neamhdhleathach, agus tá cuntas orthu siúd sna gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa Phlean.

Ar na comhlachtaí Stáit a bhfuil ról acu i mbithéagsúlacht tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Foras na Mara, Iascaigh Intíre na hÉireann, Teagasc (an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia), an Chomhairle Oidhreachta (an Comhlacht Comhairleach an Stáit maidir le hOidhreachta) a fheidhmíonn an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta chomh maith le ról comhairleach agus maoinithe a bheith aici, Coillte agus Oifig na nOibreacha Poiblí, lena n-áirítear Garraithe Náisiúnta na Lus.

Tá ról lárnach ag na húdaráis áitiúla i gcaomhnú na bithéagsúlachta leis an gcóras pleanála atá acu, leis an réimse leathan seirbhísí comhshaoil atá a gcur ar fáil acu, leis an líonra oifigeach bithéagsúlachta agus oidhreachta atá acu agus leis an gcaoi a chuireann siad pleananna agus cláir i bhfeidhm.

Is iad úinéirí talún agus feirmeoirí na daoine is tábhachtaí maidir le go leor de na gnéithe is tábhachtaí a bhaineann le ceisteanna bithéagsúlachta. I measc na n-eagraíochtaí ionadaíochta atá acu tá Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, Cumann Soláthróirí Baine Uachtarlainne na hÉireann, Cumann Feirmeoirí Caorach agus Eallaí na hÉireann, Macra na Feirme, the Irish Landowners' Organisation agus the Irish Timber Growers Association.

Tá Ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta ina lárionaid taighde agus oiliúna i réimse na bithéagsúlachta. Tá riachtanais taighde agus torthaí á gcomhfhogasú tríd an Clár Náisiúnta um Thaighde Bithéagsúlachta.

Tá raon leathan eagraíochtaí neamhrialtasacha náisiúnta páirteach i réimse na bithéagsúlachta lena n-áirítear an Taisce, Cairde Éanlaith Éireann, Grúpa Éireannach maidir

le Míolta Móra agus Deilfeanna, Bat Conservation Ireland, Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann agus Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann. Déanann go leor eagraíochtaí agus grúpaí áitiúla chomh maith obair thábhachtach a bhfuil baint aici le bithéagsúlacht.

Cuireadh an Fóram Bithéagsúlachta ar bun chun comhairle a thabhairt ar ábhar agus ar chur chun feidhme an Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta. Áirítear ar an bhFóram ionadaithe úinéirí talún, feirmeoirí, lucht tionscal, oidhreachta nádúrtha, eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil, Ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta. Rinne sé an dara dréachtphlean a bhreithniú agus thug sé comhairle maidir lena fhorbairt. Tá sé beartaithe go leanfaidh an Fóram ina ról.

Cistiú le haghaidh Chaomhnú na Bithéagsúlachta

Cuirtear cistiú ar fáil ó fhoinsí éagsúla agus ar bhealaí éagsúla i gcomhair cúrsaí bithéagsúlachta. Tá cistiú tiomanta ar fáil faoi leithdháileadh bliantúil an Stáitchiste do na Ranna Rialtais ábhartha. Gheobhaidh comhlachtaí Stáit a bhfuil ról acu ó thaobh na bithéagsúlachta de cistiú nó deontais freisin ón Stáitchiste. Ós rud é go bhfuil cúrsaí geilleagracha mar atá beifear san iomaíocht chun acmhainní ganna a fháil agus tabharfar tús áite do na gníomhaíochtaí is tábhachtaí.

Cuireann an tAontas Eorpach cistí ar fáil le haghaidh scéimeanna náisiúnta agra-chomhshaoil faoi Chomhbheartas Talmhaíochta an AE. Is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a reáchtálann na scéimeanna sin. Cuireann an AE cistí ar fáil freisin le haghaidh cláir eile a bhfuil baint acu le bithéagsúlacht, amhail an Clár um Infheistíocht i Seirbhísí Uisce. Tá LIFE-Nature an AE, ionstraim airgeadais an AE lena dtacaítear le tionscadail chaomhnaithe dúlra agus comhshaoil, tar éis mórán tionscadal in Éirinn a chomhchistiú. Cuimsítear iontu sin athchóiriú portaigh, an tIolar Fíréan a thabhairt ar ais agus BurrenLIFE, mórthionscnamh feirmeoireachta agus caomhnaithe sa Bhoirinn, Co. an Chláir.

D'eisigh an gCoimisiún an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil le haghaidh an AE i Iúil 2011. Táthar ag súil go gcuirfean an cistiú le haghaidh bithéagsúlachta ar fáil go príomha trí mheán na n-ionstraimí maoinithe is mó (m.sh. CBT) agus trí chistiú gníomhaíochtaí seachtracha. Ciallaíonn sé sin go bhfuiltear ag súil go leanfar ar aghaidh leis an múnla comhtháite le haghaidh comhchistiú bithéagsúlachta agus Natura 2000, faoi mar a tugadh isteach é i gcomhthéacs an chreat maoinithe 2007-2013.

Ba é a bhí i gceist leis sin ná go ndéanfaí na spriocanna bithéagsúlachta a chomhtháthú i gcistí nó in ionstraimí éagsúla an AE a bhí ann cheana, lena n-áirítear an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), an Ciste Eorpach Iascaigh (CEI), Cistí Struchtúracha (i.e. Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa - CFRE agus Ciste Sóisialta na hEorpa - CSE), an Ciste Comhtháthaithe, an ionstraim Eorpach airgeadais don chomhshaol (LIFE+) agus an 7ú Creatchlár Eorpach le haghaidh Taighde agus Forbartha (FP7).

Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar chur chuige an AE maidir le maoiniú an Líonra Natura 2000. I gComhairle Eorpach an Earraigh 2010 leag na hAirí Comhshaoil béim ar an gá a bhí ann maoiniú imleor a chur ar fáil mar aon le bainistiú agus bearta athchóirithe éifeachtacha a chur i bhfeidhm le haghaidh Natura 2000. Tá rún ag an gCoimisiún Cumarsáid nua a eisiúint faoi mhaoiniú Natura 2000, agus táthar ag súil go mbeidh sí ar fáil i 2011.

Tá Athchóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta (CAP) á scrúdú faoi láthair freisin, agus tá CBT nua le cur i bhfeidhm tar éis 2013. Beidh an leithdháileadh maoinithe spriocdhírthe faoi CBT ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht an-tábhachtach i gcás na hÉireann ós rud é go mbíonn an oiread sin talmhaíochta ar siúl anseo.

Baineann údaráis áitiúla tairbhe as tacaíocht airgeadais ó chomhlachtaí Stáit amháin an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra le haghaidh tionscadal a bhaineann le bithéagsúlacht agus le haghaidh chlár na nOifigeach Oidhreachta agus na nOifigeach Bithéagsúlachta. Cuireann an Chomhairle Oidhreachta deontais ar fáil freisin le haghaidh taighde agus obair shuirbhéireachta, agus le haghaidh oideachais, caomhnaithe agus bainistithe.

Tá roinnt eagraíochtaí ar nós an EPA agus Foras na Mara a dhéanann taighde Bithéagsúlachta agus cuirtear maoiniú ar fáil ar bhealaí éagsúla, agus go háirithe tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta. Cuireann an AE cistiú ar fáil le haghaidh taighde eolaíoch faoi láthair tríd an gclár FP7.

Tugann an Státchiste deontais le haghaidh roinnt tionscadal de chuid eagraíochtaí neamhrialtasacha agus de chuid an phobail áitiúil lena n-áirítear iad siúd a chuirtear ar fáil trí na cláir LEADER. D'fhéadfadh tionscadail den sórt sin tacaíocht airgeadais a fháil ó LIFE an AE, ó INTERREG agus ó chlár chistithe eile an AE, agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha idirnáisiúnta freisin, chomh maith le cistiú príobháideach agus corparáideach a fháil.

Ceann de chuspóirí straitéiseacha an Phlean sin is ea an pobal i gcoitinne a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcaomhnú na bithéagsúlachta trí chlár oideachais agus spreagtha feasachta spriocdhírthe. Táthar ag súil go nglacfaidh roinnt daoine aonair orthu féin gníomhaíochtaí a dhéanamh go deonach chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú, nó go leanfaidh siad orthu i mbun na hoibre sin.

Ionchas i gcúrsaí Geilleagracha Reatha

Beidh cúrsaí bithéagsúlachta agus oidhreachta cosúil le formhór réimsí caiteachais an Rialtais sa mhéid is gur dócha go ndéanfar laghdú ar a leibhéal cistithe sa ghearrthéarma. Beidh tionchar aige sin ar bhaill foirne, ar mhaoiniú agus ar chlár oibre go leor de na heagraíochtaí atá liostaithe thuas. Ciallaíonn sé sin go gcaithfear tús áite a thabhairt do na príomhréimsí oibre i ngach cuid den Phlean.

Cé go mbíonn dúshlán le sárú ag gach eagraíocht maidir le leas a bhaint as na hacmhainní atá acu, cuirfidh sé seo spreagadh do gach eagraíocht dá leithéid scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann siad gníomhaíochtaí le haghaidh na bithéagsúlachta i bhfeidhm agus ar na deiseanna atá ann chun acmhainní a roinnt agus oibriú i gcomhar le chéile. Déantar comhpháirtíochtaí go minic chun clár a fheidhmiú agus chun gníomhartha a dhéanamh maidir le caomhnú na bithéagsúlachta. Measann an Rialtas go bhfuil comhpháirtíochtaí riachtanach chun roinnt gníomhaíochtaí sa Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta nua a chur i gcrích go rathúil. Sa chuid is mó de chásanna beidh na comhpháirtíochtaí idir gníomhaireachtaí Stáit agus an tAontas Eorpach. Beidh comhpháirtíochtaí eile ann idir gníomhaireachtaí Stáit agus eagraíochtaí feirmeoireachta, údaráis áitiúla, institiúidí taighde tríú leibhéal, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus grúpaí pobail áitiúla.



Páirc Náisiúnta Ghleann Bheithe
Griangraf: NPWS

3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ LE hAGHAIDH BITHÉAGSÚLACHTA



3.1 AG GLACADH FREAGRACHTA

CUSPÓIR 1:

Bithéagsúlacht a phríomhshruthú sa phróiseas cinnteoireachta thar gach earnáil

3.2 EOLAS A NEARTÚ AGUS FEASACHT A SPREAGADH

CUSPÓIR 2:

An bunachar eolais faoi chaomhnú, bainistiú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a mhéadú go suntasach

CUSPÓIR 3:

Cur leis an bhfeasacht agus an meas ar sheirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais

3.3 BITHÉAGSÚLACHT A CHOSAINT AGUS A ATHBHUNÚ IN ÉIRINN

CUSPÓIR 4:

Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú sa tuath níos leithne

CUSPÓIR 5:

Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú sa timpeallacht mhuirí

CUSPÓIR 6:

Bainistiú limistéar faoi chosaint agus speiceas atá cosanta faoin dlí a leathnú agus a fheabhsú

3.4 BITHÉAGSÚLACHT A CHOSAINT AGUS A ATHBHUNÚ GO HIDIRNÁISIÚNTA

CUSPÓIR 7:

Neartú suntasach a dhéanamh ar éifeachtacht an rialachais idirnáisiúnta maidir leis an mbithéagsúlacht agus le seirbhísí éiceachórais

3.1 Ag Glacadh Freagrachta

CUSPÓIR 1: Bithéagsúlacht a phríomhshruthú sa phróiseas cinnteoireachta thar gach earnáil

Cúlra

Is é céad chuspóir straitéiseach na *nGníomhaíochtaí le haghaidh Bithéagsúlachta* ná bithéagsúlacht a tharraingt isteach sa chinnteoireacht ar bhealach níos ginearálta ná mar a dhéantaí roimhe seo. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh earnálacha ábhartha níos eolaí ar chúrsaí bithéagsúlachta agus go gcuirfidh siad iad san áireamh ina mbeartais agus ina n-oibríochtaí.

Ní mór do gach earnáil a bheith rannpháirteach d'fhonn cosaint agus athchóiriú na bithéagsúlachta a chinntiú. Tá dul chun cinn déanta maidir le feachtas faoi bhithéagsúlacht a mhéadú i measc an phobail, laistigh d'earnálacha ar leith agus i roinnt Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais. Mar sin féin, tá a lán le déanamh fós d'fhonn an leibhéal feachtas sin a mhéadú go dtí, mar shampla, an leibhéal atá ann faoi láthair maidir le hathrú aeráide. Tá sé fíorthábhachtach go bhfuil meas ag sochaí na hÉireann ar bhithéagsúlacht d'fhonn tacaíocht a ghiniúint le haghaidh bearta caomhnaithe riachtanacha agus páirt a ghlacadh iontu.

SPRIOC 1: Go dtuigfeadh na hearnálacha go léir go bhfuil freagracht chomhroinnte acu as an mbithéagsúlacht a chaomhnú agus as úsáid inbhuanaithe a bhaint as a cuid gnéithe, agus go ngníomhaíonn siad dá réir

Príomhshruthú

Cuirfear gníomhaíochtaí i gcrích chun feachtas a mhéadú laistigh de Ranna Rialtais, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí stáit maidir leis na himpleachtaí a bhaineann le beartas agus cinntí faoi bhithéagsúlacht. Mar thúspointe, bunófar Grúpa Stiúrtha Bithéagsúlachta faoi stiúir Aire chun na ceisteanna seo a chur ar aghaidh mar aon le Grúpa Oibre Idir-rannach ar Bhithéagsúlacht, ina mbeidh ionadaithe ó na Ranna agus Gníomhaireachtaí ábhartha. Ar an modh sin, beidh na heagraíochtaí ábhartha bainteach i monatóireacht leanúnach ar an bPlean mar aon le hathbhréithniú meántréimhseach.

Tá sé beartaithe faoin bplean go n-ullmhóidh na Ranna Rialtais agus na Gníomhaireachtaí Stáit ábhartha (iad siúd go háirithe atá rannpháirteach sa talmhaíocht, san fhóraoiseacht, in iascaigh, i mbeartas réigiúnach agus i

bpleanáil, turasóireacht, sláinte, fiontar agus fostaíocht, iompar, taighde agus oideachas), mar aon le páirtithe leasmhara, Pleananna Gníomhaíochta earnála um Bithéagsúlacht de réir aidhmeanna na Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta chun caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a chur chun cinn. Déanfar éascitheoir oilte a shannadh le cuidiú leis na heagraíochtaí seo agus comhairle a thabhairt dóibh maidir lena bPleananna a tháirgeadh.

Lena chois sin, tabharfar dualgas i leith na bithéagsúlachta isteach sa reachtaíocht in Éirinn lena chinntiú go gcuirfear caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta san áireamh i ngach pleán agus clár ábhartha agus sa reachtaíocht nua go léir. Ina theannta sin, beidh ar chomhlachtaí poiblí ábhair is cúram i dtaobh bithéagsúlachta a chur san áireamh i ngníomhaíochtaí laethúla.

Cinnteoidh Ranna ábhartha chomh maith go gcuirfear ceanglais maidir le caomhnú bithéagsúlachta san áireamh sa reachtaíocht amach anseo. Déanfar athbhreithniú fosta ar an bpríomhreachtaíocht reatha, arna mhaoirsiú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta d'fhonn an gá le tuilleadh forálacha a chinneadh lena gceanglaítear éagsúlacht bhithéolaíoch a chaomhnú.

Gníomhaíocht Áitiúil

Is é croílár Chur Chuige an Éiceachórais coincheap na cinnteoireachta áitiúla ar bhithéagsúlacht a bhainistiú. Faoin gcéad Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta (PNB), tugadh chun suntais go bhfuil gníomhaíocht áitiúil antábhachtach maidir le dul i ngleic le cailteanas bithéagsúlachta agus moladh ann go ndrúachtódh údaráis áitiúla pleannanna gníomhaíochta faoi leith. In 2010, cuireadh fiche a sé Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil i gcrích nó drúchtáíodh iad agus cheap údaráis áitiúla 28 oifigeach oidhreachta agus 4 oifigeach bithéagsúlachta. Déanfar cuid de na Pleananna Gníomhaíochta a athbhreithniú agus ullmhófar pleannanna nua le linn thréimhse an Phlean sin.

Tá gníomhaíocht arna stiúradh ar bhonn áitiúil fíorthábhachtach chun seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachóras a chosaint agus ba cheart caomhnú na bithéagsúlachta a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil agus is iad na pleannanna gníomhaíochta an phríomh-mheicníocht chun é sin a bhaint amach. Rinneadh doiciméad treoraíochta, le cuidiú le húdaráis áitiúla an Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil a ullmhú, a fhoilsiú faoin PNB roimhe sin.

Bhí na hoifigigh bhithéagsúlachta agus oidhreachta tábhachtach do bhunú na feasachta ar bhithéagsúlacht in údaráis áitiúla ar fud an Stáit. Faoin Sprioc sin, iarrtar ar gach údarás áitiúil oifigeach a ainmniú nó leanúint d'oifigeach a bheith acu le haghaidh cúrsaí ar chaomhnú na hoidhreachta nádúrtha.

Bearta reatha a Chur i bhFeidhm a thuilleadh

Ceanglaítear sna Treoracha ón AE maidir leis an Dúlra [Treoir maidir le hÉin (79/409/CEE) agus Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE)], sa Treoir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA) (85/337/CEE arna leasú le 97/11/CE), agus sa Treoir maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) (Treoir 2001/42/CE) go léir go mbreithneofaí ar na himpleachtaí forbartha féideartha ar bhithéagsúlachta. Is gá feabhas a chur ar shoiléire ar leibhéal náisiúnta idir na pleannanna agus na cláir éagsúla a théann i gcion ar bhithéagsúlacht agus ní mór a chinntiú go bhfuil cinnteoireacht ar leibhéal réigiúnach agus áitiúla comhsheasmhach le tiomantais ardleibhéal le haghaidh na bithéagsúlachta.

Tá pleanáil níos fearr ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúla tábhachtach chun na hiarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ar bhithéagsúlacht a chosaint, a íoslaghdú agus a fhritháireamh. Rinneadh leasuithe suntasacha ar an gcód pleanála chun cosaint láithreáin Natura 2000 agus speiceas atá liostaithe sna Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga a chinntiú. Tá tuilleadh doiciméad treoraíochta beartaithe ar réimsí sainiúla eile fosta (e.g. athnuaiteáin, turasoireacht uisceach etc).

Tacaíonn próiseas na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta

(SEA) leis an gcuispóir chun cúrsaí bithéagsúlachta a chur ag croílár na cinnteoireachta. Is é cuispóir an SEA cinntiú nach mbíonn tionscadail ná gníomhaíochtaí a dhéantar faoi phleananna agus faoi chláir freagrach as damáiste don chomhshaol. Cuimsíonn na Measúnachtaí Straitéiseacha Timpeallachta a rinneadh in Éirinn anuas go dtí seo leaganacha deireanacha de phleananna forbartha údarás áitiúil agus de phleananna réigiúnach, Pleannanna Bainistíochta Abhantraí agus Ceadúnais Taiscéalaíochta Imeachtríche. Measann an Rialtas go bhfuil cur i bhfeidhm iomlán Threoir an SEA rithábachtach lena chinntiú go bhfuil an fhorbairt uile inbhuanaithe agus go ndéanann sé an bhithéagsúlacht a chosaint.

Tá sé rithábachtach fosta a chinntiú go gcloíonn gach plean forbartha (e.g. an Plean Forbartha Náisiúnta, Plean Forbraíochta Tuaithe agus bearta chun athrú aeráide a chur in oiriúint agus a mhaolú san áireamh) leis an reachtaíocht comhshaoil agus leis na treoracha i leith an dúlra chun aon dochar féideartha do bhithéagsúlacht a chosc nó a íoslaghdú.

Faoi na Treoracha ón AE maidir leis an Dúlra, ní mór d'Éirinn cur le líonra Natura 2000 de láithreáin maidir leis na gnáthóga agus na speicis is luachmhara agus is mó faoi bhagairt san Eoraip a chosaint (féach faoi Chuspóir 6). Is í príomh-mheicníocht chosanta an riachtanas chun measúnú a dhéanamh ar impleachtaí féideartha maidir le plean nó tionscadal ar bith ar láithreán Natura 2000 sula dtugtar cead dul ar aghaidh leis an bplean nó leis an tionscadal sin. Ní mór go gcuirfí an fhéidearthacht d'éifeachtaí "i gcomhpháirt" le pleannanna agus tionscadail eile san áireamh sa mheasúnú. Tá an coincheap "plean" agus "tionscadal" faoi na Treoracha seo an-leathan ar fad



Fritileán Réisc
Grianghraf: Robert Thompson



agus ní bhaineann sé le pleanáil forbartha nó le bainistiú forbartha amháin.

Déanfaidh cur chun feidhme príomhthreoracha eile, amhail an Creat-treoir Uisce agus an Treoir um Chreat Straitéise Muirí (féach faoi Chuspóir 5) an brú ar bhithéagsúlacht a laghdú trí cháilíocht ár n-uisce, aer agus ithreacha a chosaint agus trí thruaillíú idirleata a laghdú (e.g. ó lotnaidicídí, níotráití).

Rinneadh an Treoir maidir le Dlíteanas Comhshaoil a thrasú go substaintiúil i ndlí na hÉireann trí na Rialacháin maidir le Dlíteanas Comhshaoil (IR 547 de 2008). Tá Bille ag ardchéim faoi láthair ina n-ionchorprófar na Rialacháin seo agus na ceisteanna atá fós amuigh lena chur chun feidhme iomlán a chumasú. Is iad na príomhaidhmeanna sa Treoir damáiste d'uisce agus do thailte nó damáiste do ghnáthóga nádúrtha agus limistéir faoi chosaint a chosc agus a leigheas. Nearthaítear leis an "prionsabal íoc mar a thruaillítear" ina gcuirtear oibreoir ar bith, arna sainiú sna Rialacháin, a dhéanamh damáiste don chomhshaoil faoi dhlíteanas dlí agus airgeadais as an damáiste arna dhéanamh agus as leigheas ina dhiaidh sin trí na réimis dlíteanais. Déanfar an Treoir i leith Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta a chur chun feidhme ina hiomláine in Éirinn, agus déanfar treoir a fhorbairt lena chinntiú go ndéanfar earraí agus seirbhísí bithéagsúlachta éiceachórais a chosaint go hiomchuí.

Soláthar

Tá sé beartaithe ag an Rialtas beartas um 'sholáthar glas' a ghlacadh chun cúrsaí comhshaoil a chuimsiú i soláthar go léir na hearnála poiblí. Déanann an Coimisiún Eorpach soláthar glas a shainiú mar *"phróiseas trína bhféachann údarais phoiblí le hearraí, seirbhísí agus oibreacha a sholáthar a mbíonn tionchar níos lú acu ar an timpeallacht le linn a saolré nuair a chuirtear i gcomparáid iad le hearraí, le seirbhísí agus le hoibreacha eile a bhfuil an phríomhfheidhm chéanna acu a ndéanfaí iad a sholáthar murach sin."* Chun na críocha sin, foilseoidh an Rialtas an chéad Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta in Éirinn maidir le soláthar poiblí glas in 2011.

Luach eacnamaíoch na bithéagsúlachta

Mar atá leagtha amach i gCaibidil 1, ní mór tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar luach eacnamaíoch na bithéagsúlachta agus é a chuimsiú i mbeartais agus i bpróisis an stáit. Moltar raon de bhearta sa Tionscadal um Eacnamaíocht na nÉiceachóras agus na Bithéagsúlachta a fhéadann rialtais a ghlacadh chun bithéagsúlacht a chuimsiú sa chuntasaíocht náisiúnta. Tá Éire i measc líon mór tíortha a d'fhéadfadh úsáid a bhaint as treoirlínte dá leithéidí chun luachanna na bithéagsúlachta a chuimsiú sa chuntasaíocht náisiúnta agus cuirfeadh tús le hobair chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht faoin dóigh is fearr leis sin a chur chun feidhme in Éirinn.

Baineadh de tháil i dtuarascáil a rinneadh le déanaí ón gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch ar ról na ndreasachtaí eacnamaíocha maidir le hiompar comhshaoil a mhúnlú go bhféadfaí buntáistí eacnamaíocha agus comhshaoil a tháirgeadh má fhaightear réidh le fóirdheontais a mbíonn cleachtais a dhéanann damáiste den chomhshaoil mar thoradh orthu, agus scéimeanna dreasachta a spreagann cleachtais dhearfacha a chur chun cinn má bhíonn siad comhordaithe agus curtha chun feidhme go maith.

Baineann ilbhuntáiste le dreasachtaí saobha a leasú, go háirithe fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaoil lena gcuirtear luach ró-íseal ar fhoinsí nádúrtha nó lena spreagtar méadaithe neamh-inbhuanaithe i dtáirgeadh. Dímholtar leis iompar atá díobhálach don chomhshaoil, d'fhéadfaí saobhadh eacnamaíoch níos leithne a bhaint, agus, i gcás na bhfóirdheontas díobhálacha, d'fhéadfaí foinsí fioscacha atá gann a chur ar fáil. Trí dhreasachtaí saobha a bhaint nó iad a mhaolú, d'fhéadfaí an gá le bearta um dhreasachtaí dearfacha a thabhairt isteach a laghdú chomh maith.



Ró-innilt ar Chnoic Shíofra
Grianghraf: Maria Long

GNÍOMHAÍOCHTAÍ**Príomhshruthú**

- 1.1 Ullmhóidh na Ranna Rialtais agus na Gníomhaireachtaí Stáit ábhartha Pleananna Gníomhaíochta eanála um Bithéagsúlacht de réir an Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta chun caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a chur chun cinn.
- 1.2 Feasacht a spreagadh maidir le himpleachtaí na mbeartas agus na gcinntí i leith na bithéagsúlachta agus maidir leis na ceanglais a bhaineann le pleananna gníomhaíochta um bithéagsúlacht a ullmhú.
- 1.3 Grúpa Stiúrtha a bhunú, faoi cheannas Aire, chomh maith le Grúpa Oibre maidir leis an mBithéagsúlacht chun cur chun feidhme an Phlean sin a chur chun cinn.
- 1.4 Dualgas i leith na bithéagsúlachta a chuimsiú sa reachtaíocht le cinntiú go dtógtar caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta san áireamh i ngach plean agus clár ábhartha agus sa reachtaíocht nua go léir.
- 1.5 Athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht ábhartha reatha le feiceáil an bhfuil an gá le forálacha a dhéanamh do riachtanais i leith chaomhnú na héagsúlachta bitheolaíche.
- 1.6 Cinntiú go gcloíonn gach plean forbartha leis an reachtaíocht comhshaoil agus leis na treoracha i leith an dúlra chun aon dochar féideartha do bhithéagsúlacht a chosc agus a íoslaghdú.

Gníomhaíochtaí Áitiúla

- 1.7 Gach údarás áitiúil chun Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil a fhoilsiú nó chun athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna reatha.
- 1.8 Gach údarás áitiúil chun oifigeach atá cáilithe go hoiriúnach a shainiú d'ábhair caomhnaithe oidhreachta nádúrtha ina limistéar féin.

Gníomhaíochtaí Breise

- 1.9 Treoir SEA a chur chun feidhme ina hiomlán.
- 1.10 An Treoir maidir le Dlíteanas Comhshaoil a chur chun feidhme ina iomláine agus treoir oiriúnach a eisiúint.
- 1.11 Leanúint le foilsiú treoir oiriúnach d'údarás áitiúla maidir le bithéagsúlacht.

1.12 Bealach a fhorbairt agus a úsáid chun luach eacnamaíoch na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras a chuimsiú sna cuntais náisiúnta, sna straitéisí forbartha náisiúnta agus áitiúla agus sna próisis phleanála. (Féach freisin Gníomhaíocht 3.9).

1.13 An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Soláthar Glas a fhoilsiú agus a chur chun feidhme (Féach freisin Gníomhaíochtaí faoi Sprioc 21).

1.14 Bearta a aithint agus a ghlacadh le cinntiú nach gcuireann dreasachtaí ná fordheontais leis an gcaillteanas bithéagsúlachta, agus bearta dreasachta poiblí a fhorbairt, nuair is gá sin, chun cabhrú le bithéagsúlacht a chaomhnú.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHÁÍ

- Líon na bpleananna gníomhaíochta um bithéagsúlacht a cruthaíodh i Ranna nó in Earnálacha Rialtais agus forleithne an fhorfheidhmithe
- Achtú déanta ar dhualgas bithéagsúlachta
- Athbhreithniú ar reachtaíocht curtha i gcrích
- Líon na bpleananna Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht de chuid na nÚdarás Áitiúil atá athbhreithnithe nó réitithe agus forleithne an chur chun feidhme
- Líon na n-údarás áitiúil ag a bhfuil oifigigh d'oidhreacht nádúrtha
- Líon agus raon feidhme na ndoiciméad treorach a bhaineann le bithéagsúlacht a eisíodh chuig údarás phleanála.
- An méid a bhfuil luach eacnamaíochta na bithéagsúlachta cuimsithe sna cuntais náisiúnta, sna straitéisí forbartha náisiúnta agus áitiúla agus sna próisis phleanála.
- Foilsiú agus cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Soláthar Poiblí Glas
- Líon agus éifeachtúlacht na ndreasachtaí dearfacha forbartha
- Líon na ndreasachtaí atá díobhálach do bhithéagsúlacht a aithníodh ach atá fós i bhfeidhm
- Líon na ndreasachtaí díobhálacha a baineadh

SPRIOC 2: Reachtaíocht a thacaíonn le dul i ngleic le caillteanas bithéagsúlachta in Éirinn a neartú

Tá tacaíocht reachtach riachtanach le taca a chur faoi ghníomhaíochtaí d'fhonn dul i ngleic le caillteanas bithéagsúlachta. Tá *Gníomhaíochtaí le haghaidh Bithéagsúlachta (2011-2016)* tiomanta d'fhorbairtí suntasacha sa réimse seo, mar aon leis an dualgas bithéagsúlachta faoi Sprioc 1.

Faoi 2013, foilseofar reachtaíocht chun bonn dlí a sholáthar i leith Páirceanna Náisiúnta. Lena chois sin, foilseofar Bille comhdhlúite um Fhiadhúlra faoi 2014, d'fhonn soláthar a dhéanamh do chur chuige inrochtana struchtúrach maidir le reachtaíocht um fhiadhúlra. Tá Bille nua um Fhoraoiseacht á ullmhú ina ndéanfar caomhnú na bithéagsúlachta a chomhtháthú i mbainistíocht na foraoiseachta.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 2.1 Faoi 2013 reachtaíocht a fhoilsiú chun bonn dlí a sholáthar i leith Páirceanna Náisiúnta.
- 2.2 Bille a fhoilsiú faoin mbliain 2014 chun an tAcht um Fhiadhúlra a dhaingniú.
- 2.3 Reachtaíocht a thabhairt isteach chun laghdú breise a dhéanamh ar an mbaol don fhiadhúlra mar thoradh ar úsáid nimheanna sa chomhshaol.
- 2.4 Reachtaíocht athbheithnithe maidir le foraoiseacht a thabhairt isteach a thacóidh le héagsúlacht bhithéolaíoch foraoiseachta a chaomhnú, a chosaint agus a bhainistiú go hinbhuanaithe.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon na n-ionstraimí reachtacha thuas a tugadh isteach



Páirc Náisiúnta Shléibhe Chill Mhantáin
Grianghraf: NPWS

3.2 Eolas a Neartú agus Feasacht a Spreagadh

CUSPÓIR 2: An bunachar eolais faoi chaomhnú, bainistiú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a mhéadú go suntasach

Eolas a Neartú

Tá eolas eolaíochta cothrom le dáta riachtanach le haghaidh measúnú eolasach a dhéanamh ar stádas na bithéagsúlachta, le haghaidh léargas a fháil ar na cúiseanna le cailteanas bithéagsúlachta agus le haghaidh na modhanna a fhorbairt chun cailteanais a stopadh nó a aisiompú.

Tá eolas maidir le suíomh, méid agus riocht na ngnáthóg nádúrtha agus na speiceas in Éirinn riachtanach le haghaidh bainistíocht eolasach um chaomhnú. Tá sé bunúsach chomh maith maidir le measúnú stoic ar 'chaipiteal nádúrtha' na hÉireann agus na hearraí agus na seirbhísí éiceachórais a sholáthraítear leis an gcaipiteal sin.



Easóg
Grianghraf:
Mike Brown

Bhí sé d'aidhm leis an bPlean Náisiúnta Bithéagsúlachta roimhe seo an bonn eolais ar bhithéagsúlacht a fhorbairt d'fhonn faisnéis a sholáthar le haghaidh cinnteoireachta. Bhíothas chun clár comhordaithe curtha in ord tosaíochta a ullmhú, d'fhardail de shuirbhéanna agus de thaighde, go háirithe le haghaidh na ngnáthóg agus na speiceas atá liostaithe i dTreoracha an AE maidir le hÉin agus Gnáthóga chomh maith le speicis i mbaol nó faoi bhagairt

nach raibh mórán eolais ann fúthu, nó ar bhain tábhacht chaomhnaithe eile leo. Leanfar de chur leis na héachtaí a rinneadh go dtí seo leis na Gníomhaíochtaí le haghaidh Bithéagsúlachta nua agus rachfar i ngleic le réimsí suirbhé agus taighde atá le críochnú fós.

Le blianta beaga anuas, rinneadh mórshuirbhéanna ar ghnáthóga muirí agus talún agus tá cláir taighde á gcur chun feidhme le haghaidh mórán speiceas faoi chosaint. Leis an taighde seo tabharfar tuiscint níos fearr dúinn ar stádas caomhnaithe agus éiceolaíochta na speiceas sin agus cuirfear leis an mbonn eolais lena mbeifear ábalta bearta caomhnaithe éifeachtacha a dhéanamh faoin bPlean.

Tá monatóireacht agus measúnú riachtanach chun tuiscint a fháil ar 'shláinte' na ngnáthóg agus na speiceas, iad siúd atá cosanta faoin dlí go háirithe. Foilsíodh an chéad

mheasúnú mór ar ghnáthóga agus ar speicis atá cosanta san AE in 2008, agus bhí sé bunaithe ar na suirbhéanna náisiúnta is cuimsithí ar tugadh fúthu go dtí seo. Thug an measúnú le fios go bhfuil stádas caomhnaithe measartha sásúil ag go leor speicis Éireannacha flóra agus fána ach go bhfuil drochstádas iomlán ag an gcuid is mó de na gnáthóga. Is tosaíocht é, dá bhrí sin, sraith gníomhaíochtaí a chur chun feidhme a chuirfidh stop le cailteanas bithéagsúlachta agus a chuideoidh lena téarnamh.

BITHÉAGSÚLACHT NA HÉIREANN: TREOCHTAÍ AGUS BAGAIRTÍ

Mar thoradh ar an bhfeabhas mór a rinneadh ar bhailiú sonraí faoi bhithéagsúlacht le deich mbliana anuas, is féidir linn léargas níos cruinne a fháil ar na brúnna agus na bagairtí móra maidir le bithéagsúlacht na hÉireann. Tá na brúnna agus na bagairtí seo cosúil leo siúd a bhfuil go leor tíortha eile san Eoraip ag dul i ngleic leo, agus is é atá i gceist leo ná dochar díreach, ró-innilt, saothrú neamh inbhuanaithe (mar ró-iascaireacht), truailliú agus ionradh ag speicis choimhthíocha. Tá laghdú beag tagtha ar bhrú mar thoradh ar thalmhaíocht agus ar fhoraoisiú tráchtála le cúpla bliain anuas, agus tá brú mar thoradh ar fhorbairt tithíochta agus bonneagair imithe i laghad freisin ó thosaigh an cúlú eacnamaíochta in 2008.

D'ainneoin an fheabhais iomláin ar cháilíocht uisce le haghaidh na tréimhse 2004-2006, tá meathlú ar na huiscí a bhfuil an cháilíocht is airde acu mar bhagairt mhór do bhithéagsúlacht in éiceachórais fionnuisce. Cúis imní mhór é ró-iascaireacht ar speicis éisc mhuirí.

Is féidir teacht ar chur síos níos mionsonraithe ar an stádas, na treochnaí agus na bagairtí reatha ó thaobh bhithéagsúlachta na hÉireann sa 4útuarascaíl chuig an gCoinbhinsiún. Is féidir rochtain a fháil air ag <http://www.cbd.int/doc/world/ie/ie-nr-04-en.pdf>

Tá achoimre ar an obair taighde agus mhonatóireachta a rinneadh ó 2002 i leith le fáil san 'Athbhreithniú Eatramhach ar Chur Chun Feidhme an Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta', atá ar fáil ar www.npws.ie.

Ag forbairt ar an obair go dtí seo, ní mór d'Éirinn leanúint dá hiarrachtaí eolas a neartú sa réimse seo d'fhonn tuiscint níos fearr a fáil ar an gcás reatha agus ar na dúshláin amach anseo. Cuirfidh Éire feabhas ar thaighde agus déanfar dul chun cinn ar mheasúnachtaí ar stádas, ar threochnaí agus ar dháileadh na ngnáthóg agus na speiceas go léir a bhfuil spéis ag baint leo don Chomhphobal Eorpach agus ar ghnáthóga agus speicis eile a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo.

SPRIOC 3: Mar thoradh ar eolas faoi bhithéagsúlacht agus faoi sheirbhísí éiceachórais tá ár gcumas le caomhnú, bainistíocht éifeachtach agus húsáid inbhuanaithe a chinntiú faoi 2016 méadaithe go mór

Ar an obair bhreise beidh bailiú sonraí le haghaidh tuairisciú a dhéanamh ar stádas na ngnáthóg agus na speiceas; Liostaí Sonraí Dearga Éireannacha a ullmhú le haghaidh sainghrúpaí speiceas; Atlas Éan a ullmhú faoi 2014; Atlas Mamach a ullmhú faoi 2016; suirbhéanna bonnlíne náisiúnta a dhéanamh ar ghnáthóga a bhfuil eolas fúthu gann (nó as dáta) faoi láthair, agus suirbhéanna agus taighde a dhéanamh ar ghnáthóga muirí agus ar speicis bheantacha, go háirithe i limistéir atá ainmnithe mar Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta.


Tá eolas maidir le suíomh, méid agus riocht na ngnáthóg nádúrtha agus na speiceas in Éirinn bunúsach le haghaidh dea-bainistíochta um chaomhnú. Tá sé bunúsach chomh maith maidir le measúnú stoic ar 'chaipiteal nádúrtha' na hÉireann agus na hearraí agus na seirbhísí éiceachórais. Níl go leor sonraí i léarscáiliú úsáid talún ar scála leathan, amhail CORINE chun an cuspóir seo a bhaint amach.

Dá bhrí sin tá sé riachtanach léarscáil gnáthóg náisiúnta a chur i gcrích; agus chun taca a chur faoi léarscáiliú dá leithéid, aicmiúchán fásra náisiúnta cuimsitheach a tháirgeadh. Chuirfí le Treoir na Comhairle Oidhreachta ar Ghnáthóga in Éirinn (A Guide to Habitats in Ireland) agus bheadh sé luachmhar i measúnuithe ar nádúr an tírdhreacha.

Glacfar le sraith táscairí ceannlíne bithéagsúlachta a thabharfaidh eolas don phobal agus do lucht déanta cinní maidir le staid agus treochnaí na bithéagsúlachta, brú ar an mbithéagsúlacht agus éifeachtúlacht na bpríomhbheart beartais, agus cuirfear i bhfeidhm na táscairí sin. Tá sé i gceist go mbeidh na príomhtháscairí curtha i bhfeidhm agus go bhféadfaidh tionchar a bheith acu ar chinntí beartais faoin mbliain 2012.

Le rochtain fheabhsaithe ar shonraí cuirtear ar chumas lucht déanta beartas, pleanálaithe agus daoine eile cinní a dhéanamh bunaithe ar

an bhfaisnéis nuashonraithe is fearr atá ar fáil. D'fhéadfadh sé a bheith deacair agus costasach faisnéis den sórt sin a fháil agus a nuashonrú; dá bhrí sin tá sé riachtanach a chinntiú go mbainfear a mhéid úsáide is féidir as. Cuirfidh Éire úsáid caighdeáin agus uirlisí sonraí coitianta chun cinn chun cur ar chumas eagraíochtaí a sonraí a bhainistiú agus a roinnt ar mhodh réidh, agus sa dóigh is go mbeifear ábalta na sonraí a úsáid le haghaidh ilchuspóirí. Tagann an prionscabal 'idir-inoibritheachta' le meanma Threoir INSPIRE an AE: 'bailiú uair amháin, úsáid go minic' 'collect once, use often'.




Imríonn an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (NBDC) príomhról sa réimse seo. Gníomhaíonn an tIonad mar mhol lánach chun sonraí a mhalartú idir ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit, institiúidí taighde, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus, go rithábhachtach, taifeadóirí deonacha - maidir leis sin tá sé mar aidhm sa phlean an líonra deonach a sholáthraíonn sonraí tábhachtacha de sórt sin a thacú agus a spreagadh.

Taighde Bithéagsúlachta

Tá gá le cur chuige níos comhtháite ar thaighde bithéagsúlachta in Éirinn. Lorgaíonn taighdeoirí aonair cistiú trí raon meicníochtaí laistigh d'Éirinn agus trí Chreatchlár an AE, go minic gan tagairt a dhéanamh do na tionscadail atá faoi shiúl cheana. D'fhéadfadh forluí tarlú dá bharr seo idir tionscadail laistigh den phobal taighde ollscoile agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha idirnáisiúnta agus d'fhéadfadh bearna eolais tarlú maidir le léargas foriomlán an taighde a mbeadh á dhéanamh ag aon tráth áirithe agus mar sin iarrachtaí cistithe a dhúbláil b'fhéidir. Is céim riachtanach é forbairt Beartas Straitéiseach Éireannach ar chur chuige comhtháite maidir le cistiú taighde bithéagsúlachta i dtaca le hacmhainn agus oiliúint taighde a fhorbairt chun tacú le cur chun feidhme an bheartais bithéagsúlachta.

Chun feabhas a chur ar an bpróiseas chun riachtanais taighde bithéagsúlachta a shainiú, athlaineáladh an tArdán Náisiúnta le haghaidh Taighde Bithéagsúlachta in 2008; arna chomhchistiú ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus arna riaradh ag rúnaíocht. Éascaítear leis cumarsáid fheabhsaithe idir na gníomhaireachtaí cistithe, eolaithe, lucht déanta beartas agus páirtithe leasmhara eile ar suim leo an scéal. Baintear é seo amach trí scrúdú



córasach a dhéanamh ar na bearnaí i dtaighde a theastaíonn mar bhonn eolais do riachtanais bheartais, trí shraith saincheardlann fócasaithe. Tá an tArdán mar chuid de líonra níos leithne d'ardáin bhithéagsúlachta ar fud na hEorpa atá nasctha leis an Ardán Eorpach um Straitéis Taighde Bithéagsúlachta agus líonraí bithéagsúlachta Eorpacha agus idirnáisiúnta eile.

Tá scrúdú déanta cheana ann ar bhearnaí i dtaighde bithéagsúlachta agus tús áite tugtha ann dóibh ar fud raon gnáthóg agus speiceas agus tá réimsí inar cheart díriú ar an ord tosaíochta seo molta ann. Foilsíodh an Clár um Eolas Bithéagsúlachta d'Éirinn (cistithe agus foilsithe ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus an EPA) in 2006 agus tugtar breac-chuntas ann ar na riachtanais taighde bithéagsúlachta tosaíochta d'Éirinn agus na bearta cistithe a theastaíonn lena gcur i bhfeidhm. Lena chois sin d'fhoilsigh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta na 'Bearnaí Eolais' a bhaineann le caomhnú na bithéagsúlachta in Éirinn. Cuidítear leis na doiciméid sin le gníomhaíocht a phleanáil amach anseo sa réimse sin.

Mar atá leagtha amach i gCaibidil 2 agus faoi Sprioc 1 araon, tá luach eacnamaíoch na n-éiceachóras agus na bithéagsúlachta ina ábhar atá ag éirí níos tábhachtaí agus tá taighde níos mionsonraithe de dhíth air in Éirinn. Déanfar obair sa réimse sin go ginearálta agus chun ceangal a dhéanamh leis na gníomhaíochtaí faoi Sprioc 1.

Déanfar taighde chomh maith le feabhas a chur ar eolas maidir leis na cúiseanna díreacha agus indíreacha is mó atá le caillteanas bithéagsúlachta agus chun roghanna coiscthe agus maolaithe a fhorbairt agus a thástáil maidir leis sin.

Leanfar den chlár reatha de thaighde foraoise ar bhithéagsúlacht foraoise, ar chuntasaíocht charbóin agus ar idirghníomhú athrú aeráide agus córais foraoise d'fhonn ár dtuiscint sa réimse sin a neartú.


Tá obair ar siúl chun an tArdán Idir-rialtais ar Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES) a bhunú. Is idirphlé a bheidh i gceist leis seo idir an pobal eolaíoch agus lucht déanta beartas ina mbeidh sé d'aidhm acmhainn a fhorbairt le haghaidh úsáid eolaíochta i ndéanamh beartas agus í a neartú. Cuireadh fáilte roimh an gcoincheap ag 10ú Comhdháil na bPáirtithe chuig an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus rith Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe rún ina dhiaidh sin ina iarradh ar na Náisiún Aontaithe cruinniú iomlánach a thionól d'fhonn an IPBES a oibríochtú chomh luath agus is féidir.

Fardal Foinsí Géiniteacha

Rinneadh bearta d'fhonn roinnt de speicis Ghaol Fiáin Bairr na hÉireann a chaomhnú le blianta beaga anuas. Sa chuid is mó de na hiarrachtaí go dtí seo díríodh ar na seanchineálacha a shainaitheint agus ar chaomhnú ex situ príomhspeiceas, trí bhainc ghéinte a fhorbairt agus a bhainistiú go príomha.

Mar shampla, thionscain Genetic Heritage Ireland, i gcomhair le Cumann Lucht Sábhála Shíolta na hÉireann, an Tionscadal um Chineálacha Gránaigh na hÉireann (Irish Cereal Varieties Project) d'fhonn cineálacha gránaigh Éireann a aistíriú agus d'fhonn a gcaomhnú in situ agus ex situ a chur chun cinn. Tá síol faighte sa tionscadal seo óna lán cineálacha Éireannacha ainmnithe agus ó roinnt bailiúchán nach bhfuil ainmnithe fosta agus d'fhéadfadh sé gur ábhar lanrásach iad (cineál áitiúil de speicis phlandaí a forbraíodh trí phróisis nádúrtha don chuid is mó).

Lena chois sin, lainseáil an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta láithreán Gréasáin agus bunachar um Ghaolta Fiáin Barr, a chuireann faisnéis ar fáil maidir le stádas caomhnaithe, gnáthóg, dáileadh agus úsáid 102 gaol fiáin bairr a fhásann in Éirinn. Teastaíonn tacaíocht leanúnach chun an fhaisnéis faoi acmhainní géiniteacha tábhachtacha bia agus talmhaíochta a chóimheas agus a nuashonrú.



Bisporrella citrina
Grianghraf: Robert Thompson

Tacsanomaíocht

Soláthraítear le tacsanomaíocht buntuisctint ar chomhpháirteanna na bithéagsúlachta. Is feithidí, plandaí, fungais agus miocroorgánaigh iad formhór na n-orgánach, agus teastaíonn sainscileanna chun iad a shainaitheint mar is ceart. Ní mór dul i ngleic le faisnéis agus bonneagar tacsanomaíoch neamhleor, mar aon le saineolas tacsanomaíoch atá ag meath, lena chur ar ár gcumas cinntí eolasacha a dhéanamh faoi chaomhnú na bithéagsúlachta.



Sciobaire Dubh
Grianghraf: Robert Thompson

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 3.1 Feabhas a chur ar thaighde agus measúnachtaí a chur chun cinn ar stádas, ar threochtaí agus ar dháileadh na ngnáthóg agus na speiceas go léir a bhfuil speis ag baint leo don Chomhphobal agus ar ghnáthoga agus speicis eile a bhfuil tábhacht náisiúnta agus réigiúnach ag baint leo.
- 3.2 Leanúint le nuashonrú a dhéanamh ar an mBunachar Fásra Náisiúnta agus úsáid a bhaint as chun Córas Aicmiúcháin Fásra Éireann mionchoigeartaithe a fhorbairt.
- 3.3 Grúpa oibre a bhunú faoi 2011 chun forbairt léarscáil náisiúnta gnáthóg talún agus muirí a thabhairt ar aghaidh faoi 2015.
- 3.4 Sraith táscairí bithéagsúlachta ceannlíne a ghlacadh agus a chur chun feidhme faoin mbliain 2012.
- 3.5 Comhchaighdeáin sonraí agus nósanna imeachta coiteanna um dhearbhu cáilíochta a bhunú agus leanúint dá gcur chun cinn de réir Threoir INSPIRE agus le caighdeáin sonraí eile chun comh-inoibritheacht bunachair sonraí agus fardail lárnacha bithéagsúlachta a chumasú faoi 2015.
- 3.6 Ar bhunús na gcaighdeán agus na nósanna imeachta sin, córas faisnéise roinnte a fhorbairt le haghaidh na bithéagsúlachta, lena gcuireann sonraí ar fáil do gach páirtí leasmhar, lena ndéantar tuairisciú a shruthlíniú agus lena dtacaítear le luacháil agus forbairt beartais ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus domhanda faoi 2015.
- 3.7 Tacaíocht agus spreagadh a chur ar fáil don líonra deonach a dhéanann taifeadadh bitheolaíochta.
- 3.8 Leanúint ar aghaidh le hobair an Ardáin Náisiúnta um Thaighde ar Bithéagsúlacht agus í a leathnú, faoi threoir ó mholtaí shainghrúpa oibre an Ardáin.
- 3.9 Taighde breise agus níos mionsonraithe a dhéanamh ar luach eacnamaíoch na n-éiceachóras agus na bithéagsúlachta in Éirinn.
- 3.10 Feabhas a chur ar fheasacht maidir leis na cúiseanna díreacha agus indíreacha is mó le cailteanas bithéagsúlachta; roghanna coiscthe agus maolaithe a fhorbairt agus a thástáil.
- 3.11 Leanúint ar aghaidh leis an gclár reatha de thaighde foraoise ar bhithéagsúlacht fhoraoise, ar chuntasaíocht charbóin agus ar idirghníomhú athrú aeráide agus córais foraoise.

3.12 Leanúint ag aithint agus ag cruthú fardail d'acmhainní tábhachtacha géiniteacha le haghaidh bia agus talmhaíochta, in situ agus ex situ araon de réir mar is cuí, go háirithe na hacmhainní géiniteacha siúd atá i mbaol agus b'fhéidir nár aithníodh iad nó nach ndearnadh iad a chainníochtú go dtí seo.

3.13 Feabhas a chur ar an gcumas tógála agus cothabhála maidir leis na hacmhainní daonna, na córais agus an bonneagar a theastaíonn chun na heiseamail bhitheolaíochta atá mar bhunús d'eolas tacsanomaíoch a aithint, a fháil, a thiomsú agus coiméadaíocht a dhéanamh orthu.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon na Liostaí Dearga foilsithe
- Atlas Éan foilsithe
- Atlas Mamach foilsithe
- Líon na gnáthóg agus na speiceas dá bhfuil dea-shonraí ar fáil agus a rinneadh measúnachtaí stádais ina leith
- Córas Aicmiúcháin Fásra forbartha
- Caighdeáin sonraí feabhsaithe agus dearbhú cáilíochta i bhfeidhm
- Ardán Náisiúnta um Thaighde ar Bithéagsúlacht i mbun feidhme.
- Líon na gclár taighde agus na suirbhéanna leanúnacha maidir leis an mbithéagsúlacht
- Dóthain taighde déanta ar luach eacnamaíoch na bithéagsúlachta chun comhtháthú sa phróiseas cuntasaíochta de réir Ghníomh 1.12 a cheadú
- Clár taighde foraoise ag leanúint ar aghaidh
- Líon na n acmhainní géiniteacha faoi bhagairt a aithníodh
- Líon na ngrúpaí speicis dá bhfuil / nach bhfuil saineolas tacsanomaíoch leordhóthanach sa Stát

CUSPÓIR 3: Cur leis an bhfeasacht agus leis an tuiscint maidir le seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais**SPRIOC 4: Tuiscint fheabhsaithe ag lucht déanta beartas, ag páirtithe leasmhara agus ag an bpobal i gcoitinne do luach na bithéagsúlachta agus na seirbhísí éiceachórais****Feasacht a Spreagadh**

Dar le taighde a d'fhoilsigh an Chomhairle Oidhreachta in 2010, níl feabhas tagtha ar leibhéil feasachta an phobail maidir le bithéagsúlacht ó 2007. Is é an tríú cuspóir straitéiseach mar sin feasacht phoiblí ar shaincheisteanna bithéagsúlachta a spreagadh. Mar sin féin, tá níos mó daoine ar aon intinn in 2010 maidir le luach eacnamaíoch na bithéagsúlachta i gcomparáid le ceisteanna níos éadroime ó thaobh caitheamh aimsire a bhí chun tosaigh in 2007 ach tá mearbhall ar an bpobal fós maidir leis an gceangal atá idir athrú aeráide agus cailteanas bithéagsúlachta. Léiríonn na torthaí sin go bhfuil gá soiléir le méadú ar fheasacht an phobail faoi cheisteanna bithéagsúlachta a chur chun cinn, lena n-áirítear leanúint ar aghaidh le 'Notice Nature', feachtas oifigiúil na hÉireann chun bithéagsúlacht a chur chun cinn.

Ní raibh sé furasta feasacht a spreagadh i measc an phobail i gcoitinne go dtí seo, ach tá tuiscint níos fearr ar bhithéagsúlacht i measc na n-earnálacha a bhfuil baint dhíreach acu le hacmhainní bitheolaíochta a shaothrú, mar shampla sna hearnálacha talmhaíochta, iascaigh agus foraoiseachta. Tá feasacht i bhfad níos fearr ar shaincheisteanna bithéagsúlachta i measc timpeall 60,000 feirmeoir mar thoradh ar scéimeanna agra-chomhshaoil amhail an Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe (REPS) agus Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta (AEOS). Seachas na bearta a ghactar faoin scéim, beidh an fheasacht a ghinfear ríthábhachtach chun go n-éireoidh le raon gníomhaíochtaí caomhnaithe ar thalamh feirme, toisc gur feirmeoirí a dhéanann bainistíocht ar go leor de na láithreáin talún a bhfuil tábhacht ag baint leo ó thaobh na bithéagsúlachta de.

**Gníomhaíochtaí maidir le Feasacht**

In 2009, bunaíodh ciste feasachta bithéagsúlachta faoin gCiste Comhshaoil, ionas go bhféadfaí cistiú a dhéanamh ar fhoilseacháin, ar chláir agus ar imeachtaí feasachta. Bhí go leor ar bun in 2010, mar chomórath ar Bhliain Idirnáisiúnta na Bithéagsúlachta. Tá cláir oideachais, rannpháirtíochta agus feasachta ann faoi thionscnaimh eile freisin, mar shampla an Chreat-treoir Uisce, a éascóidh cosaint na bithéagsúlachta.

Leanfaidh roinnt eagraíochtaí ag glacadh páirte in oideachas agus in ardú feasachta maidir le saincheisteanna bithéagsúlachta. Áirítear orthu sin an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, a hlonaid Oideachais agus a feachtas 'Notice Nature', an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Chomhairle Oidhreachta, Garraithe Náisiúnta na Lus, agus an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta. Déanann RTÉ, an stáisiún náisiúnta craolacháin, cláir faoin dúlra a chraoladh go rialta, agus tá tacaíocht ar fáil chun cineálacha áirithe clár a léiriú. Leanfaidh eagraíochtaí neamhrialtasacha, chomh maith le go leor grúpaí pobail áitiúla agus daoine aonair díograiseacha, ar aghaidh ag cur go mór le feasacht an phobail faoi chaomhnú na bithéagsúlachta agus le rannpháirtíocht an phobail ann.



Leanfaidh scoileanna orthu ag glacadh páirte in oideachas faoi shaincheisteanna bithéagsúlachta, tríd an gcuiraclam náisiúnta agus trí chomhpháirtíochtaí le húdaráis Stáit agus áitiúla, le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha agus le grúpaí pobail. I measc na samplaí de chomhpháirtíocht éifeachtach tá Clár na Scoileanna Glasa. Tá an tionscnamh seo fós ar siúl agus á eagrú ag An Taisce agus 'Something Fishy' atá á reáchtáil ag Iascaigh Intíre na hÉireann agus comórtas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT.

Gníomhaíochtaí don Todhchaí

Tá gá le tuilleadh gníomhaíochtaí chun feasacht a spreagadh, ach tá deis ann cur leis an méid a rinneadh go dtí seo. Beidh tuiscint agus feasacht bhreise maidir le saincheisteanna bithéagsúlachta lárnach ó thaobh iompar forghníomhach a mhéadú agus ó thaobh go leor de na gníomhaíochtaí a leagtar síos sa phlean seo a chomhlíonadh.

Beidh caidreamh gníomhach le hearnálacha ábhartha agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara lárnach má táimid chun ár spriocanna a bhaint amach, agus mar sin beidh sé mar aidhm againn feabhas a chur ar oiliúint, ar chumarsáid, ar chomhoibriú agus ar ghníomhaíocht chomhbheartaithe idir gach earnáil ábhartha (an rialtas, úinéirí talún, agus na pobail ghnó, feirmeoireachta, foraoiseachta, eolaíochta agus chaomhnaithe, srl.) mar thacaíocht do chaomhnú na bithéagsúlachta.

Tá gá le tuilleadh oibre chun bithéagsúlacht agus earraí agus seirbhísí éiceachórais a chuimsiú i gcúrsaí lárnacha san oideachas dara agus tríú leibhéal, go háirithe sna réimsí is mó a bhaineann tairbhe as an mbithéagsúlacht, nó a imríonn tionchar air, m.sh. talmhaíocht, bia, turasóireacht, innealtóireacht agus pleanáil, chomh maith le leigheas, cúram sláinte, fiontar agus staidéar gnó.

Is féidir le hearnáil na Turasóireachta ról tábhachtach a chomhlíonadh freisin ó thaobh feasacht agus tuiscint d'oidhreacht nádúrtha na hÉireann a mhéadú. Mar a tharlaíonn go minic, bíonn gá le dearcadh ón taobh amuigh chun go dtabharfaidh duine aird ar shuibhreas a chultúir agus a oidhreacht féin, agus is féidir leis an meas a bhíonn ag turasóirí eachtracha ar ár mbithéagsúlacht ról lárnach a imirt ina leith seo trí fheasacht agus bród mhuintir na hÉireann a spreagadh. Tá Fáilte Éireann ag obair de réir a chéile chun ár n-oidhreacht nádúrtha a chur os comhair turasóirí agus ag iarraidh inbhuanaitheacht chomhshaoil a chur chun cinn. Cuireadh Treoirlínte Bithéagsúlachta don Earnáil Turasóireachta ar fáil mar chuid den fheachtas 'Notice Nature' agus ba chóir tuilleadh oibre a spreagadh idir eagraíochtaí ábhartha agus Fáilte Éireann chuige sin.

Faoi *Gníomhaíochtaí le haghaidh na Bithéagsúlachta* is gníomh lárnach atá ann straitéis spriocdhírthe oideachais agus feasachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme leis an gcuspóir sonracha tuiscint ar luach na bithéagsúlachta agus an tábhacht a bhaineann le cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch a fheabhsú.

Beidh sé tábhachtach freisin feasacht a spreagadh maidir le *Gníomhaíochtaí le haghaidh na Bithéagsúlachta*, a chuspóirí agus a ghníomhaíochtaí. Mar sin, forbrófar feachtas cumarsáide agus cuirfear i bhfeidhm é chun cabhrú le cur chun feidhme an chláir.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 4.1 Feabhas a chur ar oiliúint, ar chumarsáid, ar chomhoibriú agus ar ghníomhaíocht chomhbheartaithe idir na hearnálacha ábhartha mar thacaíocht do chaomhnú na bithéagsúlachta.
- 4.2 Oibriú le Ranna agus le páirtithe leasmhara ábhartha chun bithéagsúlacht agus earraí agus seirbhísí éiceachórais a chuimsiú i gcúrsaí ábhartha san oideachas dara agus tríú leibhéal.
- 4.3 Feachtas cumarsáide a fhorbairt agus a chur chun feidhme mar thacaíocht do chur chun feidhme iomlán an Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht agus tuiscint an phobail agus na hearnála maidir le luach na bithéagsúlachta a fheabhsú.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Leibhéal méadaithe feasachta poiblí maidir leis an mbithéagsúlacht agus le saincheisteanna bainteacha i gcomparáid le blianta roimhe sin
- Líon na gcúrsaí a chuimsíonn bithéagsúlacht
- Líon na scoileanna sa chlár Scoileanna Glasa
- Líon na rannpháirtithe sa chatagóir 'Bitheolaíocht agus Éiceolaíocht' den chomórtas Eolaí Óg
- Líon na n-amas ar shuíomh Gréasáin Notice Nature
- Ballraíocht eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil

Féach freisin gníomhaíocht 1.2 thuas.

3.3 Bithéagsúlacht a Chosaint agus a Athbhunú in Éirinn

CUSPÓIR 4: Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú sa tuath níos leithne

SPRIOC CEANNLÍNE: Caillteanas bithéagsúlachta ar fud na tuaithe a laghdú faoin mbliain 2016 agus athshlánú suntasach a bheith le feiceáil faoin mbliain 2020.

Glactar leis go ginearálta nach mór do chosaint bithéagsúlachta aird faoi leith a thabhairt ar na láithreáin lena mbaineann an luach dúlra is airde agus leis na speicis is mó atá i mbaol. Ós rud é go bhfuil go leor dár mbithéagsúlacht taobh amuigh de limistéir faoi chosaint, áfach, ní mór gníomhú ar fud na tuaithe chun bithéagsúlacht a chaomhnú go héifeachtach agus a úsáid go hinbhuanaithe agus chun seirbhísí bunriachtanacha éiceachórais a chothú. Tá sampla maith de seo le feiceáil sa Bhoirinn i gCo. an Chláir. Níl i bPáirc Náisiúnta na Boirne ach cuid de Limistéar Caomhantais Speisialta atá i bhfad níos mó. Níl sa limistéar sin ach cuid de réigiún iomlán na Boirne. Cabhraíonn Clár na Boirne um Fheirmeoireacht ar Son Caomhnaithe (féach thíos) le héiceachórais a choimeád agus a athshlánú lasmuigh den limistéar faoi chosaint ar bhealach inbhuanaithe a mbainfidh an feirmeoir agus na gnáthóga laistigh agus lasmuigh den chuid chosanta leas as.

Is í an bhgairt is mó a bhaineann do bhithéagsúlacht taobh istigh agus taobh amuigh de limistéir faoi chosaint ná díghrádú, bloghadh agus caillteanas gnáthóige. Is mar thoradh ar athruithe ar chleachtais talmhaíochta (amhail dianthalmhaíocht), foraoiseacht tráchtála, róshaothrú iascaigh, baint móna, truailliú aeir agus uisce, speicis choimhthíocha ionracha, glanadh agus forbairt talún, turasóireacht agus gníomhaíochtaí áineasa agus athrú aeráide is mó a tharlaíonn sé. Tá méadú ag teacht ar an mbrú ar bhithéagsúlacht mar thoradh ar an bhfás sa daonra, úsáid acmhainní agus athruithe ar úsáid talún, uirbiú, tógáil bóithre agus forbairt bonneagair.

SPRIOC 5: Úsáid deiseanna faoin mbeartas i leith talmhaíochta, forbartha tuaithe agus foraoiseachta a bharrfheabhsú chun cabhrú le bithéagsúlacht.



Patraisc Bhroinnliath
Grianghraf: Eddie Dunne

Cúlra

Tá talmhaíocht agus foraoiseacht freagrach as 70% d'úsáid iomlán talún sa Stát. Tá fiorthábhacht ag baint le slándáil bia agus le hinbhuanaitheacht na talmhaíochta inár saol go léir, agus cé go bhfuil sé de chumas ag cleachtas talmhaíochta cur go mór le caomhnú speiceas agus gnáthóg, is féidir leis go leor damáiste a dhéanamh freisin. Tá an Comhbheartas Talmhaíochta ar cheann de na fórsaí is suntasaí ó thaobh athruithe talmhaíochta de, agus tá athrú déanta air le blianta beaga anuas chun comhtháthú níos fearr a dhéanamh ar riachtanais na bithéagsúlachta.

Mar a luadh faoi Sprioc 4, tá feasacht i bhfad níos fearr ar shaincheisteanna bithéagsúlachta i measc na bhfeirmeoirí atá rannpháirteach i scéimeanna agra-chomhshaoil cosúil leis an Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe (REPS) agus Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta (AEOS).

Talmhaíocht agus Bithéagsúlacht

Tá an Clár Forbartha Tuaithe, atá mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta, bunaithe ar chreat an AE agus "rialaithe" leis caiteachas beartaithe d'os cionn 7 billiún thar thréimhse seacht mbliana. Leagadh roinnt príomhthosaíochtaí síos i gclár na hÉireann lena n-áirítear 'Feabhas a chur ar an gcomhshaoil agus ar an tuath trí thacaíocht a chur ar fáil do bhainistiú talún'.

Faoin tosaíocht sin, dearadh bearta chun acmhainní agus tírdhreacha nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú i gceantair tuaithe. Ar an gcaoi sin, bheidís ag cur le réimsí tosaíochta an AE:

- Bithéagsúlacht agus caomhnú agus forbairt feirmeoireachta ag a bhfuil luach ard dúlra agus córais foraoiseachta agus tírdhreacha talmhaíochta traidisiúnta
- Uisce
- Athrú aeráide

Chuidigh na bearta sin le cur chun feidhme an líonra Natura 2000, leis na cuspóirí a leagadh síos i dTreoir 2006/60/CE lena mbunaítear creat maidir le gníomhú sa réimse beartais uisce, agus le spriocanna Phrótagal Kyoto maidir le maolú ar athrú aeráide.

Tráth ar foilsíodh an Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta roimhe sin, spreag scéimeanna ceannsráithe agus préimheanna beostoic feirmeoirí chun líon na gcaorach agus na n-eallach a uasmhéadú, agus mar thoradh air sin tháinig brú mór de bharr ró-innilte agus creimeadh ithreach, feabhsú talmhaíochta agus truailliú uisce. Nuair a tugadh isteach Scéim na hAoníocaíochta Feirme in 2005 cuireadh deireadh leis an dreasacht sin chun an líon beostoic a uasmhéadú agus mar thoradh air sin, chomh maith le Creatphlean na gCoimíneachtaí, tháinig laghdú ar an mbrú ar bhithéagsúlacht i roinnt limistéar íogair.

Ba í an phríomhscéim trínar thug an Clár um Fhorbairt Tuaithe faoi chúrsaí agra-chomhshaoil ná an Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe (REPS). Seoladh scéimeanna nua, an Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta (AEOS) agus Scéim Natura, in 2010. Is iad cuspoirí na scéimeanna ná an bhithéagsúlacht a chur chun cinn, i láithreáin Natura 2000 ach go háirithe, cáilíocht uisce a fheabhsú agus athrú aeráide a chomhrac.

In 2006, seoladh Scéim Plean Feirme NPWS mar rogha eile d'fheirmeoirí nach raibh ag glacadh páirte in REPS. Cé go raibh REPS á chistiú go suntasach ag an AE, is ón státchiste náisiúnta a bhí an cistiú do Scéim NPWS. Bíonn conradh 5 bliana ag feirmeoirí rannpháirteacha agus íoctar iad as ucht gníomhaíochtaí a chur i gcrích atá fabhrach don bhithéagsúlacht i láithreáin Natura 2000, Limistéir Oidhreachtá Náidúrtha agus ar choimíneachtaí. In Aibreán 2010, i bhfianaise srianta airgeadais, ba ghá an Scéim Plean Feirme a dhúnadh d'iontrálaithe nua.

Ba cheart go rachadh bearta faoi bheartas margaidh agus ioncain, lena n-áirítear Scéim na hAoníocaíochta Feirme, (díchúpláil) agus traschomhlíonadh éigeantach, chun sochar na bithéagsúlachta freisin. Baineann Scéim na hAoníocaíochtaí Feirme, lena cuireadh tús in 2005, le gach feirmeoir. Éilítear ar na hiarratasóirí go léir faoin scéim a gcuid talún go léir a chothú 'i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil' agus cloí le 19 Ceanglas Bainistíochta Reachtuil chun traschomhlíonadh a chur chun feidhme. Áirítear orthu seo ceanglais a bhaineann le héin, le gnáthóga, le screamhuisce, le sloda múnlaigh agus le níotráití.

Agus an doiciméad seo á scríobh, níl na leasuithe ar Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) an AE a chuirfear i bhfeidhm ó 2013 curtha i gcrích. Is dóigh go mbeidh athrú beartais i dtreo comhtháthú comhshaoil agus sóisialta níos fearr mar chuid díobh. I gcumarsáid a rinneadh le déanaí, "The CAP towards 2020: Meeting the food, natural

resources and territorial challenges of the future" leagann an Coimisiún Eorpach síos na dúshláin a bhaineann le CBT agus an chonclúid nach mór dó a bheith ina bheartas níos inbhuanaithe, níos cothroime, níos spriocdhírithé, níos simplí agus níos éifeachtaí agus a bheith níos cuntasáí i dtaca le riachtanais agus ionchais shaoránaigh an AE.

Is ceann de Spriocréimsí Straitéis Bithéagsúlachta an AE é rannchuidiú na talmhaíochta agus na foraoiseachta a mhéadú chun an bhithéagsúlacht a chothabháil agus a fheabhsú. Chuige sin, cuimsítear i moltaí an Choimisiúin íocaíochtaí díreacha a fheabhsú agus caighdeán GAERC a fheabhsú agus a shimplíú.

Ó thaobh na bithéagsúlachta de, ba mhaith an rud é go léireodh íocaíochtaí agra-chomhshaoil aon srianta a chuirtear ar fheirmeoirí chun bithéagsúlacht a fheabhsú. Tá sé tábhachtach go seachnófaí neamh-chomhionannas ina measc siúd sa phobal feirmeoireachta a bhfuil luach dúlra níos airde ag baint lena gcuid talún agus óna dteastaíonn bainistíocht níos leochailí dá bharr sin.

I gcomhthéacs na hÉireann, in ainneoin go leor den dul chun cinn a rinneadh go dtí seo agus a leagtar amach thuas, níor chinntigh cur chun feidhme an chórais íocaíochtaí CBT go dtugtar cosaint leormhaith don bhithéagsúlacht. Tá imní ann, cé go gcuirtear tacaí agus dreasachtaí ar fáil, go bhfuil laghdú tagtha ar bhithéagsúlacht i láithreáin Natura 2000 agus ar fud na tuaithe ar fad.

Cur chuige lárnach faoi *Gníomhaíochtaí le haghaidh na Bithéagsúlachta*, mar sin, is ea a chinntiú go ndéantar foráil i mbearta in aon scéim agra-chomhshaoil amach anseo, i gcomhair cosaint agus feabhsú seirbhísí éiceachórais agus na bithéagsúlachta ar fud an Stáit.

Fómhar Bia 2020

Is é Fómhar Bia 2020 an straitéis mheántéarmach maidir le forbairt na hearnála agraibhia, deochanna, foraoiseachta agus iascaigh in Éirinn. Is fíis straitéiseach atá sa tuarascáil a bhfuil sé d'aidhm aici an earnáil agraibhia, iascaigh agus foraoiseachta a chur i gcroílár an téarnaimh gheilleagraigh bunaithe ar onnmhairiú, agus a chinntiú go rannchuidíonn sí an oiread agus is féidir leis an ngeilleagar cliste. Is léir go mbeidh ról lárnach ag an mbithéagsúlacht i mianaidhmeanna den chineál sin.

Bainistíocht Coimíneachtaí

Sna 1980í agus sna 1990í, bhí ró-innilt thromchúiseach déanta ar go leor coimíneachtaí san iarthar. Tugadh faoi



Bollataigh
Grianghraf: NPWS

seo, faoi bhrú ón AE, trí Chreatphlean na gCoimíneachtaí, a raibh sé de chuspóir aige athchóiriú a dhéanamh ar scála mór ar ardtailte, ar bhratphortaigh agus ar ghnáthóga eile ar láithreáin Natura 2000. Réitíodh na Pleananna sin agus cuireadh chun feidhme iad, go háirithe i limistéir an iarthair, agus tháinig feabhas suntasach ar riocht na láithreán mar thoradh air sin. Nuair a tháinig deireadh le hÍocaíochtaí cinn cuireadh deireadh leis an dreasacht a bhain le ró-innilt, agus mar sin, beifear ábalta srianta a mhaolú go gairid.

Clár na Boirne um Fheirmeoireacht ar Son Caomhnaithe

Is tionscnamh agra-chomhshaoil nua é Clár na Boirne um Fheirmeoireacht ar Son Caomhnaithe, atá deartha chun oidhreacht, timpeallacht agus pobail na Boirne a chaomhnú agus tacú leo. Tá an tionscnamh bunaithe ar thorthaí an Tionscadail BurrenLIFE (2005-2010), agus tá comhchistiú á dhéanamh air ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Tá 117 feirmeoir de chuid na Boirne (a roghnaíodh ar bhonn critéar comhshaoil sainithe) ag glacadh páirte i mBliaín 1 de Chlár. Tá plean réitithe ag comhairleoir oilte do gach feirm - ach bhí gach feirmeoir ábalta a smaointe féin a chur chun cinn maidir le conas riocht comhshaoil a f(h)eirme a fheabhsú, rud atá an-tábhachtach. Tá plean feirme an chlár réabhlóideach i dtaca leis an leagan amach, méid agus an áisiúlacht úsáide a bhaineann leis - níl formhór na bpleananna ach trí leathanach ar fad, agus tá siad comhdhéanta de na gnéithe bunúsacha: grianghraf ón aer, liosta de na hoibreacha pleanáilte agus léarscáil a léiríonn na Limistéir Chaomhantais Speisialta, sainchomharthaí liostaithe, teorainneacha na ngarraithe inmheánacha agus na hoibreacha atá le cur i gcrích ar an bhfeirm.

Feirmeoireacht a bhfuil Ardluach Dúlra ag baint léi

Is cur chuige nua atá fós ag teacht chun cinn í an fheirmeoireacht a bhfuil ardluach dúlra ag baint léi (HNV), agus tá aitheantas á bhaint amach aici ar fud Bhallstáit an AE mar gheall ar fheasacht bhreise gur mó bithéagsúlachta a bhíonn ar thalamh feirme a bhainistítear ar leibhéal nach bhfuil chomh dian. Cuimsítear gnáthóga agus speicis nach n-ainmnítear sna Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga leis sin freisin.

In Éirinn, tá obair ar bun chun talamh feirme a chomhlíonann critéir HNV a aithint, chomh maith le liosta

de tháscairí oiriúnacha a chur le chéile. Tá staidéir thrialacha, faoi stiúir na Comhairle Oidhreachta, á ndéanamh trí chomhoibriú le feirmeoirí ar Oileáin Árann, i gConamara agus in Uíbh Ráthach i gCiarraí Theas, agus iad bunaithe ar an múnla a d'fhorbair Clár na Boirne um Fheirmeoireacht ar Son Caomhnaithe. Bainfear úsáid as na torthaí ó na treoirthionscadail chun cur chuige maidir le forbairt na feirmeoireachta HNV in áiteanna eile sa tír a threorú.

Táthar ag súil go mbeidh feirmeoireacht den chineál sin ina gné níos feiceálaí de chlár athchóirithe CBT, de réir mar a aistríonn an bunús cistithe go húsáid talún atá níos fabhraí don chomhshaoil.

Foraoiseacht agus Bithéagsúlacht

Is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a rialaíonn cúrsaí foraoiseachta agus teastaíonn ceadúnas nó cead na Roinne i gcomhair go leor oibríochtaí foraoiseachta, mar shampla foraoisiú, lománaíocht agus tógáil bóithre foraoise. Anois níos mó ná riamh táthar ag comhtháthú saincheisteanna bithéagsúlachta isteach i mbeartais foraoiseachta; tacaíonn Bainistíocht Inbhuanaithe Foraoiseachta leis na beartais foraoiseachta, na scéimeanna deontais, na ceadúnais, ceadanna agus na bearta eile go léir arna riar ag an tSeirbhís Foraoiseachta. Baintear an méid sin amach tríd an gCaighdeán Náisiúnta Foraoise, an Cód Dea-Chleachtais Foraoise agus sraith treoirlínte comhshaoil a chur chun feidhme lena gcuimsítear réimsí amhail cáilíocht uisce, tírdhreach, bithéagsúlacht agus cosaint foraoise. Tá comhlíonadh na n-ionstraimí sin éigeantach i gcás gach gníomhaíochta foraoiseachta óna dteastaíonn ceadúnas nó cead ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá limistéir shuntasacha de phlandáil crann leathanduilleach nua curtha ar bun ón am a méadaíodh na spriocanna plandála bliantúla le haghaidh crainn leathanduilleacha (30% faoi láthair). Ó tugadh isteach Scéim na Coillearnaí Dúchasáí, tá tacaíocht tugtha aici do chruthú agus d'athchóiriú breis agus 2,800 ha de choillearnach dhúchasach.

Déanfar modhanna nua bainistithe foraoiseacha a mheas le linn shaolré an Phlean, agus é mar aidhm iliomad tairbhí a bhaint amach (m.sh. táirgeadh adhmaid, caomhnú na bithéagsúlachta, caitheamh aimsire, tírdhreach, táirgí foraoise neamh-adhmaid. Leanfar ar aghaidh leis an mBainistíocht Inbhuanaithe Foraoiseacha, agus déanfar é a threisiú faoi *Gníomhaíochtaí le haghaidh na Bithéagsúlachta*.

Éagsúlacht Ghéiniteach

Mar thoradh ar chórais táirgthe bia nua-aimseartha, tá úsáid á baint as líon an-bheag pórtha agus speicis ainmhithe agus cineálacha barra ag a bhfuil leibhéal táirgthe ard. Is minic go mbíonn gaol gar idir na pórtha agus na speicis sin freisin. D'fhéadfadh sé go laghdófaí an cumas dul in oiriúint do ghalair, athrú aeráide nó modhanna táirgthe athraithe mar gheall ar an laghdú sin ar éagsúlacht ghéiniteach.

Bhunaigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara Coiste Comhairleach maidir le hAcmhainní Géiniteacha do Bhia agus Talmhaíocht chun comhairle agus cabhair a chur ar fáil maidir le forbairt agus cur chun feidhme pleananna atá dírithe ar acmhainní géiniteacha uathúla atá i mbaol a aithint, a luacháil agus a chaomhnú.

Tá roinnt gníomhaíochtaí curtha i bhfeidhm le blianta beaga anuas atá dírithe ar acmhainní géiniteacha a chaomhnú, mar shampla, tá taifid ag Cumann Pórtha Neamhchoitianta na hÉireann (Irish Rare Breeds Society) maidir le daonra agus stádas pórtha eallach, caorach agus capall dúchasach atá i mbaol. Mar sin féin, teastaíonn tacaíocht leanúnach chun an fhaisnéis ar acmhainní géiniteacha tábhachtacha bia agus talmhaíochta a bhailiú agus a nuashonrú.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 5.1 Develop measures in future rural development programmes for the protection and enhancement of ecosystem services and biodiversity
- 5.2 Bearta a fhorbairt i bpleananna forbartha tuaithe na todhchaí chun seirbhísí éiceachórais agus an bhithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú.
- 5.2 Breis forbartha a dhéanamh ar chritéir chun talamh feirme ina bhfuil Ardluach Dúlra a aithint agus bearta a fhorbairt chun déileáil le bagairtí.
- 5.1 Cinntiú go ndéantar traschomhlíonadh, ceanglais reachtúla bainistíochta agus treoirlínte/ceanglais don tseirbhís foraoiseachta a chur chun feidhme go héifeachtach chun caomhnú na bithéagsúlachta a chinntiú.
- 5.4 Próiseas córasach measúnaithe a stiúradh le haghaidh gach scéim agra-chomhshaoil a sheachadtar, agus clár daingean monatóireachta éiceolaíoch mar chuid de.
- 5.5 Athbhreithniú a dhéanamh ar rialú ró-innilte agus tearc-innilte.

- 5.6 Leanúint ar aghaidh leis an gClár um Fheirmeoireacht Chaomhnaithe i mBoirinn.
- 5.7 Leanúint ar aghaidh ag cur Scéim na Coillearnaí Dúchasaí chun cinn, a bhfuil gnéithe bunaithe agus caomhnaithe ag baint leis an scéim seo atá dírithe ar fhorbairt agus ar chaomhnú na gcoillearnach dúchasach a spreagadh.
- 5.8 Measúnú a dhéanamh ar roghanna malartacha maidir le bainistíocht foraoiseachta a mheas, a bhfuil sé mar aidhm acu go leor tairbhí breise bithéagsúlachta a sheachadadh, agus treoir a fhorbairt ina leith.
- 5.9 Bearta a neartú a chinnteoidh caomhnú na héagsúlachta géinití de chineálacha barr, pórtha agus cineálacha beostoic, agus speiceas crann tráchtála, agus a chinnteoidh a n infhaighteacht chun úsáide, mar aon lena gcaomhnú *in situ* a chur chun cinn go háirithe.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon agus éifeachtúlacht na mbeart arna bhforbairt sa Phlean Forbraíochta Tuaithe Náisiúnta chun seirbhísí éiceachórais agus an bhithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú
- Córas éifeachtach i bhfeidhm maidir le Talamh Feirme a bhfuil Ardluach Dúlra ag baint leis a aithint agus a chothú
- Rátaí comhlíonta maidir le Riachtanais Bainistíochta Reachtúla, agus Riachtanais/Treoirlínte Foraoiseachta
- Méid an athshlánaíthe ó ró-innilte agus innilt neamhleor a léirítear
- Limistéar clúdaithe ag Scéim na Coillearnaí Dúchasaí
- Líon na gcineálacha barr, pórtha agus cineálacha beostoic, agus speiceas crann tráchtála a chaomhnaítear
- Líon agus réimse na scéimeanna pleananna feirme de chuid an NPWS

SPRIOC 6: Go laghdófaí na príomhbhrúnna truailléin ar bhithéagsúlacht talún agus fionnuisce go suntasach faoi 2015

Tá uisce glan ag teastáil go géar i ngach réimse den saol. Tá cur chuige nua, comhtháite maidir le cosaint, feabhsú agus úsáid inbhuanaithe fionnuisce agus uisce cósta na hÉireann bunaithe le Creat-treoir Uisce an AE. Tá cuspóirí comhshaoil leagtha síos ann i gcomhair uisce dromchla, screamhuisce, agus limistéir faoi chosaint, lena n-áirítear na gnáthóga agus speicis a bhraitheann ar uisce arna gcosaint faoi na Treoracha ón AE maidir leis an Dúlra, agus éiceachórais talún a bhraitheann ar screamhuisce. Thug sraith Rialachán éifeacht don Treoir in Éirinn, ina measc na rialacháin lena leagtar síos caighdeán agus cuspóirí maidir le huiscí dromchla. Ní mór gach caighdeán nó cuspóir a bhaineann le limistéir Natura 2000 a chomhlíonadh faoi 2015.

Chun na caighdeán cháilíochta uisce nach mór d'Éirinn a chomhlíonadh faoi 2015 faoin Treoir a bhaint amach, beidh gá le bearta chun bac a chur le truaillíú ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear bearta sa Chlár Náisiúnta Gníomhaíochta (2008-2011) faoi Threoir an AE um Níotráití.

Cé gur measadh go raibh 'caighdeán salmainide' sa chuid is mó de na haibhneacha a ndearnadh measúnú orthu sa suirbhé is déanaí ón GCC, tá laghdú seasta tagtha ar fhad an chainéil ghlain neamhthruaillithe ó na 1970í i leith. Ní cosúil go dtiocfaidh laghdú ar bhrúnna mar eotrófú agus coilíniú ag speicis choimhthíocha ionracha.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 6.1 Cinntiú go gcuirtear cláir monatóireachta oibriúcháin chun feidhme, go bhfoilsítear Pleananna Bainistíochta Abhantraí agus go mbunaítear Cláir Beart um Cheantair Abhantraí agus go gcuirtear i bhfeidhm iad, de réir fhorálacha na Creat-treorach Uisce.
- 6.2 Leanúint leis an infheistíocht i gClár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce, agus a chinntiú go ndéantar saincheisteanna bithéagsúlachta a mheas sa chlár.
- 6.3 Laghdú suntasach a dhéanamh ar mhéid an truaillithe in éiceachórais talún agus fionnuisce trí Straitéisí Téamacha agus Treoracha ábhartha ón AE (m.sh. an Chreat-treoir Uisce, Úsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí agus Níotráití) a chur chun feidhme.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon na ngnáthóg agus na speiceas a bhfuil tionchar ag an truaillíú orthu
- Stádas na bhfionnuisce mar a thuairiscíonn an GCC
- Líon na scéimeanna a fheabhsaíonn caighdeán an uisce a cuireadh i gcrích faoi Chlár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce

SPRIOC 7: Buntáistí barrfheabhsaithe a bhaint amach do bhithéagsúlacht i bPleanáil Bainistíochta Riosca de bharr Tuilte

Tá imní forleathan faoi thuilte le blianta beaga anuas, ós rud é go mbíonn tuilte againn níos minice ná mar a bhíodh agus iad níos déine ná mar a bhíodh. Tá baint ag athrú aeráide leis sin, ach fágann forbairt éigríonna i dtuilemhánna, séalú ithreacha a bhí tréscailteach roimhe sin trí thógáil, agus cailteanas stóráil fluichraí nádúrtha trí dhraenáil portaigh agus tailte eile go méadaítear an rith chun srutha chuig aibhneacha, rud a chruthaíonn bagairt d'fholláine an duine chomh maith le bagairt do bhithéagsúlacht. Cinnteoidh Éire go ndéanfar barrfheabhsú na dtairbhí maidir le bithéagsúlacht a mheas nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar bhearta bainistíochta riosca de bharr tuilte chun Pleananna Bainistíochta Riosca de bharr Tuilte a ullmhú, trí thuilemhánna a athchóiriú, úsáidí inbhuanaithe talún a chur chun cinn agus feabhas a chur ar choimeád uisce lena n-áirítear tuilte rialaithe a dhéanamh i limistéir áirithe nuair is cuí.

Déanann Oifig na nOibreacha Poiblí raon measúnuithe comhshaoil a bhaineann le bainistíocht ar riosca tuilte in Éirinn, lena n-áirítear Measúnachtaí Straitéiseacha Comhshaoil, Measúnachtaí Tionchair Timpeallachta, measúnachtaí faoi Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga, agus Measúnachtaí Éiceolaíochta sonracha. Ina theannta sin, déantar iarracht le hoibríochtaí cothabhála ar dhraenáil artaireach dea-chleachtas a úsáid maidir le draenáil agus fiadhúlra trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar phrótacail bhainistíochta chomhshaoil, buan nósanna imeachta oibríochta, oiliúint faoin gcomhshaoil do bhaill foirne, cláir um fheabhsú aibhneacha lena n-áirítear monatóireacht bhithéagsúlachta agus sraith measúnachtaí taighde comhshaoil foilsithe maidir le gnáthóga agus speicis shainithe.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 7.1 Cuspóirí chun cailteanas bithéagsúlachta agus díghrádú seirbhísí éiceachórais a íoslaghdú, agus gnóthachain bhithéagsúlachta a bharrfheabhsú a ionchorprú i bpleananna bainistíochta riosca de bharr tuilte.



Ag leagan mataí siúite amach i Loch Coirib chun Liobhógach Afracach a phlúchadh
Grianghraf: Joe Caffrey (IFI)

7.2 Leanúint lena chinntiú i gcás na draenála móire go léir a dhéantar, lena n-áirítear draenáil thosaigh agus draenáil chothabhála, go ndéantar measúnú ar a cuid impleachtaí ó thaobh na bithéagsúlachta agus na mbogach go háirithe.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Fairsinge na dtuillemhánna a aithníodh le coinneáil nó i gcomhair athchóireála i bPleananna Bainistíochta Riosca de bharr Tuilte
- Limistéar tuilemhánna athchóirithe
- Gnóthachan bithéagsúlachta ó oibreacha feabhsúcháin abhann

SPRIOC 8: Srian ar speicis choimhthíocha ionracha dhíobhálacha agus riosca laghdaithe maidir le scaipeadh speiceas nua

Déanann speicis choimhthíocha ionracha bagairt mhór ar bhithéagsúlacht dhúchasach na hÉireann. Tá dúshlán mór i gceist le srianadh, agus tá comhoibriú trasearnálach agus trasteorann ó raon de chomhlachtaí agus d'úinéirí talún freagracha ag teastáil lena aghaidh. Tá *Rhododendron ponticum* á shrianadh i gcoilleannacha dúchasacha le blianta anuas agus tá ag éirí go réasúnta maith leis. Bhíothas in ann an plobán, speiceas ionrach éisc, a dhíbirt ó Éirinn, agus tá mórchleachtadh smachtaithe ar siúl chun an fhiaile uisceach *Lagorisphion* a smachtú i Loch Coirib. Tá go leor speiceas eile bunaithe go forleathan áfach, go háirithe i bhfionnuisic.

Mar fhreagra ar an gceis seo, thug na ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann faoi chomhbheartas chun Speicis Ionracha Éireann (Invasive Species Ireland) a bhunú. Feidhmíonn sé mar mheicníocht comhordaithe agus cuireann sé comhairle agus acmhainní ar fáil do pháirtithe leasmhara, chomh maith le measúnú riosca, forbairt beartais, gníomhaíochtaí oideachais agus feasachta, taighde agus forbairt a dhéanamh ar phleananna gníomhaíochta maidir le speicis choimhthíocha ionracha.

Sa tuarascáil a rinneadh ina dhiaidh sin, moladh sraith gníomhaíochtaí chun an baol d'ionrú a laghdú, le cabhrú chun speicis ionracha nua agus fhadseasmhacha a shrianadh agus a bhainistiú, monatóireacht a dhéanamh ar thionchair, feasacht phoiblí a ardú, feabhas a chur ar reachtaíocht agus aghaidh a thabhairt ar oibleagáidí

idirnáisiúnta. Leanfaidh an tuarascáil ag tabhairt treoir do na gníomhaíochtaí nua faoin téama seo (féach Sprioc 20 freisin). Tá bearta ar leith maidir leis an gceist seo ar fáil i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (féach Sprioc 11 thíos). Tá sé mar sprioc ag straitéis Bithéagsúlachta an AE dul i ngleic le speicis choimhthíocha ionracha, agus tá sé i gceist léi córas rialála Sláinte Plandaí agus Ainmhithe an AE a láidriú chun tacú leis an obair sin. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí tuilleadh reachtaíochta AE isteach maidir leis an ábhar sin amach anseo.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 8.1 Measúnuithe riosca sonracha maidir le speicis agus le conairí a ullmhú faoi 2011 agus pleananna eisiata nó teagmhasacha a ullmhú le haghaidh conairí tosaíochta agus speicis ardtionchair a bhfuil baol mór ann go dtiocfaidh siad isteach sa tír.
- 8.2 Leanúint ar aghaidh le bearta chun speicis choimhthíocha ionracha a dhíbirt, nuair is féidir, a shrianadh agus a rialú, agus na bearta sin a fheabhsú.
- 8.3 Féachaint ar na roghanna mearfhreagartha nuair a aimsítear speiceas ionrach nua.
- 8.4 Feasacht a mhéadú laistigh de na tionscail gairneoireachta agus bogaigh thógtha maidir le roghanna dúchasacha is féidir a úsáid in áit speiceas coimhthíoch ionrach.
- 8.5 Déanfaidh gach comhlacht poiblí a ndícheall speicis, cineálacha agus póirthe dúchasacha a úsáid, agus molfar don phobal an rud céanna a dhéanamh.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon na measúnachtaí riosca a forbraíodh
- Líon na speiceas a díotháidh, a coinníodh agus a srianadh
- Líon na speiceas nua a bunaíodh

SPRIOC 9: Bainistíocht éifeachtach ar fhálta sceach agus scrobarnach a chinntiú faoi 2016

Tá acmhainn shaibhir d'fhálta sceach ag Éirinn, agus tá tábhacht ag baint leis seo don fhiadhúlra. Ní mór é a bhainistiú ar mhaithe le feirmeoireacht agus leis an mbithéagsúlacht araon. Féadann scrobarnach a bheith ina ghnáthóg thábhachtach freisin ach i roinnt cásanna is gá a leathadh isteach i ggnáthóga eile a shrianadh.



Ag gearradh fála sceach agus crannteorainneacha
Grianghraf: Fiona Devaney

Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an reachtaíocht maidir le baint fál sceach i láthair na huair. Tá cosaint ag fála atá ann ó 2009 nó roimhe ós rud é go meastar gur gnéithe tírdhreacha iad chun cuspóirí Dea-Ríocht Talmhaíochta agus Comhshaoil, rud atá éigeantach i gcomhair íocaíochtaí feirme faoi Scéim na hAoníocaíochta Feirme. Is iondúil go mbíonn cosaint agus caomhnú fál sceach éigeantach faoi scéimeanna agra chomhshaoil.

I gcomparáid leis sin, fuarthas réidh le go leor scrobarnach le dhá bhliain anuas, mar gheall ar rialacha incháilitheachta talún faoi Scéim na hAoníocaíochta Feirme. Dar leis an bhFardal Náisiúnta Foraoiseachta, cuimsíonn fála sceach agus scrobarnach 3.9% agus 1.3% faoi seach den achar iomlán talún.

Faoi *Gníomhaíochtaí le haghaidh Bithéagsúlachta*, déanfar athbhreithniú ar rialacháin maidir le fál sceach agus scrobarnach, agus cuirfear treoirlínte ar fáil a spreagfaidh dea-chleachtas maidir le bainistíocht fála sceach/scrobarnaí don fhiadhúlra ar fud na tíre agus a chinnteoidh go gcuirfear na smachtbhannaí cuí i bhfeidhm i gcás baint neamhúdaraíthe fála sceach/scrobarnaí.

GNÍOMHAÍOCHTA

- 9.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar roghanna maidir le rialú baint agus/nó bainistiú fál sceach agus scrobarnach.
- 9.2 Táirgeadh treoir-dhoiciméad maidir le scrobarnach agus fál sceach.
- 9.3 Leanfaidh údarás áitiúla ag déanamh suirbhéanna ar fhál sceach.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Athbhreithniú agus leasú déanta ar rialacháin de réir mar is cuí
- Treoir-dhoiciméid eisithe
- Roinnt suirbhéanna foilsithe

SPRIOC 10: Gnéithe bithéagsúlachta a athshlánú nó a athchóiriú go leanúnach

Tá go leor clár agus tionscadal athchóirithe éiceolaíochta ar siúl go forleathan ar fud na hÉireann. Tá roinnt beart ar siúl chun portaigh ardaithe ghníomhacha a athchóiriú, a bhfuil sé mar aidhm acu éifeachtaí bhaint agus thriomú na móna a aisiompú. Tá sé ríthábhachtach chuige sin go gcuirfí deireadh le baint móna ar phortaigh ardaithe ainmnithe (féach Sprioc 17). I measc tionscadal sonrath eile chun athchóiriú a dhéanamh tá obair ar Anaclanna Dúlra i bPortach Chlóirtheigh, Portach Choill Chonnaidh, Portach Mongan agus Portach an Ráithín Mhóir. Tá roinnt láithreáin portaigh ardaithe eile á n-athchóiriú, trí chomhpháirtíochtaí idir comhlachtaí Stáit (m.sh. an NPWS), grúpaí caomhnaithe deonacha (m.sh. Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann) agus grúpaí pobail áitiúla.

Tá athshlánú déanta ag Bord na Móna ar 10,000 heicteár de lagphortach tionscail go dtí seo, agus is le 20 bliain anuas a rinneadh formhór an athshlánaithe. Taobh istigh de na limistéir athshlánaithe sin, bíonn mósáic shuibhir de ghnáthóga leath-nádúrtha lena n-áirítear uisce oscailte, droch-eanach, eanach shuibhir, scrobarnach, talamh féaraigh agus fraochmhá, mar thoradh ar choilíní nádúrtha i gcomhar le hathshlánú spriocdhírthe (blocáil draenacha; tógáil dambaí) i limistéir ina raibh móin á táirgeadh roimhe sin. Taispeántar an fhorbairt mhósáice sin ar scála mór i bhFearann na Páirce, Loch Buaráí i gCo. Uíbh Fhailí. Ní bheifear in ann gnáthóga portaigh atá á saothrú a thabhairt ar ais ar gach limistéir lagphortaigh, ach tá coinníollacha déanta móna ag teacht ar ais ag an iarsuíomh forbartha bratphortaigh tionsclaíoch ag Béal Átha Chomhraic, Co. Mhaigh Eo, ar a bhfuil athshlánú déanta le 10 mbliana anuas.

De réir mar a thagann deireadh le táirgeadh móna tionsclaíoch i lár na tíre, agus de réir mar a leanann coilíní nádúrtha ar aghaidh, méadóidh limistéir bhithéagsúlachta ar na lagphortaigh freisin. Baineann 50% de limistéir táirgthe reatha Bhord na Móna leis an gcatagóir draenála caidéalaithe (mar shampla, na portaigh ar bhruach na

Sionainne agus an tSuca), agus de réir mar a thagann deireadh le táirgeadh, athróidh na limistéir sin ar ais go bogaigh le gnáthóga coillearnaí ar a n-imeall go nádúrtha; agus rachaidh suíomhanna a dhraenáiltear de bhuíochas domhantarraingthe (mar shampla, Portaigh na Mí, Oirthir Uíbh Fhailí agus Chill Dara) i dtreo gnáthóga fraochmhá, talamh féaraigh agus coillearnach. Tá taifead á dhéanamh ar na forbairtí sin go léir i suirbhé éiceolaíoch Bhord na Móna, mar a leagtar síos i bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Bhord na Móna 2010-2015

Tá Coillte Teoranta i mbun 571 heicteár de phortach ardaithe a athchóiriú ag 14 láithreán i Lár na Tíre. Tugadh tionscadal athchóirithe ar 2000 heicteár de bhratphortach chun críche in 2007.

Tá tacaíocht tugtha ag Scéim na Coillearnaí Dúchasáí d'athchóiriú agus do chaomhnú 138 láithreán coillearnaí dúchasáí a chlúdaíonn 2,324 heicteár. Chuir Coillte críoch le déanaí le tionscadal 4 bliana EU Life chun 550 heicteár de ghnáthóga tosaíochta coillearnaí a athchóiriú ar naoi láithreán i Lár na Tíre agus san Iarthar.

Tá athshlánú rathúil déanta ag lascaigh Intíre na hÉireann anois ar roinnt gnáthóg uisceach fionnuisce ar fud na tíre, chun éifeachtaí na draenála artairí a aisiompú, chomh maith le dochar d'fhásra bruachánach, truailliú agus eastóscadh gairbhéil i limistéir sceite. Díriodh ar athshlánú stoc speiceas dúchasach salmainide a chur chun cinn. Tá go leor den obair curtha i gcrích anois faoin gClár um Fheabhas a chur ar Chomhshaoil Aibhneacha (Environmental River Enhancement Programme, EREP), tionscadal de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí ar a bhfuil bainistiú á dhéanamh i gcomhar le hIascaigh Intíre na hÉireann. Áirítear leis monatóireacht ar ghnóthachain



Iolar Fíréan Óg
Grianghraf: Golden Eagle Trust

bithéagsúlachta i gconair na habhann mar gheall ar oibreacha feabhsúcháin ar chainéil draenála artaireacha.

Tá dea-phoiblíocht fhorleathan bainte amach do bithéagsúlacht le 10 mbliana anuas mar gheall ar éin chreiche mhóra (Iolar Fíréin agus Iolar Mara agus Cúir Rua) a bheith athbhunaithe. Tá Iolar Fíréin agus Cúir Rua ag pórú anois agus táthar ag súil go mbeidh Iolar Mara ag pórú laistigh de roinnt blianta.

Tá gné athshlánaithe ag baint le spriocanna eile faoi Gníomhaíochtaí le haghaidh Bithéagsúlachta, m.sh. féach Sprioc 5 chun faisnéis a fháil maidir le Creatphlean na gCoimíneachtaí agus féach Sprioc 17 i gcomhair gníomhaíochtaí um athbhunú speiceas.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 10.1 Limistéir a bhfuil luach ard bithéagsúlachta acu, nó baille the bithéagsúlachta, a aithint laistigh de thailte Bhord na Móna faoi 2015.
- 10.2 Leanúint le suirbhéanna éiceolaíocha, léarscáileanna gnáthóg agus pleananna athshlánaithe a ullmhú do gach limistéir portaigh Bhord na Móna.
- 10.3 Leanúint ag forbairt líonra de limistéir bithéagsúlachta taobh istigh de láithreán Bhord na Móna.
- 10.4 Leanúint ar aghaidh leis an gclár chun éin chreiche mhóra a thabhairt isteach athuir.
- 10.5 Sprioc plandála bliantúil chun 30% de chrainn leathanduilleacha a chothú i bhforaioisí.
- 10.6 Leanúint le nuashonrú a dhéanamh ar fhardal na gcoillearnach dúchasach, athbhreithniú a dhéanamh air agus, nuair is cuí, torthaí Suirbhé na Coillearnaí Dúchasáí a chorprú i gcaomhnú agus i leathnú an chlúdaigh coillearnaí dúchasáí.
- 10.7 Cláir athchóirithe a fhorbairt, a ghlacadh agus a chur chun feidhme maidir le gach speiceas iasc imirceach agus dúchasach.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon na léarscáileanna gnáthóga agus pleananna athshlánaithe do gach limistéir portaigh Bhord na Móna
- Líon na n-iolar agus na gcúir póraithe
- Limistéir foraioisithe ag speicis dhúchasacha
- Stádas an bhradáin, an bhric, na heascainne, na loimpre, na seide, an pholláin agus an ruabhric

SPRIOC 11: Feabhas ar fhorfheidhmiú an Dlí um Fhiadhúlra

Shínigh an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 i Meán Fómhair 2011. Baineann na Rialacháin nua trasuíomh iomlán na dTreoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga i ndlí na hÉireann amach, agus clúdaítear saincheisteanna tábhachtacha breise iontu amhail speicis choimhthíocha ionracha a bhogadh agus a dhíol.

Mar a leagtar síos faoi Sprioc 2, foilseofar reachtaíocht chun bonn dlí a chur ar fáil do Pháirceanna Náisiúnta chomh maith le hAcht um Fhiadhúlra comhdhlúite.

Ina theannta sin, cuirfear bearta i bhfeidhm chun forfheidhmiú na reachtaíochta ábhartha a fheabhsú agus chun ionchúiseamh a dhéanamh orthu siúd a sháraíonn dlíthe den chineál sin. Feabhsóimid ról na n-eagraíochtaí ábhartha (m.sh. An Garda Síochána) agus feabhsóimid oiliúint agus idirchaidreamh idir comhlachtaí ábhartha.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 11.1 Feabhas a chur ar ról an Gharda Síochána agus na nOifigeach Custaim maidir le reachtaíocht i leith an Fhiadhúlra a fhorfheidhmiú trí oiliúint agus trí threoir shonrach a sholáthar, i measc gníomhaíochtaí eile.
- 11.2 Cinntiú go gcuirtear dóthain oiliúna faoi bhrath agus faoi fhorfheidhmiú maidir le Coireacht Fhiadhúlra ar fáil do na baill foirne forfheidhmithe go léir sa NPWS.
- 11.3 Déanfaidh foireann fhorfheidhmithe an NPWS, i dteannta leis an nGarda Síochána agus oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim (Custaim), iniúchadh (mar is cuí) ar choireacht amhrasta agus líomhanta maidir leis an bhfiadhúlra a théann i bhfeidhm ar an mbithéagsúlacht.
- 11.4 Leanúint ag cur na Rialachán agus na hAchtanna um Fhiadhúlra chun feidhme.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon na n ionchúiseamh maidir le cionta faoin Dlí um Fhiadhúlra

SPRIOC 12: Monatóireacht a bheith i bhfeidhm le sreabhadh leordhóthanach sonraí a sholáthar chun tuairisciú a dhéanamh maidir le bithéagsúlacht faoin mbliain 2016

Tá monatóireacht ina gné lárnach ó thaobh treochtaí a rianú agus cinntí agus beartais riachtanacha a dhéanamh. Feabhsófar córais trí chineálacha cur chuige a fhorbairt agus cuirfear feabhas ar chomhchuibhiú na sreafaí sonraí. Leanfar leis an monatóireacht agus tuairisciú éifeachtach maidir le bithéagsúlacht.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 12.1 Úsáid a bhaint as uirlisí, modhanna cur chuige agus creataí monatóireachta, agus forbairt a dhéanamh orthu, chun sreabhadh sonraí comhchuibhithe leordhóthanach a bhunú agus a chomhordú do na táscairí bithéagsúlachta chun treochtaí lárnacha a léiriú.
- 12.2 Monatóireacht a dhéanamh ar stádas caomhnaithe gnáthóg agus speiceas na Treorach maidir le Gnáthóga.
- 12.3 Monatóireacht a dhéanamh ar stádas na speiceas agus na ngrúpaí speiceas atá liostaithe sa Treoir maidir le hÉin.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon na gclár monatóireachta atá i bhfeidhm
- Líon na dtáscairí le sonraí ar ardchaighdeán

CUSPÓIR 5: Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú sa timpeallacht mhuirí**SPRIOC CEANNLÍNE: Cailteanas bithéagsúlachta ar fud an chomhshaoil mhara a laghdú faoi 2016, agus athshlánú suntasach á léiriú faoi 2020.**

Tá tionchar láidir ag an Aontas Eorpach agus ag coinbhinsiúin idirnáisiúnta, mar shampla Coinbhinsiún OSPAR, ar bheartas caomhnaithe mara na hÉireann. Cuimsítear Spriocréimse i Straitéis Bithéagsúlachta an AE maidir le húsáid inbhuanaithe acmhainní iascaigh a chinntiú, an tábhacht a bhaineann le feabhas a chur ar bhainistiú stoc éisc a leagan amach agus fáil réidh leis an drochthionchar a bhíonn ar stoic éisc, ar speicis, ar ghnáthóga agus ar éiceachórais.

Déantar rialú ar iascach mara in Éirinn trí bhearta náisiúnta faoi threoir Comhbheartas Iascaireachta an AE den chuid is mó. Aithníonn an AE gur theip ar an gComhbheartas Iascaireachta Iascaireacht neamh-inbhuanaithe sna farraigí timpeall na hEorpa a smachtú, agus tá athchóiriú á dhéanamh air i láthair na huaire. Tá an t-athchóiriú seo agus tabhairt isteach ionstraimí nua chun acmhainní nádúrtha mara na hEorpa a chaomhnú á seoladh faoi scáth Bheartas Muirí Comhtháite an AE, a seoladh in 2008.

Ionstraim lárnach den bheartas nua is ea an Treoir um Chreat Straitéise Muirí. Is é an aidhm atá ag an Treoir, arna

glacadh in 2008, ná an comhshaoil muirí a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí ar fud na hEorpa. Tá sé d'aidhm aige dea-stádas comhshaoil d'fharraigí an AE a bhaint amach faoin mbliain 2020 agus an bunús acmhainní, ar a bhfuil gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta a bhaineann leis an bhfarraige ag brath, a chosaint. Bunaíonn an Treoir Réigiúin Mhara Eorpacha ar bhunús critéir tíreolaíocha agus comhshaoil. Ní mór d'Éirinn, i gcomhar leis na Ballstáit eile, straitéis a fhorbairt dá huiscí muirí, lena n-áirítear plean spásúlachta mara. Tá gá le measúnú mionsonraithe ar staid an chomhshaoil mhara, le sainiú "dea stádas comhshaoil" ar leibhéal réigiúnach agus bunú spriocanna soiléire comhshaoil agus cláir monatóireachta. Ní mór d'Éirinn clár de bhearta atá éifeachtach ó thaobh costais de a chur le chéile ansin, tar éis measúnú tionchair a mbeidh anailís costais is tairbhe mhionsonraithe mar chuid de. Tagann aidhmeanna na Treorach um Straitéis Muirí le haidhmeanna na Creat-Treorach Uisce, ina leagtar síos nach mór do dhobharlaigh talún agus fionnuisce dromchla a bheith fóna go héiceolaíoch faoin mbliain 2015 agus nach mór an chéad athbhreithniú ar Phleananna Bainistíochta Abhantraí a dhéanamh in 2020.

Féachann an Plean Forbartha Náisiúnta le leanúint le forbairt an tionscail dhobharshaothraithe. Ní mór cúrsaí bithéagsúlachta a thabhairt san áireamh in aon fhorbairt mholta, go háirithe ós rud é go mbíonn go leor gníomhaíochtaí do Bharshaothraithe ar siúl i limistéir lena mbaineann an-tábhacht ó thaobh caomhnaithe de,



Deilfeanna in Inbhear na Sionainne
Grianghraf: Eddie Dunne

láithreáin Natura 2000 san áireamh. Níl sa do Bharshaothrú ach cineál amháin brú a bhíonn ar thimpeallacht an chósta. Áirítear ar na cineálacha eile forbairtí turasoíreachta, caitheamh aimsire, tithíocht agus athrú aeráide.

Tá Éire ar cheann de chúig thír déag a shínigh Coinbhinsiún OSPAR in éineacht leis an AE. Tá sé d'aidhm ag an gcoinbhinsiún éiceachórais mhara a chaomhnú agus sláinte daonna a chosaint in Oirthuaisceart an Atlantaigh trí thruailliú a chosc. Is é an príomhchuspóir atá aige ná an comhshaol mara a chosaint ó dhrochthionchair ghníomhaíochtaí dhaoine agus cur le húsáid inbhuanaithe na bhfarraigí.

Tá timpeall 80 Limistéar Caomhantais Speisialta cósta agus in aice an chósta in Éirinn, agus tá roinnt Limistéar Caomhantais Speisialta inti freisin atá tábhachtach mar láithreáin sceire coiréil fuaruisce a chlúdaíonn limistéar atá ar chóimhéid le Co. Loch Garman. Tá na coiréil sin idir 400 agus 1200 méadar domhain ar chiumhais na scairbhe ilchríochaí, agus tá sé measta ag eolaithe go bhfuil cuid acu os cionn 4,500 bliain d'aois. Tá pleanáil ar siúl faoi láthair chun clár mapála agus monatóireachta fadtéarmach a sheoladh ag gach ceann de na láithreáin sin chun a gcosaint a chinntiú. Tá suirbhéanna á ndéanamh freisin ar dhúmha muirí, ar bhearnaí cósta agus bána móra éadoimhne, agus inbhir chun éascú a dhéanamh ar chaomhnú na ngnáthóg sin agus na speiceas atá ag brath orthu.

Níl an próiseas le Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta mhara a ainmniú curtha i gcrích fós (féach Gníomhaíocht 15.1). Foilseofar tuilleadh moltaí do Limistéir Chaomhantais Speisialta mhara in 2011 ach tá gá fós le hobair shuntasach ar shuirbhéanna bonnlíne de scaipeadh éan mara ó choilíneachtaí póraithe.

Ó 2009 i leith, tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an NPWS i mbun oibre ar chlár chun sonraí bonnlíne a bhailiú ar láithreáin mhara Natura 2000 chun eolas a sholáthar do mheasúnachtaí tionchair iascaigh agus do Bharshaothraithe ar na láithreáin seo.

SPRIOC 13: Dul chun cinn suntasach a dhéanamh i dtreo “dea-stádas éiceolaíoch” uiscí muirí thar thréimhse an Phlean

Beidh gá le bearta éifeachtacha a aithint agus ansin a chur i bhfeidhm faoin bplean spásúlachta mara a bhfuil ceanglas dlí ar Éirinn í a fhorbairt faoin Treoir Straitéise Mara, chun caillteanas bithéagsúlachta a laghdú, agus athshlánú a bhaint amach ar deireadh. Beidh na bearta seo dúshlánach agus cuimseoidh siad feabhas a chur ar chaighdeán uisce aibhneacha agus inbhir a osclaíonn isteach in uiscí mara (ag teacht leis an gCreat-Treoir Uisce), sceitheadh eisiltigh go díreach isteach i mbánna agus in inbhir a laghdú agus ar deireadh fáil réidh leis, pleananna teagmhasacha éifeachtúla a dhéanamh chun an cósta a chosaint ó dhoirteadh ola, rialú níos éifeachtúla a dhéanamh ar iascach (trí bhearta náisiúnta agus AE), cinntiú go mbíonn oibríochtaí do Bharshaothraithe á reáchtáil de réir na ndea chleachtas comhshaoil, agus cinntiú nach ndéanann bonneagar ginte leictreachais na todhchaí damáiste do ghnáthóga mara.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

13.1 Plean spásúlachta mara a fhorbairt d'Éirinn.

13.2 Clár beart a aithint faoin mbliain 2015 atá deartha chun dea-stádas comhshaoil a bhaint amach, mar is gá faoin gCreat-Treoir Uisce agus faoin Treoir um Chreat Straitéise Muirí agus ag teacht le Coinbhinsiún OSPAR.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHÁÍ

- Plean spásúlachta mara a fhoilsiú
- Clár de bhearta a fhoilsiú chun dea stádas comhshaoil a bhaint amach



Radharc Mara
Grianghraf: Eamon Kelly

SPRIOC 14: Leibhéal stoic éisc a chothú nó a thabhairt ar ais chuig leibhéal ar féidir leo uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh, tráth nach déanaí ná 2015 nuair is féidir

Tá drochthionchar tar éis a bheith ag iascaigh ar leibhéal an AE agus ar leibhéal náisiúnta ar stoc a shaothraítear chun cuspóirí tráchtála agus ar ghnáthóga agus ar speicis nach ndírítear orthu. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta le blianta beaga anuas ó thaobh ábhar imní maidir le bithéagsúlacht a chuimsiú i mbearta iascaigh, tá sé ró-luath chun breithiúnas a thabhairt ar an éifeacht atá aige. Tá gá le hiarracht mhór faoin gComhbheartas lascaireachta chun athchóiriú a dhéanamh ar stoic éisc, an tionchar ar speicis nach ndírítear orthu a laghdú agus an damáiste a dhéantar do ghnáthóga muirí a laghdú. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí coigeartú ar acmhainn iascaigh chun an chothromaíocht le stoic éisc atá ar fáil a fheabhsú.

Tá dúshaothrú a dhéanamh ar go leor speicis éisc a bhfuil tábhacht tráchtála ag baint leo, le baint thar theorainneacha sábháilte bithéolaíoch a déanamh ar timpeall 75 faoin gcéad acu. Beidh iarrachtaí níos mó ar bhonn náisiúnta agus san AE araon tríd an gComhbheartas lascaireachta ag teastáil mar bhearta aisghabhála.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 14.1 Leanúint leis an iarracht le cinntiú go ndéanann an Comhbheartas lascaireachta agus iascaigh mhara foráil do chaomhnú speicis éisc agus na bithéagsúlachta mara go ginearálta agus glacadh le cur chuige éiceachórais maidir le bainistíocht iascaigh.
- 14.2 Leanúint le bearta náisiúnta agus iad a chur i gcrích chun taighde a dhéanamh ar an drochthionchar atá ag iascaigh mhuirí, ag dobharshaothrú srl. ar an mbithéagsúlacht agus chun é a laghdú, taobh istigh de limistéir Natura 2000 go háirithe.
- 14.3 Pleananna aisghabhála stoic a réiteach agus a chur chun feidhme chomh luath is a theastaíonn siad d'aon stoic atá taobh amuigh de leibhéal shábháilte bithéolaíoch, agus pleananna bainistíochta chun stoic eile a chothú ag leibhéal shábháilte bithéolaíoch arna gcinneadh ag na caighdeáin do Dhea-Stádas Comhshaoil sa Treoir um Chreat Straitéise Muirí.
- 14.4 Acmhainn iascaigh a choigeartú chun an chothromaíocht idir acmhainn iascaigh agus na stoic éisc atá ar fáil a fheabhsú.
- 14.5 Glacadh le forálacha faoin gComhbheartas lascaireachta chun limistéir gan iascaireacht a bhunú a chaomhnóidh an bithéagsúlacht agus leibhéal stoic éisc, agus na forálacha sin a chur chun feidhme.
- 14.6 Dul i mbun gníomhaíochta comhbheartaithe chun dul i ngleic le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Comhtháthú déanta ar bhearta caomhnaithe éifeachtacha i mbearta
- Líon na speiceas atá á n-iascach go inbhuanaithe nó nach bhfuil
- Líon na n-ionchúiseamh maidir le hiascaireacht neamhdhleathach

CUSPÓIR 6: Bainistiú limistéir faoi chosaint agus speiceas atá cosanta faoin dlí a leathnú agus a fheabhsú**SPRIOC CEANNLÍNE: Stop a chur le cailteanas bithéagsúlachta na ngnáthóg agus na speiceas cosanta faoi 2016****Limistéir faoi Chosaint a Chaomhnú**

Tá limistéir faoi chosaint lárnach don bhearta caomhnaithe. Cuireann siad ar ár gcumas gnáthóga tábhachtacha agus speicis thábhachtacha a chosaint agus tearmann a sholáthar do ghluaiseacht agus imirce speiceas. Ag féachaint ar an ngné dhomhanda, meastar go soláthraíonn limistéir faoi chosaint slí bheatha do 1.1 billiún duine. Is iad limistéir faoi chosaint an phríomhfhoinsé uisce óil le haghaidh triain de na cathracha is mó ar an domhan agus tá ról mór acu maidir le sláinte bhia an domhain a chinntiú. Má dhéantar infheistíocht le limistéir faoi chosaint a chruthú agus a bhainistiú ar fud an domhain, measadh go mbainfear amach toradh idir 25:1 agus 100:1. Tá rialtais ar fud an domhain ag féachaint níos géire ar limistéir faoi chosaint, ní hamháin chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú ach freisin chun seirbhísí ríthábhachtacha éiceachórais a shlánú agus chun dul in oiriúint do thionchar an athraithe aeráide a chumasú.

Cuirtear Anaclanna Dúlra Reachtacha i leataobh le haghaidh chaomhnú an dúlra amháin, agus déantar ár sé Pháirc Náisiúnta, a chlúdaíonn breis is 60,000 heicteár san iomlán, a bhainistiú ar son chaomhnú an dúlra agus áineas an phobail araon. Tá limistéir faoi chosaint suite in go leor de thírdhreacha scéimhe na tíre freisin. Is iad sin na ceantair is tábhachtaí ó thaobh an gheilleagair de chun críocha turasóireachta agus áineasa.



Portach na Scraithe
Grianghráf: Áine O' Connor

SPRIOC 15: Go ndéanfaí Líonra Natura 2000 a bhunú, a chosaint, agus a shainiú faoi 2012 (faoi 2014 le haghaidh Limistéir mhara faoi Chosaint Speisialta) agus faoi bhainistíocht éifeachtach caomhnaithe faoi 2016

Tá an chuid is mó de limistéir ardbhithéagsúlachta na hÉireann sainithe mar chuid de líonra Natura 2000 an AE. Cuimsíonn Limistéir Chaomhantais Speisialta na hÉireann 423 limistéar ar fud na tíre, agus méadóidh an figiúr sin ar deireadh nuair a chuirfear láithreáin mhuirí bhreise leis. Tá timpeall 143 Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) aicmithe cheana féin de réir na dtéarmaí atá leagtha síos sa Treoir maidir le hÉin. Tá 10 SPA eile le fógairt roimh dheireadh 2011. Ainmneofar gach láithreán Natura go foirmiúil tríd Ionstraim Reachtuil agus tá an próiseas seo ar siúl cheana féin. Tá 60,000 heicteár breise de phortaigh ainmnithe mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha, an sainiú le haghaidh limistéir bhithéagsúlachta a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo.

Baintear úsáid fhorleathan as go leor limistéar sainithe chun críocha talmhaíochta, foraoiseachta, doibharshaothraithe nó caitheamh aimsire, agus tá siad faoi réir rialachán leis an aidhm bithéagsúlachta a chosaint agus tacú le húsáid inbhuanaithe ag an am céanna. Is féidir le limistéir shainithe a úsáidtear chun cuspóirí talmhaíochta íocaíochtaí a mhealladh faoi scéimeanna éagsúla arna gcistiú ag an AE. Tá dearcadh forleathan ann go bhfuil gá athchóiriú agus spriocdhírú breise a dhéanamh ar scéimeanna den chineál sin má tá Éire chun ceanglais na dTreoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga a bhaint amach, agus, chun é sin a bhaint amach, beidh gá le comhoibriú idir Ranna Rialtais, feirmeoirí agus páirtithe leasmhara eile.

Tá cur chun feidhme iomlán Threoracha an AE maidir leis an Dúlra ina Spriocréimse lárnach faoin Straitéis Bithéagsúlachta is déanaí ón AE, ina leagtar síos gníomhaíochtaí maidir leis an Líonra Natura 2000 a bhunú go hiomlán agus maidir lena dhea-bhainistíú.

Cé go bhfuil go leor oibre curtha i gcrích ar phleanáil bainistíochta i gcomhair limistéar sainithe, tá tuilleadh fós le déanamh. Socrófar cuspóirí caomhnaithe mionsonraithe maidir le gach láithreán, agus réiteofar pleananna nó comhairle bainistíochta maidir le gach láithreán ainmnithe freisin.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 15.1 An próiseas a chur i gcrích chun Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta a shainiú, go háirithe le haghaidh Limistéir Chaomhantais Speisialta mhara agus amach ón gcósta faoi 2012 agus le haghaidh Limistéir mhara faoi Chosaint Speisialta faoi 2014.
- 15.2 Cuspóirí caomhnaithe sonracha do láithreáin, comhairle agus / nó pleananna bainistíochta a ullmhú agus a chur chun feidhme ar láithreáin Natura 2000, Anaclanna Dúlra agus Páirceanna Náisiúnta i gcomhairle leis na húinéirí talún atá i gceist agus leis an bpobal de réir mar is cuí.
- 15.3 Oibriú le Coimisiún an AE chun a chinntiú go n-úsáidtear uirlisí maoinithe an Chomhphobail chun dóthain maoinithe le haghaidh Natura 2000 a chinntiú; tosaíochtaí náisiúnta um chomhchistiú a aithint; cistí (náisiúnta agus Comhphobail) a íoc amach le tairbhíthe; monatóireacht a dhéanamh ar chostéifeachtacht gníomhaíochtaí a mhaoinítear (ó thaobh torthaí bithéagsúlachta); iniúchadh a dhéanamh ar chaiteachas.
- 15.4 Cinntiú go soláthraítear le scéimeanna agra-chomhshaoil saintreoracha spriocdhíríte agus costáilte a chuirfidh le stádas caomhnaithe fabhrach i suíomhanna sainithe a ndéantar feirmeoireacht orthu.
- 15.5 An scéim plean feirme NPWS reatha a choimeád agus féachaint ar roghanna maidir leis an mbealach is éifeachtúla chun bearta spriocdhíríte a sheachadadh i láithreáin Natura 2000 agus i Limistéir Oidhreachta Nádúrtha.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon agus réimse na Limistéir Caomhantais Speisialta agus na Limistéir faoi Chosaint Speisialta atá fós le hainmniú
- Líon na limistéar dá bhfuil pleananna bainistíochta ullmhaithe
- Líon na gcuspóirí caomhnaithe láithreáin (a) réitithe agus (b) bainte amach
- Méid an mhaoinithe a cuireadh ar fáil do líonra Natura 2000

SPRIOC 16: Feabhas suntasach a chur ar leordhóthain, comhchuibheas, comhcheangailteacht agus athléimneacht líonra na limistéar faoi chosaint faoi 2016 agus feabhas eile a chur orthu faoi 2020

Cé go bhfuil roinnt Limistéar Oidhreachta Nádúrtha ainmnithe, níor tugadh faoi chlár córasach chun Limistéir Oidhreachta Nádúrtha a shainiú fós agus tá thart ar 600 ceantar a beartaíodh mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha sna 1990í nach bhfuil faoi chosaint an ainmnithe náisiúnta sin go fóill, cé go bhféadfaidís a bheith aitheanta i bpleananna forbartha na nÚdarás Áitiúla. D'fhéadfadh pleananna áitiúla den chineál sin a bheith ar an mbealach is fearr chun comhcheangailteacht idir limistéir faoi chosaint a fheabhsú, rud a mhéadóidh cumas speiceas athruithe sa chomhshaoil a sheasamh, mar shampla mar thoradh ar athrú aeráide.

Bonneagar Glas

Is líonra de spásanna glasa atá i mbonneagar glas a chabhraíonn chun éiceachórais nádúrtha a chaomhnú agus a chuireann buntáistí ar fáil don daonra trí íonú uisce, rialú tuiltí, gabháil charbóin, táirgeadh bia agus áineas. Áirítear ar spásanna den chineál sin coillearnacha, línte cósta, tuilemhánna, fálta sceach, páirceanna cathrach agus crainn sráide.

Chabhródh tabhairt isteach chur chuige an Bhoneagair Ghlais maidir le beartas pleanála chun comhcheangailteacht idir ghnáthóga a chosaint nó a fheabhsú, rud a laghdódh an tionchar a bheadh ar bhloghadh, agus a bhféadfadh cailteanas speiceas a bheith mar thoradh air. Ina theannta sin, tá sé curtha in iúl ag Coimisiún an AE go bhfuil sé ar intinn aige Straitéis Bonneagair Ghlais an AE a chur ar fáil faoin mbliain 2012.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

16.1 Athbhreithniú a dhéanamh faoi 2015 ar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha a beartaíodh roimhe agus iad a shainiú mar is cuí faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000.

16.2 Comhchuibheas, comhcheangailteacht agus athléimneacht (lena n-áirítear athléimneacht maidir le hathrú aeráide) líonra na limistéar faoi chosaint a neartú faoi 2015 trí uirlisí a úsáid, de réir mar is cuí. D'fhéadfadh bealaí eiltile, creasa maolánacha, dorchaí agus clocha cora a bheith i measc na n-uirlisí seo.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon agus réimse na Limistéar Oidhreachta Nádúrtha ainmnithe
- Líon agus réimse na suíomhanna a chomhlíonann critéir na Limistéar Oidhreachta Nádúrtha ach nach bhfuil ainmnithe
- Innéacs ilroinnte¹

SPRIOC 17: Ní rachaidh stádas caomhnaithe na ngnáthóg ná na speiceas faoi chosaint chun donais faoi 2016; beidh stádas caomhnaithe fabhrach ag an gcuid is mó de ghnáthóga nó speicis, nó beidh siad ag bogadh ina threo sin, faoi 2020

Cé go bhfuil cosaint ag limistéir shainithe na hÉireann faoin dlí, agus d'ainneoin gur éirigh le roinnt beart, tá stádas iomlán go leor gnáthóg atá liostaithe san AE, mar shampla portaigh agus coillearnacha, neamhfhabhrach i gcónaí. Tá sé mar thosaíocht raon de bhearta dearfacha a chur chun feidhme chun cabhrú le hathshlánú gnáthóg agus speiceas a thit i léig. Díreofar go príomha ar ghnáthóga atá liostaithe in Iarscríbhinn 1 agus ar speicis atá liostaithe in Iarscríbhinn 2 den Treoir maidir le Gnáthóga, atá laistigh de láithreáin Natura 2000.

Beart amháin den sórt sin is ea cur chun feidhme chinneadh an Rialtais in 2010 nach gceadófaí móin a bhaint a thuilleadh ar 31 Limistéar Caomhantais Speisialta i bportaigh ardaithe ó 2010 ar aghaidh, agus gur cheart deireadh a chur le baint móna ar 24 Limistéar Caomhantais Speisialta i bportaigh ardaithe eile ó dheireadh 2011. Déanfar athbhreithniú ar an gcás maidir le 75 Limistéar Oidhreachta Nádúrtha atá ina bportaigh ardaithe mar chuid de scrúdú foriomlán ar bhainistiú thalamh portaigh na hÉireann arna dhéanamh ag an gComhairle Tailte Móna, ag a bhfuil cathaoirleach neamhspleách, agus beidh tionchar ag an athbhreithniú sin ar



Athchóiriú Portaigh ag Abhainn Eidhneach, Co. Mhaigh Eo. Grianghraf: Robert Thompson

¹ Tomhas ar an méid a bhfuil gnáthóg ilroinnte, nó briste suas, ar scála tírdhreacha. Cuireann bloghadh srian ar ghluaiseacht agus ar mhalartú géiniteach speiceas, agus d'fhéadfadh cailteanas gnáthóg a bheith mar thoradh ar bhloghadh fhorleathan ar deireadh

Straitéis maidir le Talamh Portaigh a bheidh le cur i gcrích roimh Márta 2012. Beidh an Straitéis mar chreat do chosaint, caomhnú agus athshlánú portach sainithe agus d'úsáid talamh portaigh taobh istigh agus taobh amuigh de láithreáin ainmnithe. Tacóidh an beart sin le bearta eile chun gnáthóga portach ardaithe a athchóiriú (féach leathanach 52).

Tiocfaidh torthaí chlár na mbeart sin chun cinn le linn shaolré an Phlean seo ach tógfaidh sé thart ar deich mbliana chun athshlánú substaintiúil a bhaint amach. Beidh amscálaí athshlánaithe níos faide ná sin ag teastáil ó ghnáthóga áirithe, amhail talamh portaigh, áfach. Mar sin féin, beidh méid agus rath na mbeart sin agus gach beart eile ag brath i bpáirt ar an gcistiú a bheidh ar fáil tríd an scéim agra chomhshaoil agus trí scéimeanna cosúla. Ba cheart cineál agus cistiú na scéimeanna sin a fheiceáil i gcomhthéacs leasuithe breise ar CBT an AE (féach Sprioc 5), atá spreagtha ag riachtanais buiséid, ach tá cúiseanna slándála bia, cosaint ithreach agus acmhainní nádúrtha agus forbairt tuaithe á spreagadh freisin.

Speicis faoi Chosaint a Chaomhnú

Díríonn caomhnú speiceas in Éirinn ar speicis faoi chosaint

faoin dlí go príomha. Tá na speicis sin faoi chosaint toisc go bhfuil siad tearc agus/nó faoi bhagairt sa tír seo nó san Aontas Eorpach. Measadh stádas an chuid is mó de mhamaigh na hÉireann agus stádas go leor speicis éan mar fhabhrach. Tá 19 speiceas éan póraithe, chomh maith le 6 speiceas geimhrithe liostaithe sa Liosta Dearga d'Éin a bhfuil Imní ag Baint Leo ó Thaobh an Chaomhnaithe de. Measadh go raibh stádas neamhfhabhrach iomlán ag céatadán de speicis na hÉireann atá liostaithe san AE. Ina measc tá trí speiceas moilisc, trí speicis iasc agus an cnádán. Braitheann na speicis sin go léir ar fhionnuisce le haghaidh codanna ar a laghad dá gcuid saolréanna. Leagann staid ghéarchéimneach cuid de na speicis is íogaire, mar na diúilicíní péarla fionnuisce, béim ar an ngá práinneach le feabhas a chur ar cháilíocht uisce i limistéir ar leith.

Gníomh lárnach den phlean roimhe sin ab ea na speicis ba mhó a raibh imní ag baint leo ó thaobh an chaomhnaithe de a aithint agus pleananna gníomhaíochta a ullmhú lena n-aghaidh. I bpleananna den sórt sin, leagtar amach an obair atá le déanamh agus na straitéisí atá le leanúint chun speiceas a chaomhnú. Tugann siad treoir do bheartas na



Cnádán
Grianghraf: Mike Brown



Geabhróg Rósach
Grianghraf: Alyn Walsh

ngníomhaireachtaí Rialtais ar fad, seachas don phríomhroinn amháin. Mar shampla, tá an NPWS agus Oifig na nOibreacha Poiblí araon rannpháirteach sa Phlean Freagartha Bagairtí maidir le Madraí Uisce (a bhaineann le hoibríochtaí draenála). Toisc nach n-aithníonn speicis fhiáine teorannacha polaitiúla, is pleananna uile-oileáin iad cuid mhór de na pleananna den sórt sin, a bhfuil Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann rannpháirteach iontu. Táthar ag súil go dtiocfaidh feabhas ar stádas go leor speiceas a bhraitheann ar uisce mar thoradh ar chur i bhfeidhm leanúnach na Creat-Treorach Uisce. Cuirfear bearta iomchuí chun cinn freisin chun éin fhiáine a chosaint i Limistéir faoi Chosaint Speisialta agus ar fud na tuaithe.

Rinneadh athshlánú gnáthóige agus bainistíocht ar láithreáin phóraithe chun cabhrú le hathshlánú speiceas tosaíochta (i bPleananna Gníomhaíochta maidir le Speicis mar shampla) le haghaidh an Chnádáin, an Mhadra Uisce, na Geabhróige Rósaí, na Geabhróige Bige, na Loimpre Mhara agus le haghaidh Bhradán an Atlantaigh i measc speicis eile. Tá roinnt tionscadail athchóirithe ar siúl chun cabhrú le speicis phandaí faoi chosaint a athshlánú. D'fhéadfadh srianadh ar speicis ionracha mar an Gunnaire (*Gunnera tinctoria*) a bheith i gceist le cuid acu siúd.

Tá dianchosaint á dhéanamh ar na speicis go léir a liostaítear in Iarscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga (m.sh. gach ialtóg, madra uisce, céiticigh) ar fud an stáit. Tá ceangal ar údarais pleanála aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir leis na speicis sin a mheas roimh dóibh cinní pleanála a dhéanamh. Tá gá le tuiscint níos fearr ar na tionchair fhéideartha agus conas iad a bhainistiú ag teastáil chun a chinntiú go gcuireann údarais áitiúla agus comhlachtaí pleanála eile an dianchosaint sin chun feidhme.

Caomhnú Speiceas *ex situ*

Ciallaíonn “caomhnú plandaí *ex situ*” caomhnú speiceas trí chaomhnú síolta, plandaí, codanna, fíocháin nó cealla plandaí ar féidir iad a úsáid chun speicis a athchóiriú sa bhfiántas chun cabhrú le hathshlánú na bithéagsúlachta. I mBanc Géinte na bPlandaí Éireannacha faoi Bhagairt, atá suite i nGarraithe na Lus i gColáiste na Tríonóide, tá 165 bailiúchán ó gach cearn den tír, ina bhfuil 59 speiceas de phlandaí dúchasacha atá i mbaol nó faoi bhagairt nó atá tearc.

Tá ról tábhachtach ag Garraithe Náisiúnta na Lus agus ag Garraithe na Lus i gColáiste na Tríonóide, i dteannta le zúnna na hÉireann agus go leor bailiúcháin phríobháideacha agus Stáit eile, mar bhainc géinte agus mar bhailiúcháin bheo. Tá Garraithe Náisiúnta na Lus ina phointe lárnach don Straitéis Náisiúnta um Chaomhnú Plandaí, atá bunaithe ar an Straitéis Domhanda um Chaomhnú Plandaí.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 17.1 Cinneadh an Rialtais maidir le deireadh a chur le baint móna ar phortaigh ardaithe agus cur le chéile straitéis um thalamh portaigh a fhorfheidmiú.
- 17.2 Pleananna gníomhaíochta nó bainistíochta reatha maidir le speicis a chur chun feidhme faoi 2015 le haghaidh speiceas atá faoi bhagairt agus iad a athbhreithniú agus a nuashonrú mar is gá; pleananna gníomhaíochta nó bainistíochta breise maidir le speicis a mhionléiriú nó a chur chun feidhme le haghaidh raon níos leithne de speicis faoi bhagairt; monatóireacht ar chur chun feidhme agus ar éifeachtacht pleananna a chinntiú.
- 17.3 Bunaithe ar na Dréachtphleananna gníomhaíochta arna bhforbairt ag Cairde Éanlaith Éireann, sraith bearta comhaontaithe a aithint agus a chur chun feidhme chun catagóirí speicis éan atá i mbaol a chosaint ar fud na tuaithe. Seachadfar é sin trí rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha go léir, sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha.
- 17.4 Leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme beart chun feabhas a chur ar stádas gnáthóg nó speiceas a measadh mar “go dona” i dtuarascáil 2007 chuig an AE faoi stádas gnáthóg agus speiceas faoi chosaint, lena mbaineann pleananna gníomhaíochta maidir le gnáthóga más gá, agus clár iomlán tosaíochta oibre a bheith i bhfeidhm faoi 2015.
- 17.5 Treoirlínte a sholáthar agus a chur chun feidhme le haghaidh údarais áitiúla agus comhlachtaí pleanála eile maidir le speicis atá liostaithe in Aguisín IV den Treoir maidir le Gnáthóga a chosaint.
- 17.6 Bearnaí géarchéimneacha i gcláir chaomhnaithe *ex situ* le haghaidh speicis fhiáine a aithint agus a líonadh faoi 2012, de réir dea-chleachtais.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon na ngnáthóg agus na speiceas a bhfuil stádas glas, ómra nó dearg acu
- Líon na ngnáthóg agus na speiceas ar tháinig feabhas ar a stádas ón timthriall deiridh
- Líon na speiceas faoi chosaint i gcaomhnú *ex situ*

3.4 Bithéagsúlacht a Chosaint agus a Athbhunú go hIdirnáisiúnta

CUSPÓIR 7: Neartú suntasach a dhéanamh ar éifeachtacht an rialachais idirnáisiúnta maidir leis an mbithéagsúlacht agus le seirbhísí éiceachórais

Chomh maith leis na gníomhaíochtaí atá leagtha síos thuas chun bithéagsúlacht a chaomhnú in Éirinn, tá páirt dhomhanda le himirt freisin trí na clár cúnamh thar lear; trí thrádáil i speicis atá i mbaol a laghdú; trí thrádáil i dtráchtearraí a mbíonn dochar ag baint lena dtáirgeadh a sheachaint an oiread agus is féidir; trí rannpháirtíocht na hÉireann i mórcheisteanna domhanda, mar shampla athrú aeráide agus rochtain ar acmhainní géiniteacha; agus trí fheidhmiú mar thacadóir don bhithéagsúlacht i bhfóraim idirnáisiúnta.

SPRIOC 18: Tacaíocht leis an mbithéagsúlacht agus le seirbhísí éiceachórais a neartú go suntasach i gcabhair sheachtrach.

Forbairt thar lear

Trína Chlár Cúnamh Forbartha Thar Lear, arna riar ag Cúnamh Éireann, tá an deis ag Éirinn scóip a gníomhaíochtaí a leathnú amach trína gníomhaíochtaí caomhnaithe bithéagsúlachta a thabhairt san áireamh, agus tairbhe a bhaint as an mbonn scileanna in eolaíochtaí an bheatha atá ag Éirinn. Tá leabhrán faisnéise foilsithe ag Cúnamh Éireann: *Biodiversity and Poverty Reduction* chun dul lena Bheartas Comhshaoil um Fhorbairt Inbhuanaithe. I measc na straitéisí lárnacha chun an beartas seo a chur chun feidhme, áirítear (a) príomhshruthú, ina n-aithnítear bithéagsúlacht mar ghné chriticiúil d'fhorbairt inbhuanaithe agus ina dtógtar san áireamh é i ngach beartas, clár, gníomhaíocht agus cinneadh cistithe; agus (b) comhpháirtíocht, trína n-oibríonn Cúnamh Éireann le rialtais idirnáisiúnta, eagraíochtaí iltaobhacha, gníomhaireachtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun cur le forbairt inbhuanaithe.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

18.1 Beidh an bhithéagsúlacht mar chomhábhar de chlár comhoibrithe forbartha na hÉireann; agus cuirfear éagsúlacht bhitheolaíoch san áireamh i dtacaíocht do thíortha i mbéal forbartha agus sa chomhoibriú leo trí chur chun feidhme CBD.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Dul chun cinn maidir le comhtháthú na bithéagsúlachta i gclár comhoibrithe forbartha

SPRIOC 19: Tuilleadh a chur le rialachas idirnáisiúnta maidir leis an mbithéagsúlacht agus le seirbhísí éiceachórais

Mar a leagtar síos i gCaibidil 2, tá Éire ina comhpháirtí i roinnt coinbhinsiún agus comhaontuithe maidir le bithéagsúlacht. Beidh ról leanúnach ag Éire maidir le dul i ngleic le caillteanas bithéagsúlachta ar leibhéal an AE agus ar leibhéal Idirnáisiúnta.

Rochtain agus Tairbhí a Roinnt

Aithnítear sa Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch nach mór rochtain ar acmhainní géiniteacha (mar shampla plandaí fiáine a allmhairítear go hÉirinn ó thíortha i mbéal forbartha) a dheonú le toiliú eolasach roimh ré ón tír a chuireann na hacmhainní seo ar fáil, agus é bunaithe ar théarmaí comhaontaithe, lena n-áirítear comhroinnt chothrom agus chóir aon tairbhe a éiríonn as. Aontaíodh prótacal le linn Deichiú Comhdháil na bPáirtithe CBD in 2010 maidir le rochtain ar chomhroinnt tairbhí acmhainní géiniteacha agus beidh an prótacal sin á chur chun feidhme go hidirnáisiúnta le linn shaolré an phlean sin.

Is beag feasachta atá in Éirinn faoi láthair maidir leis an gceist sin, agus ní mór dul chun cinn a dhéanamh ina leith sin. Ní mór scrúdú a dhéanamh ar impleachtaí an Phrótacail ó thaobh na hÉireann de sula ndaingneofar go náisiúnta é; beidh tionchar ag an measúnú tionchair faoi threoir an AE ar an bpróiseas sin.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

19.1 Déanfar seirbhísí ar chomhaontuithe idirnáisiúnta chun a chinntiú go bhfuil ról ag Éirinn i dtodhchaí na mbeartas bithéagsúlachta idirnáisiúnta, go háirithe i réimse príomhshruthú na bithéagsúlachta agus na seirbhísí éiceachórais thar gach earnáil.

19.2 Ullmhú chun an Prótacal maidir le Rochtain ar Acmhainní Géiniteacha agus Roinnt Chóir agus Choithrom na dTairbhí (ABS) a dhaingniú, agus straitéis náisiúnta a chur chun feidhme má tharlaíonn an daingniú.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Leibhéal na hidirghníomhaíochta le cruinnithe, coistí agus comhaontuithe idirnáisiúnta
- Prótacal maidir le Rochtain agus Tairbhí a Roinnt Daingnithe
- Straitéis Náisiúnta maidir le Rochtain agus Tairbhí a Roinnt glactha

SPRIOC 20: Comhoibriú breise le Tuisceart Éireann maidir le saincheisteanna comhchoiteanna**Oibriú le Tuisceart Éireann maidir leis an mBithéagsúlacht**

Is aonán aonair í Éire ó thaobh tíreolaíochta de agus mar sin tá gá le cur chuige uile-Éireann chun bithéagsúlacht a chosaint ar an oileán seo. Ní aithníonn an bithéagsúlacht teorainneacha polaitiúla agus roinneann Éire agus Tuisceart Éireann an spás bithgheografach céanna agus bíonn go leor speiceas ag gluaiseacht idir an dá chríoch. Tá cainteanna agus comhoibriú suntasach Thuaidh/Theas ann cheana féin maidir le saincheisteanna na bithéagsúlachta, agus tá sé i gceist go leanfaí leis seo mar a fheictear sna gníomhartha sa chaibidil seo agus sna caibidil roimhe. Tá socrú cómhalartach ann trína bhfuil ionadaithe ó gach dlínse ina mbaill den Ghrúpa/Fóram Bithéagsúlachta ábhartha.

Tá roinnt pleananna uile-oileán foilsithe agus tá siad á gcur chun feidhme, pleananna maidir leis an iora rua, an ialtóg agus an giorria ina measc. Tá tairbhí comhroinnte le baint amach freisin trí chomhordú a dhéanamh ar scéimeanna monatóireachta speicis, agus tá costas agus comhoiriúnacht sonraí ar chuid de na tairbhí sin. Mar shampla, tá dhá scéim ar leith um monatóireacht ar ialtóga á gcomhordú i láthair na huairse ar bhonn uile-oileán, le comhchistiú ó NPWS agus ó NIEA.

Speicis Ionracha Éireann

Is fiontar é Speicis Ionracha Éireann (Invasive Species Ireland) ar a bhfuil comhchistiú á dhéanamh ag Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann agus an Róinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Feidhmíonn sé mar mheicníocht comhordaithe agus cuireann sé comhairle agus acmhainní ar fáil do pháirtithe leasmhara, chomh maith le measúnú riosca, forbairt beartais, gníomhaíochtaí oideachais agus feasachta, taighde agus forbairt a dhéanamh ar phleananna gníomhaíochta maidir le speicis ionracha. Tá obair ar siúl faoi láthair ar Straitéisí comhchuibhithe maidir le Speicis Ionracha do Thuaisceart Éireann agus do Phoblacht na hÉireann.



Glúineach Bhiarach



Plobán



Diúilicín Riabhach

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

20.1 Cumarsáid leanúnach agus gníomhú comhchuibhithe i gcás saincheisteanna atá ina n-údar imní dóibh araon.

20.2 Straitéis maidir le Speicis Choimhthíocha Ionracha a tháirgeadh i gcomhar le Tuisceart Éireann chun comhchuibhiú an chreata beartais a fheabhsú.

20.3 Comhoibriú agus comhordú breise ar ghníomhaíochtaí ábhartha (m.sh. Pleananna Uile-Oileáin um Speicis a Chosaint, suirbhéanna agus monatóireacht ar speicis agus ar ghnáthóga, srl.).

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Straitéis ar Speicis Choimhthíocha Ionracha foilsithe agus dul chun cinn déanta maidir le cur chun feidhme na straitéise.
- An líon pleananna um speicis a chosaint atá curtha chun feidhme agus ar a bhfuil athbhreithniú déanta
- An líon scéimeanna monatóireachta agus suirbhéanna ar ghnáthóga atá curtha i gcrích

SPRIOC 21: Tionchar na trádála Éireannaí ar an mbithéagsúlacht dhomhanda agus ar sheirbhísí éiceachórais a laghdú go suntasach**Trádáil Idirnáisiúnta**

Is féidir le hÉirinn ról a bheith aici chun tionchar na trádála ar an mbithéagsúlacht agus ar sheirbhísí éiceachórais a laghdú i dtíortha eile, agus go háirithe iad siúd sa chuid sin den domhan atá i mbéal a forbartha. In ainneoin an chúilaithe eacnamaíoch dhéin a thosaigh in 2008, tá Éire fós ina tír saibhir, le leibhéal ídithe acmhainní agus stíl mhaireachtála cosúil le go leor tíortha eile san AE. In Atlas na Lorg Éiceolaíochta (2009), aithnítear lorg éiceolaíoch na hÉireann mar an lorg is mó san AE agus an tríú lorg is airde sa 126 tír liostaithe, mar thoradh den chuid is mó ar allmhairiú agus ar ídiú seachas ar tháirgeadh nó ar onnmhairiú.

Is féidir le hÉirinn cur go mór leis an mbithéagsúlacht dhomhanda trí allmhairiú ó fhoinsí neamh inbhuanaithe a íoslaghdú nó fáil réidh leo ar fad (m.sh. adhmaid trópaiceach, ola phailme agus bithbhreoslaí, srl.). Tá na gníomhaíochtaí a bhfuil sé i gceist ag Éirinn glacadh leo chun tabhairt faoi allmhairiú adhmaid cumhdaithe i reachtaíocht an AE trí Rialacháin Forghníomhaithe an DLí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT) agus

Adhmaid, a bhfuil sé d'aidhm acu díol adhmaid ó fhoinsí mídhleathacha a chosc taobh istigh den AE. Tá éifeacht le bheith leis an gcosc FLEGT le linn 2012, agus beidh éifeacht ag an Rialachán Adhmaid le linn 2013. Ina theannta sin, tá sé i gceist ag an bPlean seo oibriú chun táirgí a bhfuil dífhoraísiú á bhrú ag a n-allmhairiú a aithint, agus féachaint an féidir aon bhealach éifeachtúil a aimsiú chun an t éileamh ar na táirgí seo, agus a soláthar, a laghdú.

Tá na figiúirí is déanaí ar fáil maidir le hídiú adhmaid léirithe sa Tábla thíos.

Allmhairiú adhmaid go hÉirinn de réir tíre, arna rangú de réir méide (m3)

BOGADHMAID	CRUA-ADHMAID
An tSualainn (364,000 m3)	Camarún (44,507 m3)
An Fhionlainn (165,000 m3)	SAM (24,151 m3)
Na Stáit Bhaltacha (147,000 m3)	An Cósta Eabhair (11,156 m3)
An Ríocht Aontaithe (103,000 m3)	
An Ghearmáin (93,000 m3).	


Foinse: Bliainiris an ITGA 2008

CITES

Is éard is CITES ann ná an Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol. Tá sé d'aidhm leis an gCoinbhinsiún rialú agus monatóireacht a dhéanamh ar an trádáil idirnáisiúnta i speicis áirithe ainmhithe agus plandaí, agus a chinntiú nach bhfuil trádáil ina bhgairt ar a mharthanacht san fhiántas. Is comhaontú idirnáisiúnta idir thíortha (ar a dtugtar Páirtithe faoin gCoinbhinsiún) atá ann, a comhaontaíodh in Washington in 1973. Tá os cionn 170 Páirtí tar éis an Coinbhinsiún a shíniú agus rinneadh Páirtí CITES d'Éire in 2002. Áirítear os cionn 4,000 speiceas ainmhí agus 25,000 speiceas plandaí in Aguisíní I, II agus III de CITES, faoina dtugtar leibhéil éagsúla cosanta dóibh.

Déanfaidh Éire iarracht a chinntiú go gcuirtear Rialacháin CITES chun feidhme agus go forghníomhaítear go leordhóthanach iad, lena n-áirítear cur chun feidhme smachtbhannaí leordhóthanacha i gcás shárú na Rialachán.

In 2013 beidh ról lárnach ag Éire, mar shealbhóir Uachtarántachta an AE i gComhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún CITES.



Tíogar Sumatrach
Grianghraf: Meghan O'Dowd

Comhroinnt Sonraí

Chuaigh Éire isteach sa Saoráid Faisnéise faoi Bhithéagsúlacht Dhomhanda in 2007, agus tá sí tosaithe ag soláthar sonraí na hÉireann trí thairseach náisiúnta arna óstáil ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta. Cuirtear leis sin ar chumas úsáideoirí ar fud an domhain méid suntasach sonraí bithéagsúlachta domhanda a roinnt go hoscailte agus úsáid a bhaint astu. Cuirtear taighde eolaíochta chun cinn in go leor disciplíní, cuirtear forbairt teicneolaíochta agus forbairt inbhuanaithe chun cinn, éascaítear caomhnú bithéagsúlachta agus comhroinnt chothrom ar na tairbhí a bhaineann leis, agus feabhsaítear caighdeán saoil an tsochaí.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 21.1 Mór-thionchair na trádála ar an mbithéagsúlacht a aithint agus glacadh le bearta chun na tionchair sin a laghdú go suntasach (i gcás tionchair dhiúltacha) agus/nó a neartú (i gcás tionchair dhearfacha) (féach freisin gníomhaíocht 1.13).
- 21.2 Cinntiú go gcuirtear Rialacháin CITES i bhfeidhm agus go forghníomhaítear go leordhóthanach iad
- 21.3 Anailís a dhéanamh ar roghanna i gcomhair breis reachtaíochta chun allmhairiú adhmaid a baineadh go mídhleathach a rialú. Malartú dea-chleachtas i mbeartais soláthar san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, ina dtugtar tús áite do tháirgí adhmaid ó fhoinsí inbhuanaithe lena n-áirítear táirgí adhmaid indeimhnithe, a éascú.
- 21.4 Allmhairithe neamh-adhmaid a chuireann an dífhoraíocht chun cinn a aithint agus féachaint ar éifeachtúlacht aon bhearta féideartha chun an dífhoraíocht seo a chosc, a íoslaghdú agus/nó a mhaolú.
- 21.5 Bearta atá dírithe ar thionchar lorg éiceolaíoch na hÉireann ar bhithéagsúlacht a laghdú go suntasach a aithint agus a chur chun feidhme.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon agus tábhacht thionchair na trádála ar an mbithéagsúlacht a aithníodh
- Líon agus éifeachtacht na mbearta lenar glacadh chun thionchar na trádála ar an mbithéagsúlacht a laghdú nó a fheabhsú
- Meastacháin de tháirgí adhmaid, ar baineadh an t-adhmaid go neamhdhleathach, a allmhairíodh
- Laghdú ar leibhéal na dtáirgí neamh-adhmaid a allmhairíodh lena gcuirtear an dífhoraíocht chun cinn.

AGUISÍN :

LIOSTA DE CHUSPÓIRÍ, SPRIOCANNA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ

CUSPÓIR 1: Bithéagsúlacht a phríomhshruthú sa phróiseas cinnteoireachta thar gach earnáil

SPRIOC 1: Go dtuigfeadh na hearnálacha go léir go bhfuil freagracht chomhroinnte acu as an mbithéagsúlacht a chaomhnú agus as úsáid inbhuanaithe a bhaint as a cuid gnéithe, agus go ngníomhaíonn siad dá réir

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Príomhshruthú

- 1.1 Ullmhóidh na Ranna Rialtais agus na Gníomhaireachtaí Stáit ábhartha Pleananna Gníomhaíochta earnála um Bithéagsúlacht de réir an Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta chun caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a chur chun cinn.
- 1.2 Feasacht a spreagadh maidir le himpleachtaí na mbeartas agus na gcinntí i leith na bithéagsúlachta agus maidir leis na ceanglais a bhaineann le pleananna gníomhaíochta um bithéagsúlacht a ullmhú.
- 1.3 Grúpa Stiúrtha a bhunú, faoi cheannas Aire, chomh maith le Grúpa Oibre maidir leis an mBithéagsúlacht chun cur chun feidhme an Phlean sin a chur chun cinn.
- 1.4 Dualgas i leith na bithéagsúlachta a chuimsiú sa reachtaíocht le cinntiú go dtógtar caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta san áireamh i ngach plean agus clár ábhartha agus sa reachtaíocht nua go léir.
- 1.5 Athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht ábhartha reatha le feiceáil an bhfuil gá tuilleadh forálacha a dhéanamh chun éagsúlacht bhitheolaíoch a chaomhnú.
- 1.6 Cinntiú go gcloíonn gach plean forbartha leis an reachtaíocht comhshaoil agus leis na treoracha i leith an dúlra chun aon dochar féideartha do bithéagsúlacht a chosc agus a íoslaghdú.

Gníomhaíochtaí Áitiúla

- 1.7 Gach údarás áitiúil chun Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil a fhoilsiú nó chun athbhreithniú a dhéanamh ar pleananna reatha.
- 1.8 Gach údarás áitiúil chun oifigeach atá cáilithe go hoiriúnach a shainiú d'ábhair caomhnaithe oidhreachta nádúrtha ina limistéar féin.

Gníomhaíochtaí Breise

- 1.9 Treoir SEA a chun chun feidhme ina hiomlán.
- 1.10 An Treoir maidir le Dlíteanas Comhshaoil a chur chun feidhme ina iomláine agus treoir oiriúnach a eisiúint.
- 1.11 Leanúint le foilsiú treoir oiriúnach d'údaráis áitiúla maidir le bithéagsúlacht.
- 1.12 Bealach a fhorbairt agus a úsáid chun luach eacnamaíoch na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras a chuimsiú sna cuntais náisiúnta, sna straitéisí forbartha náisiúnta agus áitiúla agus sna próisis pleanála. (Féach freisin Gníomhaíocht 3.9).
- 1.13 An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Soláthar Glas a fhoilsiú agus a chur chun feidhme (Féach freisin Gníomhaíochtaí faoi Sprioc 21).
- 1.14 Bearta a aithint agus a ghlacadh le cinntiú nach gcuireann dreasachtaí ná fordheontais leis an gcaillteanas bithéagsúlachta, agus bearta dreasachta poiblí a fhorbairt, nuair is gá sin, chun cabhrú le bithéagsúlacht a chaomhnú.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHÁÍ

- Líon na bpleananna gníomhaíochta um bithéagsúlacht a cruthaíodh i Ranna nó in Earnálacha Rialtais agus forleithne an fhorfheidhmithe
- Achtú déanta ar dhualgas bithéagsúlachta
- Athbhreithniú ar reachtaíocht curtha i gcrích
- Líon na bpleananna Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht de chuid na nÚdarás Áitiúil atá athbhreithnithe nó réitithe agus forleithne an chur chun feidhme
- Líon na n-údarás áitiúil ag a bhfuil oifigigh d'oidhreacht nádúrtha
- Líon agus raon feidhme na ndoiciméad treorach a bhaineann le bithéagsúlacht a eisíodh chuig údaráis phleanála.
- An méid a bhfuil luach eacnamaíochta na bithéagsúlachta cuimsithe sna cuntais náisiúnta, sna straitéisí forbartha náisiúnta agus áitiúla agus sna próisis phleanála.
- Foilsiú agus cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Soláthar Poiblí Glas
- Líon agus éifeachtúlacht na ndreasachtaí dearfacha forbartha
- Líon na ndreasachtaí atá díobhálach do bithéagsúlacht a aithníodh ach atá fós i bhfeidhm
- Líon na ndreasachtaí díobhálacha a baineadh

SPRIOC 2: Reachtaíocht a thacaíonn le dul i ngleic le caillteanas bithéagsúlachta in Éirinn a neartú**GNÍOMHAÍOCHTAÍ**

- 2.1 Faoi 2013 reachtaíocht a fhoilsiú chun bonn dlí a sholáthar i leith Páirceanna Náisiúnta.
- 2.2 Bille a fhoilsiú faoin mbliain 2014 chun an tAcht um Fhiadhúlra a dhaingniú.
- 2.3 Reachtaíocht a thabhairt isteach chun laghdú breise a dhéanamh ar an mbaol don fhiadhúlra mar thoradh ar úsáid nimheanna sa chomhshaol.
- 2.4 Reachtaíocht athbhreithnithe maidir le foraoiseacht a thabhairt isteach a thacóidh le héagsúlacht bhitheolaíoch foraoiseachta a chaomhnú, a chosaint agus a bhainistiú go hinbhuanaithe.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHÁÍ

- Líon na n-ionstraimí reachtacha thuas a tugadh isteach

CUSPÓIR 2: An bunachar eolais faoi chaomhnú, bainistiú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a mhéadú go suntasach

SPRIOC 3: Mar thoradh ar eolas faoi bithéagsúlacht agus faoi sheirbhísí éiceachórais tá ár gcumas le caomhnú, bainistíocht éifeachtach agus húsáid inbhuanaithe a chinntiú faoi 2016 méadaithe go mór

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 3.1 Feabhas a chur ar thaighde agus measúnachtaí a chur chun cinn ar stádas, ar threochtaí agus ar dháileadh na ngnáthóg agus na speiceas go léir a bhfuil spéis ag baint leo don Chomhphobal agus ar ghnáthóga agus speicis eile a bhfuil tábhacht náisiúnta agus réigiúnach ag baint leo.
- 3.2 Leanúint le nuashonrú a dhéanamh ar an mBunachar Fásra Náisiúnta agus úsáid a bhaint as chun Córas Aicmiúcháin Fásra Éireann mionchoigeartaithe a fhorbairt.
- 3.3 Grúpa oibre a bhunú faoi 2011 chun forbairt léarscáil náisiúnta gnáthóg talún agus muirí a thabhairt ar aghaidh faoi 2015.
- 3.4 Sraith táscairí bithéagsúlachta ceannlíne a ghlacadh agus a chur chun feidhme faoin mbliain 2012.
- 3.5 Comhchaighdeáin sonraí agus nósanna imeachta coiteanna um dhearbhu cáilíochta a bhunú agus leanúint dá gcur chun cinn de réir Threoir INSPIRE agus le caighdeáin sonraí eile chun comh-inoibritheacht bunachair sonraí agus fardail lárnacha bithéagsúlachta a chumasú faoi 2015.
- 3.6 Ar bhunús na gcaighdeán agus na nósanna imeachta sin, córas faisnéise roinnte a fhorbairt le haghaidh na bithéagsúlachta, lena gcuireann sonraí ar fáil do gach páirtí leasmhar, lena ndéantar tuairisciú a shruthlíniú agus lena dtacaítear le luacháil agus forbairt beartais ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus domhanda faoi 2015.
- 3.7 Tacaíocht agus spreagadh a chur ar fáil don líonra deonach a dhéanann taifeadadh bitheolaíochta.
- 3.8 Leanúint ar aghaidh le hobair an Ardáin Náisiúnta um Thaighde ar Bithéagsúlacht agus í a leathnú, faoi threoir ó mholtaí shainghrúpa oibre an Ardáin.
- 3.9 Taighde breise agus níos mionsonraithe a dhéanamh ar luach eacnamaíoch na n-éiceachóras agus na bithéagsúlachta in Éirinn.
- 3.10 Feabhas a chur ar fheasacht maidir leis na cúiseanna díreacha agus indíreacha is mó le cailteanas bithéagsúlachta; roghanna coiscthe agus maolaithe a fhorbairt agus a thástáil.
- 3.11 Leanúint ar aghaidh leis an gclár reatha de thaighde foraoise ar bithéagsúlacht fhoraoise, ar chuntasaíocht charbóin agus ar idirghníomhú athrú aeráide agus córais foraoise.
- 3.12 Leanúint ag aithint agus ag cruthú fardail d'acmhainní tábhachtacha géiniteacha le haghaidh bia agus talmhaíochta, in situ agus *ex situ* araon de réir mar is cuí, go háirithe na hacmhainní géiniteacha siúd atá i mbaol agus b'fhéidir nár aithníodh iad nó nach ndearnadh iad a chainníochtú go dtí seo.
- 3.13 Feabhas a chur ar an gcumas tógála agus cothabhála maidir leis na hacmhainní daonna, na córais agus an bonneagar a theastaíonn chun na heiseamail bhitheolaíochta atá mar bhunús d'eolas tacsanomaíoch a aithint, a fháil, a thiomsú agus coiméadaíocht a dhéanamh orthu.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon na Liostaí Dearga foilsithe
- Atlas Éan foilsithe
- Atlas Mamach foilsithe
- Líon na gnáthóg agus na speiceas dá bhfuil dea-shonraí ar fáil agus a rinneadh measúnachtaí stádais ina leith
- Córas Aicmiúcháin Fásra forbartha
- Caighdeáin sonraí feabhsaithe agus dearbhú cáilíochta i bhfeidhm
- Ardán Náisiúnta um Thaighde ar Bithéagsúlacht i mbun feidhme.
- Líon na gclár taighde agus na suirbhéanna leanúnacha maidir leis an mbithéagsúlacht
- Dóthain taighde déanta ar luach eacnamaíoch na bithéagsúlachta chun comhtháthú sa phróiseas cuntasáíochta de réir Ghníomh 1.12 a cheadú
- Cláir taighde foraoise ag leanúint ar aghaidh
- Líon na n-acmhainní géiniteacha faoi bhagairt a aithníodh
- Líon na ngrúpaí speicis dá bhfuil / nach bhfuil saineolas tacsanomaíoch leordhóthanach sa Stát

CUSPÓIR 3: Cur leis an bhfeasacht agus an meas ar sheirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais**SPRIOC 4: Tuiscint fheabhsaithe ag lucht déanta beartas, ag páirtithe leasmhara agus ag an bpobal i gcoitinne do luach na bithéagsúlachta agus na seirbhísí éiceachórais****GNÍOMHAÍOCHTAÍ**

- 4.1 Feabhas a chur ar oiliúint, ar chumarsáid, ar chomhoibriú agus ar ghníomhaíocht chomhbheartaithe idir na hearnálacha ábhartha mar thacaíocht do chaomhnú na bithéagsúlachta.
- 4.2 Oibriú le Ranna agus le páirtithe leasmhara ábhartha chun bithéagsúlacht agus earraí agus seirbhísí éiceachórais a chuimsiú i gcúrsaí ábhartha san oideachas dara agus tríú leibhéal.
- 4.3 Feachtas cumarsáide a fhorbairt agus a chur chun feidhme mar thacaíocht do chur chun feidhme iomlán an Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta agus tuiscint an phobail agus na hearnála maidir le luach na bithéagsúlachta a fheabhsú.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Leibhéal méadaithe feasachta poiblí maidir leis an mbithéagsúlacht agus le saincheistanna bainteacha i gcomparáid le blianta roimhe sin
- Líon na gcúrsaí a chuimsíonn bithéagsúlacht
- Líon na scoileanna sa chlár Scoileanna Glasa
- Líon na rannpháirtithe sa chatagóir 'Bitheolaíocht agus Éiceolaíocht' den chomórtas Eolaí Óg
- Líon na n-amas ar shuíomh Gréasáin Notice Nature
- Ballraíocht eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil

Féach freisin gníomhaíocht 1.2 thuas.

CUSPÓIR 4: Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú sa tuath níos leithne

SPRIOC CEANNLÍNE: Cailteanas bithéagsúlachta ar fud na tuaithe a laghdú faoin mbliain 2016 agus athshlánú suntasach a bheith le feiceáil faoin mbliain 2020.

SPRIOC 5: Úsáid deiseanna faoin mbeartas i leith talmhaíochta, forbartha tuaithe agus foraoiseachta a bharrfheabhsú chun cabhrú le bithéagsúlacht.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 5.1 Bearta a fhorbairt i bpleananna forbartha tuaithe na todhchaí chun seirbhísí éiceachórais agus an bhithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú.
- 5.2 Breis forbartha a dhéanamh ar chritéir chun talamh feirme ina bhfuil Ardluach Dúlra a aithint agus bearta a fhorbairt chun déileáil le bagairtí.
- 5.1 Cinntiú go ndéantar traschomhlíonadh, ceanglais reachtúla bainistíochta agus treoirlínte/ceanglais don tseirbhís foraoiseachta a chur chun feidhme go héifeachtach chun caomhnú na bithéagsúlachta a chinntiú.
- 5.4 Próiseas córasach measúnaithe a stiúradh le haghaidh gach scéim agra-chomhshaoil a sheachadtar, agus clár daingean monatóireachta éiceolaíoch mar chuid de.
- 5.5 Athbhreithniú a dhéanamh ar rialú ró-innilte agus tearc-innilte.
- 5.6 Leanúint ar aghaidh leis an gClár um Fheirmeoireacht Chaomhnaithe i mBoirinn.
- 5.7 Leanúint ar aghaidh ag cur Scéim na Coillearnaí Dúchasáí chun cinn, a bhfuil gnéithe bunaithe agus caomhnaithe ag baint leis an scéim seo atá dírithe ar fhorbairt agus ar chaomhnú na gcoillearnach dúchasach a spreagadh.
- 5.8 Measúnú a dhéanamh ar roghanna malartacha maidir le bainistíocht foraoiseachta a mheas, a bhfuil sé mar aidhm acu go leor tairbhí breise bithéagsúlachta a sheachadadh, agus treoir a fhorbairt ina leith.
- 5.9 Bearta a neartú a chinnteoidh caomhnú na héagsúlachta géinití de chineálacha barr, póirthe agus cineálacha beostoic, agus speiceas crann tráchtála, agus a chinnteoidh a n infhaighteacht chun úsáide, mar aon lena gcaomhnú *in situ* a chur chun cinn go háirithe.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHÁÍ

- Líon agus éifeachtúlacht na mbeart arna bhforbairt sa Phlean Forbraíochta Tuaithe Náisiúnta chun seirbhísí éiceachórais agus an bhithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú
- Córas éifeachtach i bhfeidhm maidir le Talamh Feirme a bhfuil Ardluach Dúlra ag baint leis a aithint agus a chothú
- Rátaí comhlíonta maidir le Riachtanais Bainistíochta Reachtúla, agus Riachtanais/Treoirlínte Foraoiseachta
- Méid an athshlánaithe ó ró-innilte agus innilt neamhleor a léirítear
- Limistéar clúdaithe ag Scéim na Coillearnaí Dúchasáí
- Líon na gcineálacha barr, póirthe agus cineálacha beostoic, agus speiceas crann tráchtála a chaomhnaítear
- Líon agus réimse na scéimeanna pleananna feirme de chuid an NPWS

SPRIOC 6: Go laghdófaí na príomhbhrúnna truailléain ar bhithéagsúlacht talún agus fionnuisce go suntasach faoi 2015

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 6.1 Cinntiú go gcuirtear cláir monatóireachta oibriúcháin chun feidhme, go bhfoilsítear Pleananna Bainistíochta Abhantraí agus go mbunaítear Cláir Beart um Cheantair Abhantraí agus go gcuirtear i bhfeidhm iad, de réir fhorálacha na Creat-treorach Uisce.
- 6.2 Leanúint leis an infheistíocht i gClár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce, agus a chinntiú go ndéantar saincheisteanna bithéagsúlachta a mheas sa chlár.
- 6.3 Laghdú suntasach a dhéanamh ar mhéid an truaillithe in éiceachórais talún agus fionnuisce trí Straitéisí Téamacha agus Treoracha ábhartha ón AE (m.sh. an Chreat-treoir Uisce, Úsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí agus Níotráití) a chur chun feidhme.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon na ngnáthóg agus na speiceas a bhfuil tionchar ag an truailliú orthu
- Stádas na bhfionnuiscí mar a thuairiscíonn an GCC
- Líon na scéimeanna a fheabhsaíonn caighdeán an uisce a cuireadh i gcrích faoi Chlár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce

SPRIOC 7: Buntáistí barrfheabhsaithe a bhaint amach do bhithéagsúlacht i bPleanáil Bainistíochta Riosca de bharr Tuilte.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 7.1 Cuspóirí chun cailteanas bithéagsúlachta agus díghrádú seirbhísí éiceachórais a íoslaghdú, agus gnóthachain bhithéagsúlachta a bharrfheabhsú a ionchorprú i bpleananna bainistíochta riosca de bharr tuilte.
- 7.2 Leanúint lena chinntiú i gcás na draenála móire go léir a dhéantar, lena n-áirítear draenáil thosaigh agus draenáil chothabhála, go ndéantar measúnú ar a cuid impleachtaí ó thaobh na bithéagsúlachta agus na mbogach go háirithe.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Fairsinge na tuilemhánna ar aithníodh iad i gcomhair cothaithe nó athchóireála i bPleananna Bainistíochta maidir le Faoiseamh ó Thuilte
- Limistéar tuilemhánna athchóirithe
- Gnóthachan bithéagsúlachta ó oibreacha feabhsúcháin abhann

SPRIOC 8: Srian ar speicis choimhthíocha ionracha dhíobhálacha agus riosca laghdaithe maidir le scaipeadh speiceas nua

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 8.1 Measúnuithe riosca sonracha maidir le speicis agus le conairí a ullmhú faoi 2011 agus pleananna eisiata nó teagmhasacha a ullmhú le haghaidh conairí tosaíochta agus speicis ardtionchair a bhfuil baol mór ann go dtiocfaidh siad isteach sa tír.
- 8.2 Leanúint ar aghaidh le bearta chun speicis choimhthíocha ionracha a dhíbirt, nuair is féidir, a shrianadh agus a rialú, agus na bearta sin a fheabhsú.
- 8.3 Féachaint ar na roghanna mearfheagartha nuair a aimsítear speiceas ionrach nua.
- 8.4 Feasacht a mhéadú laistigh de na tionscail gairneoireachta agus bogaigh thógtha maidir le roghanna dúchasacha is féidir a úsáid in áit speiceas coimhthíoch ionrach.
- 8.5 Déanfaidh gach comhlacht poiblí a ndícheall speicis, cineálacha agus póirthe dúchasacha a úsáid, agus molfar don phobal an rud céanna a dhéanamh.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon na measúnachtaí riosca a forbraíodh
- Líon na speiceas a díothaíodh, a coinníodh agus a srianadh

SPRIOC 9: Bainistíocht éifeachtach ar fhálta sceach agus scrobarnach a chinntiú faoi 2016**GNÍOMHAÍOCHTAÍ**

- 9.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar roghanna maidir le rialú baint agus/nó bainistiú fál sceach agus scrobarnach.
- 9.2 Táirgeadh treoir-dhoiciméad maidir le scrobarnach agus fál sceach.
- 9.3 Leanfaidh údarais áitiúla ag déanamh suirbhéanna ar fhál sceach.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Athbhreithniú agus leasú déanta ar rialacháin de réir mar is cuí
- Treoir-dhoiciméid eisithe
- Roinnt suirbhéanna foilsithe

SPRIOC 10: Gnéithe bithéagsúlachta a athshlánú nó a athchóiriú go leanúnach**GNÍOMHAÍOCHTAÍ**

- 10.1 Limistéir a bhfuil luach ard bithéagsúlachta acu, nó baill the bithéagsúlachta, a aithint laistigh de thailte Bhord na Móna faoi 2015.
- 10.2 Leanúint le suirbhéanna éiceolaíocha, léarscáileanna gnáthóg agus pleananna athshlánaithe a ullmhú do gach limistéar portaigh Bhord na Móna.
- 10.3 Leanúint ag forbairt líonra de limistéir bithéagsúlachta taobh istigh de láithreáin Bhord na Móna.
- 10.4 Leanúint ar aghaidh leis an gclár chun éin chreiche mhóra a thabhairt isteach athuair.
- 10.5 Sprioc plandála bliantúil chun 30% de chrainn leathanduilleacha a chothú i bhforaoisiú.
- 10.6 Leanúint le nuashonrú a dhéanamh ar fhardal na gcoillearnach dúchasach, athbhreithniú a dhéanamh air agus, nuair is cuí, torthaí Suirbhé na Coillearnaí Dúchasaí a chorprú i gcaomhnú agus i leathnú an chláir coillearnaí dúchasaí.
- 10.7 Cláir athchóirithe a fhorbairt, a ghlacadh agus a chun chun feidhme maidir leis an mbradán, leis an mbreac geal agus leis an eascann.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon na léarscáileanna gnáthóga agus pleananna athshlánaithe do gach limistéar portaigh Bhord na Móna
- Líon na n-iolar agus na gcúr póraithe
- Limistéar foraoisithe ag speicis dhúchasacha
- Stádas an bhradáin, an bhric, na heascainne, na loimpre, na seide, an pholláin agus an ruabhric

SPRIOC 11: Feabhas ar fhorfheidhmiú an Dlí um Fhiadhúlra**GNÍOMHAÍOCHTAÍ**

- 11.1 Feabhas a chur ar ról an Gharda Síochána agus na nOifigeach Custaim maidir le Reachtaíocht i leith an Fhiadhúlra a fhorfheidhmiú trí oiliúint agus trí threoir shonrach a sholáthar, i measc gníomhaíochtaí eile.
- 11.2 Cinntiú go gcuirtear dóthain oiliúna faoi bhrath agus faoi fhorfheidhmiú maidir le Coireacht Fíadhúlra ar fáil do na baill foirne forfheidhmithe go léir sa NPWS.
- 11.3 Déanfaidh foireann fhorfheidhmithe an NPWS, i dteannta leis an nGarda Síochána agus oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim (Custaim), iniúchadh (mar is cuí) ar choireacht amhrasta agus líomhanta maidir leis an bhfiadhúlra a théann i bhfeidhm ar an mbithéagsúlacht.
- 11.4 Leanúint ag cur na Rialachán agus na hAchtanna um Fhiadhúlra chun feidhme.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon na n-ionchúiseamh maidir le cionta faoin Dlí um Fhiadhúlra

SPRIOC 12: Monatóireacht a bheith i bhfeidhm le sreabhadh leordhóthanach sonraí a sholáthar chun tuairisciú a dhéanamh maidir le bithéagsúlacht faoin mbliain 2016**GNÍOMHAÍOCHTAÍ**

- 12.1 Úsáid a bhaint as uirlisí, modhanna cur chuige agus creataí monatóireachta, agus forbairt a dhéanamh orthu, chun sreabhadh sonraí comhchuibhithe leordhóthanach a bhunú agus a chomhordú do na táscairí bithéagsúlachta chun treochtaí lárnacha a léiriú.
- 12.2 Monatóireacht a dhéanamh ar stádas caomhnaithe gnáthóg agus speiceas na Treorach maidir le Gnáthóga.
- 12.3 Monatóireacht a dhéanamh ar stádas na speiceas agus na ngrúpaí speiceas atá liostaithe sa Treoir maidir le hÉin.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon na gclár monatóireachta atá i bhfeidhm
- Líon na dtáscairí le sonraí ar ardchaighdeán

CUSPÓIR 5: Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú sa timpeallacht mhuirí

SPRIOC CEANNLÍNE: Cailteanas bithéagsúlachta ar fud an chomhshaoil mhara a laghdú faoi 2016, agus athshlánú suntasach á léiriú faoi 2020.

SPRIOC 13: Dul chun cinn suntasach a dhéanamh i dtreo “dea-stádas éiceolaíoch” uiscí muirí thar thréimhse an Phlean

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

13.1 Plean spásúlachta mara a fhorbairt d’Éirinn.

13.2 Clár bearta a aithint faoin mbliain 2015 atá deartha chun dea-stádas comhshaoil a bhaint amach, mar is gá faoin gCreat-Treoir Uisce agus faoin Treoir um Chreat Straitéise Muirí agus ag teacht le Coinbhinsiún OSPAR.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Plean spásúlachta mara a fhoilsiú
- Clár de bhearta a fhoilsiú chun dea stádas comhshaoil a bhaint amach

SPRIOC 14: Leibhéil stoic iasc a chothú nó a thabhairt ar ais chuig leibhéil ar féidir leo uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh, tráth nach déanaí ná 2015 nuair is féidir

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

14.1 Leanúint leis an iarracht le cinntiú go ndéanann an Comhbheartas lascaireachta agus iascaigh mhara foráil do chaomhnú speicis éisc agus na bithéagsúlachta mara go ginearálta agus glacadh le cur chuige éiceachórais maidir le bainistíocht iascaigh.

14.2 Leanúint le bearta náisiúnta agus iad a chur i gcrích chun taighde a dhéanamh ar an drochthionchar atá ag iascaigh mhuirí, ag dobarshaothrú srl. ar an mbithéagsúlacht agus chun é a laghdú, taobh istigh de limistéir Natura 2000 go háirithe.

14.3 Pleananna aisghabhála stoic a réiteach agus a chur chun feidhme chomh luath is a theastaíonn siad d’aon stoic atá taobh amuigh de leibhéil shábháilte bhitheolaíocha, agus pleananna bainistíochta chun stoic eile a chothú ag leibhéil shábháilte bhitheolaíocha arna gcinneadh ag na caighdeáin do Dhea-Stádas Comhshaoil sa Treoir um Chreat Straitéise Muirí.

14.4 Acmhainn iascaigh a choigeartú chun an chothromaíocht idir acmhainn iascaigh agus na stoic éisc atá ar fáil a fheabhsú.

14.5 Glacadh le forálacha faoin gComhbheartas lascaireachta chun limistéir gan iascaireacht a bhunú a chaomhnóidh an bhithéagsúlacht agus leibhéil stoic éisc, agus na forálacha sin a chur chun feidhme.

14.6 Dul i mbun gníomhaíochta comhbheartaithe chun dul i ngleic le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuaiscithé agus neamhrialáilte.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Comhtháthú déanta ar bhearta caomhnaithe éifeachtacha i mbeartais
- Líon na speiceas atá á n-iascach go inbhuanaithe nó nach bhfuil
- Líon na n ionchúiseamh maidir le hiascaireacht neamhdhleathach

CUSPÓIR 6: Bainistiú limistéar faoi chosaint agus speiceas atá cosanta faoin dlí a leathnú agus a fheabhsú

SPRIOC CEANNLÍNE: Stop a chur le cailteanas bithéagsúlachta na ngnáthóg agus na speiceas cosanta faoi 2016.

SPRIOC 15: Go ndéanfaí Líonra Natura 2000 a bhunú, a chosaint, agus a shainiú faoi 2012 (faoi 2014 le haghaidh Limistéir mhara faoi Chosaint Speisialta) agus faoi bhainistíocht éifeachtach caomhnaithe faoi 2016

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 15.1 An próiseas a chur i gcrích chun Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta a shainiú, go háirithe le haghaidh Limistéir Chaomhantais Speisialta mhara agus amach ón gcósta faoi 2012 agus le haghaidh Limistéir mhara faoi Chosaint Speisialta faoi 2014.
- 15.2 Cuspóirí caomhnaithe sonracha do láithreáin, comhairle agus / nó pleananna bainistíochta a ullmhú agus a chur chun feidhme ar láithreáin Natura 2000, Anaclanna Dúlra agus Páirceanna Náisiúnta i gcomhairle leis na húinéirí talún atá i gceist agus leis an bpobal de réir mar is cuí.
- 15.3 Oibriú le Coimisiún an AE chun a chinntiú go n-úsáidtear uirlisí maoinithe an Chomhphobail chun dóthain maoinithe le haghaidh Natura 2000 a chinntiú; tosaíochtaí náisiúnta um chomhchistiú a aithint; cistí (náisiúnta agus Comhphobail) a íoc amach le tairbhíthe; monatóireacht a dhéanamh ar chostéifeachtacht gníomhaíochtaí a mhaoinítear (ó thaobh torthaí bithéagsúlachta); iniúchadh a dhéanamh ar chaiteachas.
- 15.4 Cinntiú go soláthraítear le scéimeanna agra-chomhshaoil saintreoracha spriocdhíríte agus costáilte a chuirfidh le stádas caomhnaithe fabhrach i suíomhanna sainithe a ndéantar feirmeoireacht orthu.
- 15.5 An scéim plean feirme NPWS reatha a choimeád agus féachaint ar roghanna maidir leis an mbealach is éifeachtúla chun bearta spriocdhíríte a sheachadadh i láithreáin Natura 2000 agus i Limistéir Oidhreachta Nádúrtha.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon agus réimse na Limistéir Caomhantais Speisialta agus na Limistéir faoi Chosaint Speisialta atá fós le hainmniú
- Líon na limistéar dá bhfuil pleananna bainistíochta ullmhaithe
- Líon na gcuspóirí caomhnaithe láithreáin (a) réitithe agus (b) bainte amach
- Méid an mhaoinithe a cuireadh ar fáil do líonra Natura 2000

SPRIOC 16: Feabhas suntasach a chur ar leordhóthain, comhchuibheas, comhcheangailteacht agus athléimneacht líonra na limistéar faoi chosaint faoi 2016 agus feabhas eile a chur orthu faoi 2020

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 16.1 Athbhreithniú a dhéanamh faoi 2015 ar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha a beartaíodh roimhe agus iad a shainiú mar is cuí faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000.
- 16.2 Comhchuibheas, comhcheangailteacht agus athléimneacht (lena n-áirítear athléimneacht maidir le hathrú aeráide) líonra na limistéar faoi chosaint a neartú faoi 2015 trí uirlisí a úsáid, de réir mar is cuí. D'fhéadfadh bealaí eitilte, creasa maolánacha, dorchaí agus clocha cora a bheith i measc na n-uirlisí seo.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon agus réimse na Limistéir Oidhreachta Nádúrtha ainmnithe
- Líon agus réimse na suíomhanna a chomhlíonann critéir na Limistéir Oidhreachta Nádúrtha ach nach bhfuil ainmnithe
- Innéacs ilroinnte²

² Tomhas ar an méid a bhfuil gnáthóg ilroinnte, nó briste suas, ar scála tírdhreacha. Cuireann blaghadh srian ar ghluaiseacht agus ar mhalartú géiniteach speiceas, agus d'fhéadfadh cailteanas gnáthóg a bheith mar thoradh ar bhloghadh fhorleathan ar deireadh.

SPRIOC 17: Ní rachaidh stádas caomhnaithe na ngnáthóg ná na speiceas faoi chosaint chun donais faoi 2016; beidh stádas caomhnaithe fabhrach ag an gcuid is mó de ghnáthóga nó speicis, nó beidh siad ag bogadh ina threo sin, faoi 2020

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 17.1 Cinneadh an Rialtais maidir le deireadh a chur le baint móna ar phortaigh ardaithe agus cur le chéile straitéis um thalamh portaigh a fhorfheidhmiú.
- 17.2 Pleananna gníomhaíochta nó bainistíochta reatha maidir le speicis a chur chun feidhme faoi 2015 le haghaidh speiceas atá faoi bhagairt agus iad a athbhreithniú agus a nuashonrú mar is gá; pleananna gníomhaíochta nó bainistíochta breise maidir le speicis a mhionléiriú nó a chur chun feidhme le haghaidh raon níos leithne de speicis faoi bhagairt; monatóireacht ar chur chun feidhme agus ar éifeachtacht pleananna a chinntiú.
- 17.3 Bunaithe ar na Dréachtphleananna gníomhaíochta arna bhforbairt ag Cairde Éanlaith Éireann, sraith bearta comhaontaithe a aithint agus a chur chun feidhme chun catagóirí speicis éan atá i mbaol a chosaint ar fud na tuaithe. Seachadfar é sin trí rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha go léir, sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha.
- 17.4 Leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme beart chun feabhas a chur ar stádas gnáthóg nó speiceas a measadh mar “go dona” i dtuarascáil 2007 chuig an AE faoi stádas gnáthóg agus speiceas faoi chosaint, lena mbaineann pleananna gníomhaíochta maidir le gnáthóga más gá, agus clár iomlán tosaíochta oibre a bheith i bhfeidhm faoi 2015.
- 17.5 Treoirlínte a sholáthar agus a chur chun feidhme le haghaidh údaráis áitiúla agus comhlachtaí pleanála eile maidir le speicis atá liostaithe in Aguisín IV den Treoir maidir le Gnáthóga a chosaint
- 17.6 Bearnáí géarchéimneacha i gcláir chaomhnaithe ex situ le haghaidh speicis fhiáine a aithint agus a líonadh faoi 2012, de réir dea-chleachtais.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon na ngnáthóg agus na speiceas a bhfuil stádas glas, ómra nó dearg acu
- Líon na ngnáthóg agus na speiceas ar tháinig feabhas ar a stádas ón timthriall deiridh
- Líon na speiceas faoi chosaint i gcaomhnú *ex situ*

CUSPÓIR 7: Neartú suntasach a dhéanamh ar éifeachtacht an rialachais idirnáisiúnta maidir leis an mbithéagsúlacht agus le seirbhísí éiceachórais

SPRIOC 18: Tacaíocht leis an mbithéagsúlacht agus le seirbhísí éiceachórais a neartú go suntasach i gcabhair sheachtrach.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 18.1 Beidh an bithéagsúlacht mar chomhábhar de chlár comhoibrthe forbartha na hÉireann; agus cuirfear éagsúlacht bhitheolaíoch san áireamh i dtacaíocht do thíortha i mbéal forbartha agus sa chomhoibriú leo trí chun chun feidhme CBD.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Dul chun cinn maidir le comhtháthú na bithéagsúlachta i gclár comhoibrthe forbartha

SPRIOC 19: Tuilleadh a chur le rialachas idirnáisiúnta maidir leis an mbithéagsúlacht agus le seirbhísí éiceachórais

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 19.1 Déanfar seirbhísí ar chomhaontuithe idirnáisiúnta chun a chinntiú go bhfuil ról ag Éirinn i dtodhchaí na mbeartas bithéagsúlachta idirnáisiúnta, go háirithe i réimse phríomhshruthú na bithéagsúlachta agus na seirbhísí éiceachórais thar gach earnáil.
- 19.2 Ullmhú chun an Prótacal maidir le Rochtain ar Acmhainní Géiniteacha agus Roinnt Chóir agus Chothrom na dTairbhí (ABS) a dhaingniú, agus straitéis náisiúnta a chur chun feidhme má tharlaíonn an daingniú.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Leibhéal na hidirghníomhaíochta le cruinnithe, coistí agus comhaontuithe idirnáisiúnta
- Straitéis Náisiúnta maidir le Rochtain agus Tairbhí a Roinnt glactha

SPRIOC 20: Comhoibriú breise le Tuisceart Éireann maidir le saincheisteanna comhchoiteanna

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 20.1 Cumarsáid leanúnach agus gníomhú comhchuibhithe i gcás saincheisteanna atá ina n-údar imní dóibh araon.
- 20.2 Straitéis maidir le Speicis Choimhthíocha Ionracha a tháirgeadh i gcomhar le Tuisceart Éireann chun comhchuibhiú an chreata beartais a fheabhsú.
- 20.3 Comhoibriú agus comhordú breise ar ghníomhaíochtaí ábhartha (m.sh. Pleananna Uile-Oileáin um Speicis a Chosaint, suirbhéanna agus monatóireacht ar speicis agus ar ghnáthóga, srl.)

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Straitéis ar Speicis Choimhthíocha Ionracha foilsithe agus dul chun cinn déanta maidir le cur chun feidhme na straitéise
- Pleananna um speicis a chosaint curtha chun feidhme agus athbhreithniú déanta orthu

SPRIOC 21: Tionchar na trádála Éireannacha ar an mbithéagsúlacht dhomhanda agus ar sheirbhísí éiceachórais a laghdú go suntasach

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- 21.1 Mór-thionchair na trádála ar an mbithéagsúlacht a aithint agus glacadh le bearta chun na tionchair sin a laghdú go suntasach (i gcás tionchair dhiúltacha) agus/nó a neartú (i gcás tionchair dhearfacha) (féach freisin gníomhaíocht 1.13).
- 21.2 Cinntiú go gcuirtear Rialacháin CITES i bhfeidhm agus go forghníomhaítear go leordhóthanach iad.
- 21.3 Anailís a dhéanamh ar roghanna i gcomhair breis reachtaíochta chun allmhairiú adhmaid a baineadh go mídhleathach a rialú. Malartú dea-chleachtas i mbeartais soláthar san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, ina dtugtar tús áite do tháirgí adhmaid ó fhoinsí inbhuanaithe lena n-áirítear táirgí adhmaid indeimhnithe, a éascú.
- 21.4 Allmhairithe neamh-adhmaid a chuireann an dífhoraíocht chun cinn a aithint agus féachaint ar éifeachtúlacht aon bhearta féideartha chun an dífhoraíocht seo a chosc, a íoslaghdú agus/nó a mhaolú.
- 21.5 Bearta atá dírithe ar thionchar lorg éiceolaíoch na hÉireann ar bhithéagsúlacht a laghdú go suntasach a aithint agus a chur chun feidhme.

TÁSCAIRÍ AGUS TORTHAÍ

- Líon agus tábhacht thionchair na trádála ar an mbithéagsúlacht a aithníodh
- Líon agus éifeachtacht na mbeart lenar glacadh chun tionchar na trádála ar an mbithéagsúlacht a laghdú nó a fheabhsú
- Meastacháin de tháirgí adhmaid, ar baineadh an t adhmaid go neamhdhleathach, a allmhairíodh
- Laghdú ar líon na dtáirgí neamh-adhmaid a allmhairíodh lena gcuirtear an dífhoraísiú chun cinn.